An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Tuarascáil Bhliantúil 2017

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

EUROPEAN UNION
Investing in your future
European Social Fund

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Arna foilsiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 RC96
© An Roinn Oideachais agus Scileanna 2018

Clár Ábhar

Réamhrá leis an Aire i
Ráiteas ón Ard-Rúnaí iv
Forbhreathnú ar an mbliain 1
Breisoideachas agus Oiliúint Forbairt Ghairmiúil 2
Eolas agus Sonraí Corparáide Ginearálta 3
Ár bhFís 3
Ár gCuid Luachanna 3
Ár gcuid Spriocanna 3
Ag Tacú leis an bPróiseas Parlaiminte 2011-2017 4
Seirbhísí Faisnéise 2011-2017 4
Clár Cigireachta Bliantúil i Scoileanna agus Lárionaid Oideachais 2017 4
Tábla na bPrasíocaíochtaí in 2017 6
Ídiú agus Caiteachais Fuinnimh in 2017 7
Dualgas na hEarnála Poiblí 7
Dul chun cinn ar ár gcuid Spriocanna Ardleibhéil in 2017 8
Sprioc 1 - Feabhas a chur ar an eispéireas foghlama agus rath na bhfoghlaimeoirí 8
1.1 Curaclam Bunscoile agus Forbairtí 9
1.2 An Curaclam ag an Leibhéal Iarbhunscoile 9
1.3 Straitéisí agus Cláir chun tacú le hathchóiriú curaclaim 10
1.3.1 STEM 10
1.3.2 Teangacha iasachta 10
1.3.3 Straitéis Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020. 11
1.3.4 Suirbhé ar Scileanna Beatha 11
1.3.5 Cairt faoi na hEalaíona san Oideachas 11
1.3.6 An Ghaeilge 11
1.4 Seirbhísí Treorach 11
1.5 Comhar idirnáisiúnta 12
1.6 Folláine, Bulaíocht agus Meabhairshláinte i Scoileanna 12
1.6.1 Athbhreithniú ar Fholláine 12
1.6.2 Treoirlínte 12
1.6.3 Forbairt ghairmiúil 12
1.7 An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 13
1.8 An Chreatlach Foghlama Digití 13
1.9 Bonneagar TFC i Scoileanna 14
1.10 Leithdháiltí múinteoirí 14
1.11 Achomhairc faoi Alt 29 14
1.12 Straitéis 20 Bliain na Gaeilge 14
1.13 An Beartas um Oideachas Gaeltachta 2017-2022 14
1.14 An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) 15
1.15 Measúnú ar an gclár Iar-Ardteistiméireachta 15
1.16 An Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna le Cuidiú Teicneolaíochta 15
1.17 TFC san Ardoideachas 15
Sprioc 2 - Feabhas a chur ar dhul chun cinn foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais nó foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu 16

2.1 Rochtain agus Cuimsiú i Suímh Luathóige 17
2.1.1 Tús Luath 17
2.1.2 Tionscadal Réamhscoile Sráid Rutland 17
2.2 Tacú le Cuimsiú agus Éagsúlacht 17
2.3 Cothromas Rochtana ar Ardoideachas 18
2.3.1 An Clár Rochtana ar Ardoideachas (PATH) 18
2.3.2 Ciste do Mhicléinn faoi Mhíchumas 18
2.3.3 An Ciste Cúnaimh do Mhicléinn 18
2.3.4 Tuismitheoirí Aonair 19
2.4 Deontais do Mhic Léinn 19
2.5 Bord Achomhairc um Dheontais do Mhicléinn 19
2.6 Scoláireachtaí agus Scéim Sparánachta 19
2.7 Rochtain ar Bhreisoideachas agus Oiliúint do Ghrúpaí faoi Mhíbhuntáiste 19
2.8 DEIS 2017 20
2.9 Riachtanais Oideachais Speisialta 20
2.9.1 Ag freastal ar Scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta 20
2.9.2 Tacaíochtaí Dírithe arna soláthar do scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta i Scoileanna Príomhshrutha agus i Scoileanna Speisialta 21
2.9.3 An tSamhail nua chun múinteoirí oideachais speisialta a leithdháileadh ar scoileanna 21
2.9.4 Scoileanna Speisialta 22
2.9.5 Ranganna Speisialta 22
2.9.6 Scéim na gCúntóirí Riachtanais Speisialta 22
2.9.7 An Scéim Teicneolaíochta Cúnta 22
2.9.8 Teanga Chomharthaíochta na hÉireann 23
2.9.9 Scéim Teagaisc Bhaile Oideachais Speisialta 23
2.9.10 Clár Oideachais Mhí Iúil 23
2.9.11 Lárionad Middletown don Uathachas 23
2.9.12 Comhairliúchán ar an Oideachas do Dhaoine ag a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta (Acht EPSEN) 24
2.9.13 Seirbhís Urlabhra agus Teanga In-scoile 24
2.9.14 Seirbhísí Tacaíochta na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) 24
2.9.15 Athbhreithniú cuimsitheach ar Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS) 25
2.9.16 Aonaid Ardtacaíochta, Aonaid Sainchúraim agus Ionaid Choinneála do Leanaí 25
2.10 Tacaíochtaí Síceolaíochta 25
2.11 Seirbhísí Iompair do Scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta 26
2.12 An Ciste Sármhaitheasa Scoile 26
Sprioc 3- Cabhrú leo siúd a thugann seirbhísí oideachais feabhas a chur orthu féin go leanúnach 27
3.1 Cáilíocht in Oideachas Luathóige 27
3.1.1 Síolta/Aistear 28
3.2 Cigireachtaí Oideachas Luathóige 29
3.3 Soláthar Múinteoirí 29
3.3.1 Oiriúnacht chun Múineadh 30
3.4 Oideachas Múinteoirí 30
3.4.1 Iontráil chuig Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí 30
3.4.2 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) 31

3.4.3 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach - Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí 31
3.5 Ceannaireacht Scoile 31
3.5.1 Lárionad do Cheannaireacht Scoile 31
3.5.2 Poist Fhreagrachta 32
3.6 Féinmharú a Chosc 32
3.7 Curaclaim Ghaeilge - 32
3.8 Cigireachtaí ar Cháilíocht 32
3.8.1 Samhailtí nua Cigireachta 32
3.8.2 Cigireacht ar chúrsaí Gaeilge i gColáistí Gaeilge 32
3.8.3 Féinmheastóireacht scoile san áireamh 33
3.9 Forbairt Ghairmiúil le haghaidh Breisoideachais agus Oiliúna 33
3.10 SDOG/Sainoiliúint Scileanna agus Ógtheagmháil 33
3.11 Cosaint Leanaí 33
Sprioc 4 - Droichid níos láidre a thógáil idir oideachas agus an pobal i gcoitinne 34
4.1 Úsáid Foirgnimh Scoile 34
4.2 Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí 35
4.3 Pátrúnacht Scoile 35
4.4 Ligean Isteach i Scoileanna 35
4.5 Forbairt Scileanna 36
4.5.1 Straitéis Náisiúnta Scileanna 36
4.5.2 Comhairle Náisiúnta Scileanna 36
4.5.3 Fóraim Réigiúnacha Scileanna 36
4.5.4 An Uirlis Iniúchóireachta do Scileanna le haghaidh Fáis 36
4.5.5 Lingchlár+ 37
4.5.6 Printíseachtaí 37
4.5.7 Fóram Náisiúnta Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna 38
4.6 Óige Chruthaitheach 38
4.7 Oideachas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe 38
4.8 Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta 38
4.9 Erasmus+ 39
4.10 Aitheantas ar Réamhfhoghlaim 39
4.11 Liosta eatramhach de Sholáthraithe Incháilithe 39
4.12 An Bille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Leasú) 40
Sprioc 5 - Feabhas a chur ar sheirbhísí náisiúnta pleanála agus tacaíochta 41
5.1 Plean Gníomhaíochta don Oideachas (2016-2019) 42
5.2 Clár Athchóirithe na hEarnála Poiblí 42
5.2.1 Cur i ngníomh Seirbhísí Roinnte 42
5.2.2 Bord Cláir BOO/SOLAS 43
5.3 An Straitéis Sonraí 44
5.4 An Chreatlach Bhreisoideachais agus Oiliúna 44
5.5 Maoiniú Ardoideachais 44
5.6 Ciste Náisiúnta Oiliúna 45
5.7 Párolla agus Pinsin 45
5.8 Clár Tógála 2017 45
5.8.1 An Scéim um Chóiríocht Bhreise 45
5.8.2 Oibreacha Samhraidh agus Scéim na nOibreacha Éigeandála 46
5.8.3 Ceannach Réadmhaoine 46

5.8.4 Modheolaíochtaí Éagsúla a úsáid chun Tograí móra a Fhoirgniú 46
5.8.5 Meamram Tuisceana le hÚdaráis Áitiúla 46
5.8.6 Eolas faoin Suíomh Gréasáin 46
5.8.7 Tionscadail Chaipitil Ardoideachais 46
5.8.8 Éifeachtacht Fuinnimh i Scoileanna 46
5.9 Forbairtí TFC sa ROS 47
5.9.1 Bunachar Sonraí Bunscoile Ar Líne 47
5.9.2 Bunachar Sonraí Iarbhunscoile Ar Líne 47
5.9.3 Próifílí Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí a Ghiniúint 47
5.9.4 ríomhAighneachtaí 48
5.10 Iompar Scoile 48
5.11 Brexit 48
5.12 An Ciste Eorpach um Dhomhandú 48
5.13 Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus Clár Oibriúcháin 49
5.14 Caiteachas na Roinne 49
5.15 Iniúchadh Inmheánach / Rialú Airgeadais Chiste Shóisialta na hEorpa 50
5.16 Dul i ngleic le Drochúsáid san Am atá Thart 50
Aguisín A – Príomhtháscairí dul chun cinn agus ratha an Phlean Ghníomhaíochta don Oideachas 2017 52
Aguisín B – Cairt na hEagraíochta – Nollaig 2017 66
Aguisín C - Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne 67
Aguisín D - Naisc Dhíreacha chuig ár Suíomh Gréasáin www.education.ie 68

Réamhrá leis an Aire

Ba í an bhliain seo caite, 2017, an chéad bhliain iomlán ina raibh ár bPlean Gníomhaíochta don Oideachas, an plean atá againn chun an córas oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip a dhéanamh de chóras na hÉireann faoi 2026, á chur i bhfeidhm againn.

Sa tuarascáil bhliantúil seo dírítear aird ar an dul chun cinn suntasach a rinneadh in 2017 chun an sprioc ard seo a bhaint amach.

Tá leanaí na hÉireann atá in aois deich mbliana ar an dream is fearr i measc tíortha an Aontais Eorpaigh ó thaobh scileanna léitheoireachta agus mata de. Tá an t-ádh linn anseo in Éirinn go bhfuil múinteoirí agus ceannairí scoile den chéad scoth againn agus tá an buíochas ar fad ag dul dóibh as a dtiomantas agus an obair chrua atá á déanamh acu.

Tá bailiú nirt feicthe againn go deimhin ar an mbeartas ar mhaithe le Folláine, Teangacha Iasachta agus STEM. Cuireadh tús le feidhmiú céimneach an Chlár Folláine sa tSraith Shóisearach i mí Mheán Fómhair 2017 do gach scoláire na sraithe sóisearaí. Ní mór dúinn athléimneacht agus scileanna chun deacrachtaí a shárú a chur inár gcuid scoláirí. Cabhróidh an clár seo leis na daoine óga na scileanna seo a fhorbairt.

Mar thoradh ar Brexit agus an tábhacht atá le tíortha nach labhraítear Béarla iontu i gcoitinne ní mór do thíortha a labhraítear Béarla iontu cosúil linn féin, díriú isteach as an úr ar theangacha iasachta chun barr feabhais a bhaint amach i saol na linne seo. Sa chomhthéacs seo sheolamar Straitéis nua do Theangacha Iasachta san Oideachas a bhfuil mar sprioc aici cur le líon na leanaí a thugann faoi theanga iasachta agus chun réimse agus doimhne an staidéar teanga san Oideachas a fhairsingiú.

Tá réabhlóid theicneolaíochta dhomhanda ar siúl. Má theastaíonn uainn go mbeadh Éire ar thús cadhnaíochta san athrú ón mbonn aníos seo ní mór dúinn a bheith chun tosaigh i dtaobh cumas STEM a chothú, a fhorbairt agus a chur chun úsáide. Sheolamar an Straitéis Oideachais STEM chun aghaidh a thabhairt ar an mear-athrú seo atá ag teacht ar an domhan, chun oiriúnú dó agus chun an t-oideachas STEM is fearr san Eoraip a chur ar fáil sa tír seo. Sa phlean seo tá bearta spriocdhírithe chun líon na mban i STEM a mhéadú chomh maith le huas-sciliú do mhúinteoirí.

Tá a lán déanta ag ár n-earnálacha Ardoideachais agus Breisoideachais chun scileanna nua a bhunú inár ngeilleagar i ndiaidh cliseadh na heacnamaíochta. Sa bhliain 2017 bhíothas ag obair ar Ollscoileanna Teicneolaíochta, ar fhoinsí maoinithe nua (Maoiniú ón Státchiste agus ón gCiste Náisiúnta Oiliúna) agus cruthaíodh córais maoinithe níos fearr.

Tá soláthar oideachais dóibh siúd a thagann isteach san oideachas agus iad faoi mhíbhuntáiste, ríthábhachtach más mian linn an córas is fearr san Eoraip a chruthú. Tá fíor-thorthaí againn ónár gcuid beartas atá dírithe ar ghrúpaí faoi mhíchumas. Tá na rátaí coinneála Ardteistiméireachta ar na cinn is airde riamh agus, rud atá an-tábhachtach, tá an bearna idir scoileanna DEIS agus scoileanna eile laghdaithe nach mór. Tá méadú 36% tagtha ar líon na scoláirí a leanann ar aghaidh chuig an tríú leibhéal ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste.

In 2017 thugamar isteach samhail nua chun acmhainní múinteoireachta a leithdháileadh ar leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta. Leis an tsamhail nua seo a forbraíodh mar thoradh ar chomhairle ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta cuireadh deireadh leis an ngá le

fáthmheasanna costasacha chun rochtain a fháil ar acmhainní ach éascaíodh idirghabháil níos luaithe do leanaí a bhfuil tacaíocht bhreise ag teastáil uathu.

Cothaítear nuáil trí thionscnamh an Chiste Sármhaitheasa do Scoileanna dár gcuid. Ag an bpointe seo tá 1,000 scoil san iomlán rannpháirteach i mbraislí (Cruthaitheach, Digiteach, STEM, DEIS, Gaeltacht, Urlabhra agus Teanga) agus i dtionscnaimh ceannródaíocha eile (Corpoideachas agus Eolaíocht Ríomhaire san Ardteistiméireacht, Creatlach Dhigiteach na Scoileanna agus Foirne Tacaíochta do Mhicléinn). Leis an gCiste Sármhaitheasa Scoileanna tugtar an deis do scoileanna obair le chéile chun triail a bhaint as idirghabhálacha cruthaitheacha i réimsí sainithe. Is é atá i gceist leis seo foghlaim a dhéantar mar thoradh ar chuir chuige ar éirigh leo a roinnt thar an earnáil scoile.

Níl rud ar bith níos tábhachtaí chun go n-éireodh le scoil ná an cheannaireacht atá uirthi. Tá ceannairí scoile ríthábhachtach chun sinn a chur ar aghaidh ar ár dturas chun an chéad áit san Eoraip a bhaint amach agus tá an rialtas seo meáite ar infheistiú d'fhonn tacú leo agus d'fhonn iad a chumasú chuige seo. Shroich tacaíocht ceannaireachta 1,000 príomhoide trínár Lárionad do Cheannaireacht Scoile in 2017. Tar éis samhail nua le haghaidh ceannaireachta dáilte solúbtha a bheith comhaontaithe tacóidh ár n-infheistíocht i 3,000 post i mbainistíocht láir le Féinmheastóireacht Scoile níos fearr agus le hathchóirithe a chur i bhfeidhm.

Tá an talamh réitithe d'fheabhsú ar acmhainneacht ár scoileanna dul i gcomhairle le tuismitheoirí agus scoláirí maidir le cinntí tábhachtacha ina scoileanna áitiúla. Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir leis an mBille (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí) Oideachais 2016 agus maidir leis an mBille (Ligean Isteach i Scoileanna) Oideachais 2016. Tá athchóiriú tábhachtach i gceist leis an dá bhille i dtaobh rochtain ar an scoil áitiúil a dhéanann leanbh agus i dtaobh cluas éisteachta a thabhairt do thuismitheoirí agus scoláirí i gcinnteoireacht scoile.

Daingníodh naisc le fostóirí mar thoradh ar ár n-uirlis iniúchóireacht scileanna nua le haghaidh gnó a fhorbairt, leis an gComhairle Scileanna Réigiúnach agus leis na deiseanna nua printíseachta agus cúrsa oiliúna dar ndóigh. Tá fonn mór orm na conairí i gceirdeanna traidisiúnta a atógáil le linn dom a bheith i m'Aire agus cur go mór le printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna chuig tionscail nua. Sheolamar 26 phrintíseacht nua ag deireadh 2017 lena n-áirítear roinnt printíseachtaí i réimsí fíor-shuimiúla ar nós Earcaíochta agus Beochan. Conair í seo a ndearnadh faillí inti in Éirinn agus nach raibh ach fíor-bheagán ban rannpháirteach inti. Tá athrú ag teacht ar an scéal anois.

In 2017, cuireadh go mór lenár gcuid caiteachas caipitil i gcomhair na mblianta amach romhainn. Leithdháileadh maoiniú caipitil bhreise €663 milliún ar an earnáil oideachais tar éis an Athbhreithniú Caipitil don tréimhse 2018-2021. Cuirfear leathchuid den maoiniú caipitil breise (€332 milliún) ar fáil don earnáil scoileanna agus úsáidfear €331 milliún chun cur go mór le hinfheistíocht chaipitil san ardoideachas agus breisoideachas, taighde san áireamh. Déanfar an infheistíocht seo le hais feidhmithe chéimnigh mór-chlár Comhpháirtíochta Poiblí-Príobháidí dar luach €200 milliún don earnáil ardoideachais.

Tá mórán bainte amach agus táim meáite ar an dlús a choinneáil san obair agus ár n-uaillmhian a thabhairt chun cinn chun córas oideachais agus oiliúna láidir rathúil a thógáil atá gan sárú san Eoraip.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe, na hAirí Stáit Halligan agus Mitchell O'Connor, le foireann na Roinne agus leo siúd go léir atá ag obair ar fud na hearnála oideachais agus oiliúna, as a gcuid oibre agus tiomantais le linn 2017.

Richard Bruton, T.D.
Aire Oideachais agus Scileanna

Ráiteas ón Ard-Rúnaí

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2017 a chur os bhur gcomhair. Tugtar cuntas inti ar an dul chun cinn atá déanta sa dara bhliain dár Ráiteas Straitéise agus Plean Gníomhaíochta trí bliana don Oideachas 2016-2019. Sa tuarascáil seo aithnítear an dul chun cinn suntasach atá déanta go dtí seo agus an obair a dhéanfar amach anseo chun an Ráiteas Straitéise agus an Plean Gníomhaíochta a chur i ngníomh.

I gcaitheamh 2017 rinneadh dul chun cinn suntasach ar bhunathrú ar ár gcóras oideachais lena n-áirítear athchóiriú an churaclam bunscoile agus iarbhunscoile, samhail nua chun múinteoirí riachtanais speisialta a leithdháileadh a fhorbairt agus beartais nua maidir le hOideachas STEM agus Teangacha Iasachta san Oideachas a sheoladh lena n-éagsúlófar an réimse teangacha atá ar fáil do scoileanna agus a chuirfidh ar chumas scoláirí cur le fairsinge a gcuid eolais ar nuatheangacha.

Athbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis Náisiúnta: Foilsíodh Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020 i mí Mhárta 2017. San Athbhreithniú Eatramhach taispeánadh go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta leathshlí trí thréimhse na Straitéise agus leagtar amach ann spriocanna nua agus spriocanna nuashonraithe uaillmhianacha maidir le huimhearthacht agus litearthacht inár scoileanna.

Seoladh an Scéim Aitheantais nua do scoileanna Gaeltachta freisin, mar chuid den Straitéis Oideachas Gaeltachta, d'fhonn cáilíocht an oideachais trí Ghaeilge a neartú agus d'fhonn úsáid na Gaeilge i bpobail scoile Gaeltachta a mhéadú.

Tháinig feidhm leis an gcóras grádaithe nua don ardteistiméireacht agus leis an gcóras pointí chun dul isteach sa chóras ardoideachais in 2017 freisin. Cúiteofar cruthú maith leis seo ar shlite nua trí fhoghlaim ardleibhéil a spreagadh agus laghdófar an brú atá ar scoláirí gnóthachtálacha imeallacha a bhaint amach i scrúduithe ach agus spreagfar iad chun tabhairt faoi gach ábhar ar leith le breis fuinnimh.

In 2017 leanadh den obair a thacaíonn le hathchóiriú mór na hearnála breisoideachais agus oiliúna. Lean an Roinn uirthi i mbun teagmhála leis an gComhchoiste Oireachtais um Oideachas agus Scileanna maidir lena cuid breithnithe ar thuairisc Cassells ar mhaoiniú amach anseo san earnáil ardoideachais. De bhreis air seo is príomhghné straitéiseach é an méadú ar mhaoiniú ón gCiste Náisiúnta Oiliúna a fuarthas in 2017 le haghaidh an mhéadaithe ar mhaoiniú don ardoideachas agus breisoideachas i gcoitinne agus chun bearnaí scileanna a dhúnadh.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don rannchuidiú atá déanta ag an bhfoireann sa Roinn agus san earnáil oideachais níos leithne chun soláthar córas oideachais agus oiliúna ardcháilíochta a chur ar aghaidh ar mhaithe le gach foghlaimeoir ar fud na bliana.

Seán Ó Foghlú,
Ard-Rúnaí

Forbhreathnú ar an mbliain

Sa Ráiteas Straitéise agus sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019 leagtar amach an ardleibhéal uaillmhéine maidir leis an tseirbhís oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip a dhéanamh de sheirbhís Oideachais agus Oiliúna na hÉireann faoi 2026.

Sa Phlean Gníomhaíochta leagtar amach ár ngealltanas speictream an oideachais a neartú, leas a bhaint as teicneolaíochtaí agus modheolaíochtaí nua agus a chinntiú go dtabharfar an deis do gach foghlaimeoir a (h)acmhainneacht a bhaint amach.

Sa Tuarascáil Bhliantúil 2017 aithnítear an dul chun cinn suntasach córasach atá á dhéanamh faoi gach ceann den gcúig Sprioc maidir lena sprioc a bhaint amach.

Forbhreathnú ar phríomhbhearta a cuireadh i gcrích le linn 2017.

Grádú na hArdteistiméireachta

Tháinig Córas Grádaithe nua na hArdteistiméireachta agus an comhscála pointí i bhfeidhm ó 2017. Marcáladh breis is 58,000 scoláire faoi scála nua 8 mbanda. Laghdú é seo ón 14 bhanda a bhí ann roimhe seo. Go pointe áirithe is de bharr an chórais ghrádaithe nua seo a bhronnann pointí Lároifig Iontrála ar scoláirí a bhaineann idir 30 agus 39 faoin gcéad amach i bpáipéir ardleibhéil (grád H7) gur tháinig méadú ar rátaí rannpháirtíochta ag an ardleibhéal thar gach ábhar nach mór.

Teangacha Iasachta sa Straitéis Oideachais

Foilsíodh Déanann Teangacha Nasc - Straitéis na hÉireann maidir le Teangacha Iasachta san Oideachas 2017 - 2016 agus Plean um Chur i bhFeidhm 2017 - 2022 i mí na Nollag 2017. Is príomhchuid den Straitéis é cur le líon na scoláirí a thugann faoi theanga iasachta a fhoghlaim ach ní hé sin amháin. Táthar ag iarraidh an réimse teangacha atá ar fáil do scoileanna a mhéadú mar aon le doimhne an eolais a chuireann an scoláire ar theanga

Beartais maidir le hOideachas STEM agus Plean um Chur i bhFeidhm

Seoladh Ráiteas Beartais nua maidir le hOideachas STEM 2017-2026 agus an Plean um Chur i bhFeidhm STEM 2017-2019 i mí na Samhna 2017. De réir an chuspóra ghinearálta arb é an córas oideachais is fearr san Eoraip a dhéanamh, leagtar amach sa phlean an sprioc a bheith chun tosaigh san Eoraip maidir le hoideachas STEM faoi 2026. Áirítear ar an bplean go ndírítear níos mó ar ghrúpaí a bhíodh faoi ghannionadaíocht de ghnáth a spreagadh le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí STEM, agus féachtar ar naisc idir an gcóras oideachais agus an tionscal a mhéadú.

Measúnachtaí Idirnáisiúnta

Taispeánann torthaí an Chláir i Staidéar Idirnáisiúnta Litearthacht Léitheoireachta (PIRLS) agus ePIRLS maidir le measúnachtaí na bliana 2016 gurbh iad leanaí bunscoile na hÉireann ab fhearr a chruthaigh san Eoraip agus i dtíortha ECFE i dtaobh scileanna léitheoireachta.

Samhail Leithdháiltí Múinteoir Oideachais Speisialta

Tugadh isteach samhail nua chun múinteoirí oideachais speisialta a leithdháileadh ar scoileanna i ngach bunscoil agus iarbhunscoil phríomhshrutha. Cuireadh 900 post múinteoireachta breise ar fáil (805 leithdháilte cheana féin) chun tacú leis tsamhail leithdháilte nua seo agus í á tabhairt isteach. Méadú 13% é seo le dhá bhliain anuas. Bhí 13,400 post ar fáil le haghaidh a

leithdháilte sa scoilbhliain 2017/18 i gcomparáid le 11,800 post a leithdháileadh sa scoilbhliain 2015/16.

Scéim na gCúntóirí Riachtanais Speisialta

Bhí soláthar déanta do 13,990 bpost Cúntóir Riachtanais Speisialta (coibhéis lánaimseartha) faoi dheireadh 2017 chun cúram a thabhairt do leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta i mbunscoileanna, iarbhunscoileanna agus scoileanna speisialta. I mBuiséad 2018 rinneadh soláthar do 130 post CRS breise suas go mí Mheithimh 2018. Beidh 14,120 post CRS san iomlán ar fáil i gcomhair a leithdháileadh ansin agus is ionann sin agus €460 milliún.

Plean DEIS 2017

Foilsiú Tuairisc Athbhreithnithe DEIS agus Plean DEIS 2017 agus próiseas sainaitheanta nua tugtha isteach atá bunaithe ar shonraí, rud a raibh mar thoradh air gur leathnaíodh an Clár DEIS chuig 79 scoil agus gur uasghrádaíodh stádas DEIS i 30 scoil ó Bhanda 2 go Banda 1.

Cigireachtaí Oideachas Luathóige

Rinneadh 708 gcigireacht Oideachas Luathóige san iomlán ar fud na tíre i réimse ilghnéitheach seirbhísí Luathóige. Faoi dheireadh 2017 bhí breis is 560 tuairisc cigireachta Oideachas Luathóige foilsithe ar shuíomh gréasáin na ROS.

Breisoideachas agus Oiliúint Forbairt Ghairmiúil

San Earnáil Breisoideachais agus Oiliúna (BOO) bunaíodh grúpa stiúrtha a bhí comhdhéanta d'ionadaithe ó na BOO, BOO Éireann agus SOLAS faoi chathaoirleacht na Roinne chun a bheith i gceannas ar chur i bhfeidhm na chéad Straitéise d'Fhorbairt Ghairmiúil BOO (2017-2019).

Ag tógáil droichead leis an bPobal

Foilsíodh treoirlínte maidir le húsáid foirgnimh scoile lasmuigh de ghnáthuaireanta i mí na Samhna 2017 chun treoir a chur ar fáil do scoileanna maidir lena gcuid socruithe reatha i dtaobh úsáid foirgnimh scoile lasmuigh d'uaireanta scoile agus do na scoileanna siúd atá ag cuimhneamh ar na socruithe seo a chur i bhfeidhm.

Straitéis Náisiúnta Scileanna

D'fhonn naisc níos láidre idir fostóirí agus an earnáil oideachais agus oiliúna a chothú cuireadh an Chomhairle Náisiúnta Scileanna agus naoi bhFóram Réigiúnacha Scileanna ar bun. An Roinn a bhunaigh an naonúr Bainisteoirí ar na Fóraim Réigiúnacha Scileanna.

Clár Tógála

Caitheadh €530.8 milliún san iomlán ar bhonneagar scoileanna. De bhreis air seo ba é €22 milliún an caiteachas caipitil ar bhonneagar ardoideachais.

Ciste Náisiúnta Oiliúna

Cuireadh méadú 0.1% ar thobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna mar chuid de bhearta Buiséid 2018 agus tá 0.1% eile beartaithe in 2019 agus 2020 má dhéantar an t-athchóiriú comhaontaithe ar an gCiste Náisiúnta Oiliúna. Is príomhghné straitéiseach é an méadú ar mhaoiniú ón gCiste Náisiúnta Oiliúna den mhéadú ar mhaoiniú don ardoideachas agus breisoideachas ar an iomlán agus chun bearnaí scileanna a dhúnadh.

Eolas agus Sonraí Corparáide Ginearálta

Sa chuid seo den Tuarascáil tugtar sonraí ginearálta corparáide agus cuirtear gníomhaíochtaí de chuid na Roinne i gcomórtas leo siúd a rinneadh i mblianta roimhe seo. Tugtar faoi deara an méadú suntasach atá tagtha ar mhórán gníomhaíochtaí agus ar na spriocanna breise a baineadh amach le linn 2017. Tá staitisticí tábhachtacha oideachais ar fáil ar leathanach na staitisticí ar shuíomh gréasáin na Roinne ag an nasc seo a leanas: www.education.ie

Ár bhFís

Is í ár bhfís an córas oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip a chur ar fáil faoi 2026

Ár gCuid Luachanna

- Mar Roinn Stáit cothaímid cultúr cuntasachta, éifeachtachta agus luach ar airgead atá fréamhaithe in éiteas na seirbhíse poiblí, is é sin, neamhspleáchas, macántacht, neamhchlaontacht, oscailteacht agus meas.
- Mar Státseirbhísigh taobhaímid leis na caighdeáin gairmiúlachta, ionracais, oibiachtúlacht agus cáilíocht is airde atá ríthábhachtach dúinn maidir lena gcuid ról a chomhlíonadh chun tacú leis an bpróiseas daonlathach agus chun seirbhís a thabhairt don saoránach.
- Tá meas againn ar fhoghlaim mar leas an phobail agus aithnímid ról na foghlama i bhforbairt, comhtháthú agus folláine na sochaí. Aithnímid ionad an fhoghlaimeora i lár forbairt bheartais.
- Tá meas againn ar cháilíocht agus geallaimid go gcloímid le prionsabal an fheabhsaithe leanúnaigh trí fháiltiú roimh smaointe, dhúshláin agus phlé ón taobh amuigh. Tá meas againn ar chaidrimh agus ar chomhoibriú laistigh den earnáil oideachais agus leis an bpobal i gcoitinne.

Ár gcuid Spriocanna

Sprioc 1 • **Eispéireas foghlama agus rath na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú**

Sprioc 2 • **Feabhas a chur ar dhul chun cinn na bhfoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais nó na bhfoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu**

Sprioc 3 • **Cuidiú leo siúd atá ag soláthar seirbhísí oideachais feabhsú go leanúnach**

Sprioc 4 • **Droichid níos láidre a thógáil idir oideachas agus an pobal níos leithne**

Sprioc 5 • **Feabhas a chur ar sheirbhísí náisiúnta pleanála agus tacaíochta**

Ag Tacú leis an bPróiseas Parlaiminte 2011-2017

Tacú leis an bPróiseas Parlaiminte	2011	2015	2016	2017
Ceisteanna Parlaiminte a freagraíodh	3103	3657	3434	4209
Meabhráin don Rialtas a Fuarthas chun Tuairimí a thabhairt	147	160	108	144
Uiríll faighte ag Oifigí an Aire agus an Aire Stáit	13000	7330	6130	6557
Freagraí ar Shaincheisteanna Tráthúla	60	36	18	38
Freagraí ar Dhíospóireachtaí um Chur ar atráth (Tosú)	32	41	11	43

Seirbhísí Faisnéise 2011-2017

Seirbhísí Faisnéise	2011	2015	2016	2017
Fiosruithe trí ríomhphost chuig info@education.gov.ie	7000+	6168	9733	10,733
Cuairteoirí ar ár suíomh gréasáin https://www.education.ie/ga/ (milliúin)	1.6m	2.18m	2.25m	2.85m
Iarratais ar Shaoráil Faisnéise Faighte Cinntí Glactha	 1,170 1,000+	 420 400+	 496 450+	 548 556
Preaseisiúintí a cuireadh ar fáil	112	126	90	155
Lucht leanúna ar Twitter	n/b	20,000	24,469	30,546

Clár Cigireachta Bliantúil i Scoileanna agus Lárionaid Oideachais 2017

Rinne an Chigireacht **6134** cigireacht/cuairt chomhairleach ar scoileanna san iomlán in 2017 mar atá leagtha amach i dTáblaí 1 go 5 thíos. De bhreis air seo foilsíodh **1015** tuairisc cigireachta san iomlán in 2017 mar thaispeántar i dtábla 6 thíos. Cuirtear comparáidí le 2011 agus 2016 ar fáil leis, chun pointí tagartha a thabhairt. Taispeánann siad go raibh méid agus réimse a cuid gníomhaíochtaí measúnaithe agus comhairlithe á bhfeabhsú ag an gCigireacht i gcónaí.

Tábla 1: Achoimre ar chigireachtaí agus measúnachtaí, 2011-2017			
Achoimre ar Chigireachtaí	**2011**	**2016**	**2017**
Cigireachtaí i suímh Luathóige atá rannpháirteach i gClár Cúram agus Oideachas na Luathóige* (clár píolótach san áireamh)	n/b	491	708
Cigireachtaí i mbunscoileanna (cigireacht ar obair mhúinteoirí ar promhadh san áireamh)	2972	4001	4171
Cigireachtaí in iarbhunscoileanna agus ionaid oideachais	769	752	659
Gníomhaíochtaí cigireachta agus measúnaithe eile	73	144	286
Cuairteanna comhairleacha i dtaobh féinmheastóireacht scoile	n/b	274	310
Iomlán na gcigireachtaí i suímh luathóige, scoileanna agus ionaid oideachais	**3814**	**5388**	**6134**

*Clár Cúram agus Oideachas na Luathóige

Tábla 2: Cigireachtaí ar Shuímh Luathóige atá rannpháirteach i gClár Cúram agus Oideachas na Luathóige (ECCE)	
Cigireachtaí atá dírithe ar an Oideachas Luathóige	**2017**
Cigireachtaí atá dírithe ar an Oideachas Luathóige	684
Cigireachtaí atá dírithe ar an Oideachas Luathóige: leantach	24
Iomlán na gcuairteanna cigireacht suímh	**708**

Tábla 3: Cigireachtaí agus measúnachtaí i mbunscoileanna, 2011-2017				
Cigireacht Bhunscoile/Gníomhaíocht mheasúnachta	**2011**	**2015**	**2016**	**2017**
Meastóireacht Scoile Uile	291	220	38	38
Meastóireacht Scoile Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim	n/b	n/b	149	102
Measúnú ar Phleanáil Gnímh ar mhaithe le feabhais i scoileanna DEIS*	16	10	10	10
Cigireachtaí Teagmhasacha	404	345	361	284
Cigireacht Leantach	n/b	85	141	164
Measúnú ar sholáthar do Scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais	n/b	28	8	9
Measúnú Curaclaim Píolótach	n/b	24	12	n/b
Measúnú Curaclaim	n/b	n/b	60	153
Iomlán na gcuairteanna cigireacht scoile	**711**	**712**	**779**	**760**
Cuairteanna comhairleacha um féinmheastóireacht scoile	n/b	653	197	11
Cigireachtaí ar mhúinteoirí bunscoile nuacháilithe sa scoilbhliain	**2261**	**2091**	**3222**	**3411**

* DEIS (Comhionannas Deise a Sheachadadh i Scoileanna) Plean Gníomhaíochta le haghaidh Cuimsithe san Oideachas

Tábla 4: Cigireachtaí agus measúnachtaí in iarbhunscoileanna, 2011-2016				
Cigireacht Iarbhunscoile/Gníomhaíocht Mheasúnachta	**2011**	**2015**	**2016**	**2017**
Meastóireacht Scoile Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim	100	65	83	80
Cigireacht Ábhair	528	231	291	274
Measúnacht Ábhair	23	31	29	25
Measúnú ar Phleanáil Gnímh ar mhaithe le feabhais i scoileanna DEIS*	16	8	10	8
Cigireachtaí Teagmhasacha	92	184	246	164
Cigireacht Leantach	n/b	65	77	97
Measúnacht ar Ionaid Oideachais	10	5	16	11
Iomlán na gcuairteanna cigireacht scoile	**769**	**589**	**752**	**659**
Cuairteanna comhairleacha um féinmheastóireacht scoile	n/b	134	77	299

*DEIS (Comhionannas Deise a Sheachadadh i Scoileanna): Plean Gníomhaíochta le haghaidh Cuimsithe san Oideachas

Tábla 5: Gníomhaíochtaí cigireachta eile in 2017	
Cigireachtaí/measúnachtaí eile ar sholáthar do scoláirí agus daoine óga in 2017	
Tuarascálacha Measúnachta ar Choláistí Gaeilge (Coláistí Gaeilge sa Ghaeltacht)	27
Cigireacht ar scoileanna in Aonaid Ardtacaíochta, Aonaid Sainchúraim agus Ionaid Choinneála do Leanaí	8
Cigireacht a rinneadh chun críocha aitheantas scoile	1
Cigireacht ar champaí samhraidh litearthachta / uimhearthachta do leanaí	5
Cigireacht ar champaí samhraidh do leanaí (campaí samhraidh lán-Ghaeilge)	5
Measúnú ar chúrsaí Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do mhúinteoirí Bunscoile	42
Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta: cuairteanna comhairleacha ar scoileanna	132
Ciste Sármhaitheasa Scoileanna - DEIS: cuairteanna comhairleacha ar scoileanna	40
Cigireachtaí i Scoileanna Eorpacha	21
Cuairteanna cigireachta a rinneadh in Ionaid Fháiltithe Éigeandála agus in Ionaid Treoshuímh	2
Cigireachtaí ar sholáthar samhraidh i scoileanna a bhaineann le hAonaid Sainchúraim	3
Iomlán na ngníomhaíochtaí measúnachta eile	**286**

Tábla 6: Foilsiú tuairiscí 2017	
Foilsiú tuairiscí cigireachta	**2017**
An tSamhail Measúnaithe Churaclaim (bunscoil)	150
DEIS (bunscoil)	20
DEIS iarbhunscoil)	16
Measúnacht Ábhair (iarbhunscoil)	18
Riachtanais Oideachais Speisialta (bunscoil)	16
Cigireachtaí Ábhair (iarbhunscoil)	291
MSU-BCF (bunscoil)	100
MSU-BCF (Iarbhunscoil)	76
Leantach (bunscoil)	186
Leantach (iarbhunscoil)	91
Leantach (ógtheagmháil)	8
MSU modhnaithe (bunscoil)	38
Ógtheagmháil	5
Líon iomlán na dtuairiscí a foilsíodh **(Nóta:** ní hionann líon na dtuairiscí a foilsíodh in 2017 agus líon na gcigireachtaí a rinneadh in 2017 mar ní féidir gach tuairisc a fhoilsiú agus ní bhaineann gach ceann le cigireachtaí a rinneadh in 2017)	**1015**

Tábla na bPrasíocaíochtaí in 2017

Achoimre ar Phrasíocaíochtaí - An Roinn Oideachais agus Scileanna		
Bliain	**2017**	
Sonraí	**Líon**	**Luach (€)**
Íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá	7,964	316,176,755
Íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 16-30 lá	2,143	29,293,440
Íocaíochtaí a rinneadh tar éis breis is 30 lá a bhí faoi réir Ús Íocaíochta Déanaí agus costais chúitimh	76	92,253
Íocaíochtaí a rinneadh tar éis breis is 30 lá nach raibh faoi réir Ús Íocaíochta Déanaí agus costais chúitimh	964	4,685,067
Iomlán na n-íocaíochtaí	**11,145**	**350,247,514**
Méid an ús íocaíochta déanaí a íocadh in 2017		353.96
Iomlán na gcostas cúitimh a íocadh in 2017		3,700.00
Iomlán na Sonrasc ar bhain Ús Íocaíochta Déanaí agus Cúiteamh leo	**76**	**4,053.96**

Ídiú agus Caiteachais Fuinnimh in 2017

Tá clár bainistithe agus laghdaithe fuinnimh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ar cuireadh tús leis in 2009 chun laghdú 33% ar ídiú fuinnimh a bhaint amach faoi 2020. Tá laghdú 24.3% bainte amach go dtí seo agus mar sin tá na laghduithe beartaithe riachtanacha sáraithe againn. Rinneadh iniúchadh fuinnimh mionsonraithe ar ár gcampais i mBaile Átha Cliath, Baile Átha Luain agus Tulach Mhór agus tá bearta feabhsaithe a moladh curtha i bhfeidhm. Rinne an Roinn infheistíocht shuntasach in 2017, is é sin, beagnach €400,000 chun córais soilsithe a uasghrádú inár n-oifigí i mBaile Átha Cliath agus ar an Tulach Mhór. Braithfear tionchar na gcóras seo atá níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de in 2018 agus sna blianta ina dhiaidh.

Caiteachas na Roinne ar chostais fuinnimh (CBL san áireamh)				
Catagóir	**2009 (€)**	**2015 (€)**	**2016 (€)**	**2017 (€)**
Leictreachas	586,569.83	425,039	385,304.46	335,011.72
Gás	83,336.94	131,518	107,696.62	112,118.43
GPL agus Ola	43,114.87	21,936	12,716.52	16,391.72
Iomlán	**713,021.64**	**578,493**	**505,717.60**	**463,521.87**

Dualgas na hEarnála Poiblí

Faoin Acht an Choimisiúin um Chearta an Duine agus Comhionannais, 2014 tá de dhualgas reachtúil ar gach chomhlacht poiblí aird a bheith acu ar shaincheisteanna faoi chearta an duine agus chomhionannas i gcomhlíonadh a gcuid feidhmeanna. Ina thaobh seo cuireadh na spriocanna seo a leanas san áireamh i Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir leis an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019:

- **Feabhas a chur ar dhul chun cinn foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais nó foghlaimeoirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta:** baineann an sprioc seo le hobair a chinnteoidh go n-éireoidh próifíl foghlaimeoirí a leanann ar aghaidh tríd an gcóras oideachais níos cosúla de réir a chéile leis an bpobal i gcoitinne.
- **Feabhas a chur ar sheirbhísí náisiúnta pleanála agus tacaíochta:** baineann an sprioc seo leis an Roinn agus a cuid gníomhaireachtaí a oibríonn i gcomhpháirtíocht agus i gcomhchomhairle léi chun na struchtúir cearta a chruthú, chun an fhianaise cheart a bhailiú, chun na beartais chearta a fhorbairt chun na hionstraimí maoinithe cearta a úsáid, chun na tacaíochtaí seirbhíse cearta a chur ar fáil agus chun seirbhísí a sholáthar go héifeachtach héifeachtúil.

Dul chun cinn ar ár gcuid Spriocanna Ardleibhéil in 2017

Sprioc 1 - Feabhas a chur ar an eispéireas foghlama agus rath na bhfoghlaimeoirí

Tosaíocht thábhachtach don Roinn is ea réimse agus éagsúlacht rogha na n-ábhar a mhéadú do gach foghlaimeoir. Tacaíonn sé seo le rannpháirtiú an scoláire agus tugann sé deiseanna d'fhoghlaimeoirí scileanna, eolas agus inniúlachtaí ríthábhachtacha a fhorbairt a chuirfidh ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus leas a bhaint as deiseanna rannchuidiú go huile agus go hiomlán le forbairt ár n-eacnamaíocht agus ár sochaí. Áirítear air seo tacú le foghlaimeoirí agus daoine óga leas a bhaint an réimse is iomláine de dheiseanna foghlama ón mBunscoil agus an Iarbhunscoil trí bhreisoideachas go dtí an ardoideachas.

Athbhreithniú ar an mBliain faoin Sprioc seo

- Cuireadh tús le snáithe léitheoireachta / scríbhneoireachta an Churaclam Teanga nua Bunscoile (Gaeilge agus Béarla). Sa churaclam nua beidh an struchtúr céanna i bhfeidhm maidir le Béarla agus Gaeilge den chéad uair Díreoidh sé ar fhorbairt na teanga labhartha, léitheoireachta agus scileanna scríbhneoireachta. Tá an curaclam nua saincheaptha do leanaí óga ó naíonáin shóisearacha go rang a dó.
- Cuireadh tús le sonraíochtaí Sraithe Sóisearaí don nGaeilge, Nua-theangacha agus Amharc-ealaíona. Ciallaíonn sé seo go bhfuil Céim 3 den tSraith Shóisearach tugtha isteach agus go dtabharfar isteach sonraíochtaí nua sa Mhatamaitic, Eacnamaíocht Bhaile, Stair, Ceol agus Tíreolaíocht i mí Mheán Fómhair 2018.
- Is é seo an chéad uair gur bronnadh Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ar dhíorma tuairim is 60,000 scoláire agus an chéad bhliain inar reáchtáladh scrúduithe an churaclaim nua Béarla sa tSraith Shóisearach.
- Reáchtáladh trialacha ar chomhpháirt na measúnachta praiticiúla de shonraíochtaí nua do Bhitheolaíocht, Fisic agus Ceimic na hArdteistiméireachta in 2017. Beidh tuairisc dheiridh ar fáil go luath in 2018 .
- Faoi dheireadh 2017 bhí 400 den 600 post treorach a tarraingíodh siar in 2012 curtha ar ais. Cuirfear 100 post treorach eile ar ais faoi Mheán Fómhair 2018.
- Athbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis Náisiúnta: Foilsíodh Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020 i mí Mhárta.
- Tugadh isteach Clár nua Folláine i ngach scoil chun bearta a chur chun cinn a thacóidh le hathléimneacht mheabhrach agus folláine phearsanta i scoláirí na Sraithe Sóisearaí.
- Cuireadh tús le scéim aitheantais Ghaeltachta a bhfuil mar sprioc aici a chinntiú go bhfaigheann scoileanna i gceantair Ghaeltachta tacaíocht chuí chun go mbeidh rath orthu mar ionad sármhaitheasa ó thaobh oideachais trí Ghaeilge de.
- Ceapadh 10 síceolaithe oideachais eile chun tacú le scoláirí i scoileanna DEIS.
- Leathnaíodh an Clár Múinteora Na Blianta Dochreidte agus an Clár FRIENDS chuig gach scoil DEIS.
- Dáileadh €30 milliún san iomlán ar scoileanna faoin Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020. De bhreis air seo seoladh an Plean Gníomhaíochta Digití 2017 atá dírithe ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha sna seomraí ranga a uasmhéadú.
- Forbraíodh Creat Digiteach nua agus foilsíodh é. Cuireadh tús le triail an Chreata a bhfuil 50 scoil rannpháirteach ann agus a mbeidh próiseas measúnaithe neamhspleách ag gabháil léi.
- Críochnaíodh uasghrádú leathanbhanda in 1,100 scoil faoin Scéim um Rochtain ar Leathanbhanda do Scoileanna.
- In 2017, 68,620 leithdháileadh beagnach 68,620 post múinteoireachta ag leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile.

Tá tuilleadh sonraí faoi na rudaí seo agus rudaí eile a baineadh amach faoin Sprioc seo leagtha amach anseo thíos.

1.1 Curaclam Bunscoile agus Forbairtí

Le linn 2017 lean an Roinn uirthi ag obair leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le forbairt agus athchóiriú curaclaim ag an leibhéal bunscoile. Áiríodh air seo leanúint de chur i ngníomh an Churaclam nua Bunscoile (Gaeilge agus Béarla) do na naíonáin shóisearacha go rang a dó, le feidhmiú céimneach na snáithí léitheoireachta agus scríbhneoireachta ó Mheán Fómhair 2017 agus d'fheidhmiú céimneach leanúnach na snáithe teanga labhartha thar gach bunscoil. Leanadh d'fhorbairt an Churaclaim Teanga Bhunscoile do rang a trí go rang a sé in 2017.

Cuireadh tús le comhairliúchán faoin gcuraclam matamaitice nua bunscoile a mbeidh smaoineamh ríomhaireachtúil, scileanna smaoinimh chruthaithigh agus códú mar chuid de, i mí na Samhna 2017.

Críochnaíodh comhairliúchán poiblí ar struchtúr agus leithdháileadh ama laistigh den gcuraclam bunscoile in 2017. Beidh torthaí an chomhairliúcháin seo mar bhonn eolais agus mar thacaíocht againn don chéad chéim eile san obair ar athfhorbairt churaclam bunscoile na hÉireann.

I mí na Nollag 2017 foilsíodh an Tuairisc PIRLS (Progress in International Reading Literacy Study/Staidéar Idirnáisiúnta ar Dhul chun cinn Litearthachta Léitheoireachta.) Ba léir ón Staidéar gur ag leanaí bunscoile na hÉireann (rang 4) a bhí na scileanna léitheoireachta ab fhearr san Eoraip agus i dtíortha ECFE, Is féidir an tuairisc a íoslódáil ó www.erc.ie.

1.2 An Curaclam ag an Leibhéal Iarbhunscoile

Leanadh de chur i ngníomh Creat na Sraithe Sóisearaí 2015 ar fud 2017 agus reáchtáladh an chéad scrúdú i mBéarla na Sraithe Sóisearaí. Cuireadh tús le sonraíochtaí nua sa tSraith Shóisearach don nGaeilge, do Nua-theangacha (Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis agus Iodáilis) agus do na hAmhairc-ealaíona i mí Mheán Fómhair 2017. Bronnadh an chéad Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ar an chéad dhíorma d'fhoghlaimeoirí, tuairim is 60,000 scoláire. Leis seo rinneadh mórathrú ar an mbeartas náisiúnta maidir le measúnacht. Lena chois sin cuireadh isteach Clár Folláine nua sa tSraith Shóisearach chun tacú go gníomhach le tionscnaimh fholláine agus chun iad seo a fhorbairt, chun forbairt athléimneacht mheabhrach agus folláine phearsanta a chur chun cinn i scoileanna.

Ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí eisíodh glaoch ar scoileanna chun rannpháirtiú i bhfeidhmiú céimneach dhá ábhar nua Ardteistiméireachta, Eolaíocht Ríomhaire agus Corpoideachas, sa Chreatlach Chorpoideachais na Sraithe Sinsearaí. Cuirfear na hábhair nua seo i bhfeidhm ó mhí Mheán Fómhair 2018 i scoileanna céime 1 agus beidh siad ar fáil i ngach scoil ó Mheán Fómhair 2020.

Críochnaíodh sonraíochtaí athbhreithnithe do roinnt ábhar na hArdteistiméireachta lena n-áirítear Eacnamaíocht agus Eolaíocht Talmhaíochta in 2017.

Tháinig córas grádaithe agus scéim chomhphointí nua i bhfeidhm don Ardteistiméireacht in 2017 mar chuid den gclár athchóirithe chun an próiseas aistrithe a fheabhsú, rud a thacóidh le scoláirí aistriú ón dara leibhéal chuig an ardoideachas. Chuaigh breis is 58,000 scoláire faoi Scrúduithe na hArdteistiméireachta in 2017 agus marcáladh iad faoin scála grádaithe nua banda 8. Mar chuid den gCreat nua um Fheidhmíocht Chóras don Ardoideachas tá bearta breise chun iontráil fhochéimithe a leathnú agus tá socruithe déanta chun monatóireacht a dhéanamh agus tuairisciú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag Institiúidí Ardoideachais ar líon na mbealaí iontrála chuig an Ardoideachas a laghdú chuig an líon íosta atá riachtanach chun áiteanna a leithdháileadh ar iarratasóirí go cuí ó thaobh acadúlachta de agus go héifeachtach, agus an líon áiteanna do mhicléinn a choinneáil ag an am céanna.

1.3 Straitéisí agus Cláir chun tacú le hathchóiriú curaclaim

Foilsíodh roinnt straitéisí in 2017 lena gcuirtear athrú suntasach ar aghaidh chun eispéireas foghlama agus rath na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú agus chun droichid níos láidre a thógáil idir an oideachas agus an bpobal i gcoitinne.

1.3.1 STEM

Sa Ráiteas Beartais ar Oideachas STEM 2017-2026 agus sa Phlean um Chur i bhFeidhm STEM 2017-2019 a foilsíodh i mí na Samhna 2017, mínítear an rún go mbeidh Éire ina ceannródaí san Eoraip in oideachas STEM faoi 2026. Ar na príomhspriocanna áirítear:

- Méadú 20% ar líon iomlán na scoláirí a ghlacfaidh Ceimic, Fisic, Teicneolaíocht agus Innealtóireacht ag leibhéal na hArdteistiméireachta.
- Méadú 40% ar líon na mban a ghlacann ábhair STEM san Ardteistiméireacht.
- Cur le rannpháirtíocht i ndeiseanna foghlama STEM lasmuigh den scoil agus i ngníomhaíochtaí gairmréime STEM.
- Curaclam mata nua bunscoile a thabhairt isteach ina n-áireofar smaoineamh cruthaitheach ríomhaireachtúil agus códú.
- Tabhairt isteach Eolaíocht Ríomhaire san Ardteistiméireacht a bhrostú trína bhforfheidhmiú a thabhairt chun tosaigh go Meán Fómhair 2018.
- Curaclaim nua Matamaitice agus Teicneolaíochta na Sraithe Sóisearaí a thabhairt isteach.
- Bainfidh múinteoirí leas as cur chuige tras-disciplíneach i leith STEM a fhí isteach thar gach ábhar.
- Teagasc, foghlaim agus cleachtais mheasúnachta STEM a fheabhsú sna suímh luathbhlianta.
- Cuid mhór den bhearna maidir le gnóthachtáil i ndisciplíní STEM idir scoláirí i scoileanna DEIS agus scoláirí i ngach scoil eile a dhúnadh.
- A chinntiú go mbeidh rochtain ag gach scoil, foghlaimeoir agus tuismitheoir ar fhaisnéis ardcháilíochta ar ilghnéitheacht gairmréimeanna STEM.
- Comhpháirtíochtaí láidre inmharthana a thógáil idir scoileanna, gnó agus tionscal, comhlachtaí na hearnála poiblí, eagraíochtaí taighde, institiúidí ardoideachais agus breisoideachais agus na hEalaíona.

Foilsithe in 2017:

- Oideachas STEM - Ráiteas Polasaí (2017-2026)
- Plean Forfheidhmithe um Oideachas STEM (2017-2019)

1.3.2 Teangacha iasachta

Déanann Teangacha Nasc: I Straitéis na hÉireann do Theangacha Iasachta san Oideachas 2017-2026 agus an Plean um Chur i nGníomh 2017-2022 leagtar amach clár oibre uaillmhianach agus ardspriocanna chun Éire a chur isteach i ngrúpa na ndeich dtír is fearr san Eoraip ó thaobh teagaisc agus foghlaim teangacha iasachta de, trí roinnt bearta atá dírithe ar cumas, ilchineálacht agus tumadh a fheabhsú. Tá sé ríthábhachtach gníomhú de réir na Straitéise chun a chinntiú go mbeidh Éire ullamh i gcomhair dinimice Eorpaí atá tar éis athrú i ndiaidh Brexit agus i gcomhair tábhacht mhéadaithe na dtíortha nach labhraítear Béarla iontu, ar fud an domhain. Is príomhchuid den Straitéis é cur le líon na scoláirí a thugann faoi theanga iasachta a fhoghlaim ach ní hé sin amháin. Táthar ag iarraidh an réimse teangacha atá ar fáil do scoileanna a mhéadú mar aon le doimhne an eolais a chuireann an scoláire ar theanga.

Foilsithe in 2017: Déanann Teangacha Nasc - Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026

1.3.3 Straitéis Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020.

Athbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis Náisiúnta: Foilsíodh Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020 i mí Mhárta 2017. San Athbhreithniú Eatramhach féachadh ar thorthaí taighde, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin le réimse leathan luchtanna leasa. Críochnaíodh go déanach in 2016 é tar éis don tuairisc ar an Programme for International Student Assessment (PISA) (Clár um Mheasúnacht Idirnáisiúnta ar Mhicléinn) 2015 agus an tuairisc ar Trends in International Maths and Science Study (TIMSS) (Treochtaí i Staidéar Idirnáisiúnta Mata agus Eolaíochta) 2015 a bheith foilsithe.

Ní chuirfear an Tuairisc ar an Athbhreithniú Eatramhach in ionad na Straitéise (2011-2020). Tá an Straitéis i gcroílár ár gcóras oideachais agus is amhlaidh a bheidh sí maidir le feabhas a chur ar thorthaí litearthachta agus uimhearthachta go dtí 2020. Sainaithnítear sa tuairisc réimsí tosaíochta na huimhearthachta, na litearthachta, DEIS agus sainbhearta chomh maith le spriocanna nua a chomhlánóidh iad siúd sa Straitéis agus a chabhróidh leis an Roinn a cuid ardspriocanna a bhaint amach, is é sin, an córas oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip a chruthú.

Foilsithe in 2017:

- Straitéis Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020. Athbhreithniú Eatramhach: 2011 – 2016 Spriocanna Nua: 2017-2020

1.3.4 Suirbhé ar Scileanna Beatha

Foilsíodh an suirbhé ar scileanna beatha 2015. Tugadh eolas ann ar a fheabhas agus a fhreastalaíonn bunscoileanna agus iarbhunscoileanna ar fholláine a gcuid scoláirí. Tríd an suirbhé cuireadh sonraí ar fáil ar roinnt saincheisteanna tábhachtacha a bhaineann le 'scileanna beatha' i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna, Lárionaid Ógtheagmhála agus in Ionaid Oiliúna Pobail. Ón suirbhé fuarthas sonraí ar ghníomhaíocht coirp agus ithe sláintiúil, gnéithe den Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus den Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) mar aon le heolas ar fhrithbhulaíocht, úsáid substaintí agus sábháilteacht ar an mbóthar.

Foilsithe in 2017: Suirbhé um Scileanna Saoil

1.3.5 Cairt faoi na hEalaíona san Oideachas

Tá gnéithe breise den Chairt um na hEalaíona san Oideachas lena n-áirítear tacaíocht don Tairseach do na hEalaíona san Oideachas, Léarscáiliú Digiteach, an Taisce Náisiúnta Taighde um na hEalaíona san Oideachas agus tionscnaimh Chairte eile á gcur i ngníomh i gcónaí. Bhí Lá Náisiúnta na Tairsí do na hEalaíona san Oideachas ar siúl i mí Bhealtaine 2017. Beidh an obair ar an Tairseach do na hEalaíona san Oideachas, ar Léarscáiliú Digiteach Náisiúnta, ar Thaisce Náisiúnta na hÉireann um Thaighde ar na hEalaíona san Oideachas a fhorbairt mar aon le tionscnaimh eile faoi Chairt na nEalaíon san Oideachas ag dul chun cinn i gcaitheamh 2018 agus ina dhiaidh.

1.3.6 An Ghaeilge

Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Roinn faoi láthair ar shocruithe maidir le díolúintí ó staidéar na Gaeilge a dheonú. Críochnaíodh tuairisc taighde agus tá céim chomhairliúcháin á hullmhú a sholáthróidh tuilleadh eolais le haghaidh gníomhartha beartais sa réimse seo.

1.4 Seirbhísí Treorach

In 2016 d'fhógair an Roinn go ndéanfaí coibhéis 100 post treorach breise a chur ar fáil faoi Mheán Fómhair 2017. Ciallaíonn seo go mbeidh 400 den 600 post treorach a tarraingíodh siar sa Bhuiséad 2012 curtha ar ais i scoileanna ó Mheán Fómhair 2017. Déantar na poist seo uile a leithdháileadh go

leithleach agus go trédhearcach ar an ngnáthsceideal foirne post do scoileanna. Fógraíodh in 2017 go gcuirfear 100 post treorach eile ar ais sna scoileanna ó Mheán Fómhair 2018 ar aghaidh.

1.5 Comhar idirnáisiúnta

Comhlánaíodh roinnt suirbhéanna a bhaineann le Eurydice agus an ECFE in 2017. Lena chois sin bhí an Roinn rannpháirteach i roinnt comhdhálacha idirnáisiúnta, bhí sí mar óstach do roinnt thoscaireachtaí a tháinig ar cuairt, lean sí uirthi ag obair ar dualgais na Éireann maidir le Scoileanna Eorpacha a chomhlíonadh agus lean sí uirthi ag obair as láimh a chéile lena comhoibrithe sa Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann, dhá chuairt mhalartaithe san áireamh.

1.6 Folláine, Bulaíocht agus Meabhairshláinte i Scoileanna

Rinneadh dul chun cinn nach beag in 2017 ar an ról a chur chun cinn a fhéadann scoileanna a ghlacadh chun cabhrú le scoláirí athléimneacht agus scileanna sáraithe a fhorbairt, a gcumas a fheabhsú déileáil le dúshláin saol na linne seo idir shóisialta agus mhothúchánach. Áiríodh air seo athbhreithniú ar bheartas agus cleachtas na ROS maidir le folláine i scoileanna a chur chun cinn agus ar fhorbairt táscairí folláine.

Tá téama na Folláine soiléir sa churaclam ag gach leibhéal - sna luathbhlianta, sa bhunscoil agus san iarbhunscoil. Tugadh folláine mar réimse foghlama isteach sna scoileanna ó Mheán Fómhair 2017 agus cuireadh tús leis sa chéad bhliain den tSraith Shóisearach. Tá clár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do mhúinteoirí ar fáil a thacaíonn leis an réimse foghlama seo. De bhreis air seo leanadh den obair ar na beartais fhrithbhulaíochta a neadú ar fud an chórais.

1.6.1 Athbhreithniú ar Fholláine

Le linn 2017 rinneadh athbhreithniú ar thacaíochtaí agus cláir reatha atá á dtairiscint ag an Roinn do scoileanna i réimse na folláine, d'fhonn soláthar a chuíchóiriú agus a fheabhsú. Linn na bliana cuireadh tús leis an obair ar tháscairí a chruthú a d'úsáidfí mar shlat tomhais chun an beartas folláine i scoileanna a bhí á fhorbairt a mheas. Lena chois sin bhíothas ag obair i gcónaí ar Ráiteas Beartais na Roinne agus ar Chreat cleachtais maidir le cur chun cinn folláine i scoileanna agus in ionaid oideachais eile.

Lena chois sin rinneadh athbhreithniú ar an modúl Folláine i gcreat cigireachta na Luathbhlianta agus leanadh de bheith ag tuairisciú, i gcigireachtaí a bhí dírithe ar an oideachas, ar sholáthar Folláine sna suímh luathbhlianta go léir a ndearnadh cigireachtaí orthu.

1.6.2 Treoirlínte

Tacaíodh le scoileanna maidir le Treoirlínte Folláine a chur i ngníomh ag an leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile agus maidir le forfheidhmiú na dTreoirlínte um Theagmhas Criticiúil a tugadh cothrom le dáta agus a scaipeadh in 2016/17. In 2017 cuireadh oiliúint ar fáil do 50 éigin iarbhunscoil maidir leis na Treoirlínte athbhreithnithe seo a úsáid, mar chéim thosaigh de bheith ag dul i dteagmháil le gach scoil ó thaobh an scéil seo.

1.6.3 Forbairt ghairmiúil

Cuireadh cláir sainoiliúna ar fáil do bhaill den bhfoireann teagaisc i scoileanna DEIS ó thosach na bliana acadúla 2016/17 ar aghaidh. Go sonrach, chur an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais oiliúint ar fáil le aghaidh:

- 463 mhúinteoir i modúil 1-3 den gclár oiliúna sé mhodúil (sé lá) sa Chlár Bainistíochta Seomra Ranga do Mhúinteoirí Na Blianta Dochreidte. Is clár coisc agus luath-idirghabhála é seo atá

bunaithe sa seomra ranga. Tá sé ceaptha chun fadhbanna iompraíochta a laghdú agus iompar sóisialta na bpáistí a neartú.
- 360 múinteoir sa chlár CAIRDE. Tá sé bunaithe ar scoil. Cuireann siad cosc ar sceimhle agus neartaíonn siad athléimneacht a chuireann ar chumas na bpáistí straitéisí éifeachtacha a fhoghlaim chun déileáil le gach saghas anacair mhothúcháin agus chun é a bhainistiú - imní/strus/athrú/sceimhle.

Tá tionscadal píolótach maidir le forbairt Foirne Tacaíochta do Scoláirí chun tacú le beartas folláine i scoileanna á fhorbairt d'fhonn bloc de scoileanna DEIS a ghlacadh isteach. Tosaíodh ar an 20 scoil DEIS breise a roghnú in 2017.

Foilseachán in 2017:
- Dearcaí Tuismitheoirí agus Daltaí maidir le Gníomhacha na Scoile chun Cultúr Scoile Dearfach a chruthú agus chun an Bhulaíocht a chosc agus a stopadh (Iúil 2017)
- Cur chuige cothromaithe i leith Forbairt Litearthachta sna Luathbhlianta

1.7 An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna

In 2017, foilsíodh Plean Gníomhaíochta um Straitéis Dhigiteach ar aithníodh 120 beart agus fo-bheart faoi a sholáthrófar in 2017. Soláthraíodh 113 díobh, is é sin, ráta críochnaithe 94%. Forbrófar cuid de na bearta seo tuilleadh in 2018. Tabharfar an 7 bhfo-bheart ar aghaidh isteach sa Phlean Gníomhaíochta um an Straitéis Dhigiteach 2018. Ar chuid de na príomhspriocanna a baineadh amach áirítear:

- Cuireadh ráitis agus cuspóirí soiléire maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha san áireamh i ngach sonraíocht curaclaim a bhí á forbairt in 2017.
- Tá TFC ina cuid dhílis de gach clár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí bhí á fhorbairt in 2017.
- Cuireadh réimse chuimsitheach tacaíochtaí a bhí dírithe go sonrach ar theicneolaíochtaí digiteacha i dteagasc agus i múineadh ar fáil do scoileanna / múinteoirí in 2017. Áiríodh orthu seo cúrsaí TFC, ceardlanna, acmhainní agus cúrsaí ar líne, físeáin dhea-chleachtais agus réimse tacaíochtaí agus acmhainní eile.
- Taifeadadh breis is 31,000 idirghníomhaíocht le múinteoirí le cláir agus cúrsaí FGL in 2017.
- Trí Webwise, an curaclam agus bealaí cuí eile, forbraíodh bearta agus cláir a spreagann feasacht chun úsáid fhreagrach eiticiúil an idirlín i scoileanna a chur chun cinn agus cuireadh ar fáil do scoileanna iad. D'fhorbair Foireann Webwise an acmhainn "**Be in Ctrl"** i gcomhar leis An Garda Siochána. Téann sé i ngleic le fadhb an chomhéignithe ghnéasaigh agus an tsracaithe ar líne agus tacaíonn sé le curaclam an Oideachais Shóisialta, agus Sláinte Phearsanta (OSSP). Nascann tacaíocht Webwise an baile agus an scoil trí mhol tuismitheoireachta ar líne a fhorbairt (seolta in 2017). Tugann sé seo rochtain éasca do thuismitheoirí ar chomhairle agus faisnéis phraiticiúil a chabhróidh leo déileáil lena gcuid imní faoi shaincheisteanna éagsúla a bhíonn roimh a gcuid leanaí sa timpeallacht ar líne. Sa mhol nua tugtar comhairle shaineolaí ó ghairmithe agus tairgtear spreagthóirí comhrá áisiúla agus leideanna faoi shábháilteacht idirlín a bhainistiú sa bhaile. D'fhonn tacú leis an mol nua ar líne sheol Webwise *Treoir do Thuismitheoirí i dtaobh Scagadh Idirlín.* Cuireann an leabhrán seo ar chumas tuismitheoirí labhairt go muiníneach lena gcuid leanaí faoi thairbhí agus rioscaí ar líne cosúil le cibearbhulaíocht, screen time, gnéastéacsáil, meáin shóisialta agus pornagrafaíocht ar líne.

1.8 An Chreatlach Foghlama Digití

Forbraíodh Creat Foghlama Digití nua do mhúinteoirí agus ceannairí scoile in 2017 agus tá sé á úsáid ar bhonn trialach faoi láthair i 50 scoil (30 bunscoil agus 20 iarbhunscoil). Tá measúnú ar an gCreat ar siúl le linn na tréimhse trialaí. Beidh an Creat atá bunaithe ar fhianaise agus ar thorthaí taighde áitiúil

agus idirnáisiúnta mar threoir ag scoileanna maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a neadú i dteagasc, múineadh, ceannaireacht agus bainistíocht. Tá Treoirlínte Pleanála um Fhoghlaim Dhigiteach a forbraíodh in 2017 freisin ag gabháil leis an gCreat. Is féidir úsáid a bhaint as na treoirlínte seo chun tacú le pleanáil na scoile ar fad, pleanáil an rann ábhair nó le pleanáil an mhúinteora aonair i ndáil le teicneolaíochtaí digiteacha a neadú i múineadh, i bhfoghlaim agus i measúnacht agus i ngnáthshaol scoileanna.

1.9 Bonneagar TFC i Scoileanna

Ar an iomlán dáileadh amach maoiniú deontais €30 milliún ar 3,800 bunscoil, scoil speisialta agus iarbhunscoil éigin in 2017. Scaoileadh an chéad tráinse ón ngealltanas €210 milliún faoin Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020.

Tá gach iarbhunscoil agus roinnt scoileanna speisialta san áireamh i gclár leathanbhanda Ardluais 100Mb/s de chuid na Roinne. Maidir le bunscoileanna, tá feabhas mór tagtha ar an scéal le blianta beaga anuas. Tá méadú tagtha ar líon na mbunscoileanna ag a bhfuil luas leathanbhanda níos airde na 30 Mbps, suas ó níos lú ná 100 scoil in 2012 go breis is 1100 scoil in 2017. Táthar ag díriú ar 400 scoil eile chun uasghrádú a dhéanamh orthu le linn 2018. Déanfar an obair i 40 ceann díobh seo i Ráithe 1 de 2018.

1.10 Leithdháiltí múinteoirí

In 2017, leithdháileadh 68,620 post múinteoireachta ag leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile. Sa phróiseas ath-imlonnaithe in 2017 rinneadh 152 múinteoir buan a ath-imlonnú ag an leibhéal bunscoile agus 11 mhúinteoir buan ag an leibhéal iarbhunscoile. Agus próiseas ath-imlonnaithe na múinteoirí buana barrachais ag an leibhéal bunscoile críochnaithe úsáidtear painéal forlíontach ath-imlonnaithe chun poist bhuana atá fágtha a líonadh. In 2017 bhí breis is 2,140 múinteoir ar an bpainéal forlíontach ath-imlonnaithe.

1.11 Achomhairc faoi Alt 29

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 is féidir achomharc a dhéanamh le hArdrúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le cinneadh atá glactha ag bord bainistíochta scoile nó ag duine a fheidhmíonn thar ceann bord bainistíocht i dtaobh na nithe seo:

- scoláire a eisiamh ón scoil go buan,
- scoláire a chur ar fionraí ón scoil ar feadh tréimhse carnaí 20 lá scoile i mbliain scoile ar bith nó,
- diúltú scoláire a chur ar rolla na scoile.

In 2017 fuair an Roinn 373 n-iarratas ar achomharc san iomlán faoi Alt 29. Coinníodh éisteacht iomlán maidir le 199 gcinn díobh seo. As na hachomhairc a fuair éisteacht iomlán seasadh le 78 cinn (39%) agus níor seasadh le 121 cheann (61%).

1.12 Straitéis 20 Bliain na Gaeilge

Leanadh de bheith ag cur i ngníomh bearta atá leagtha amach i Straitéis 20 Bliain na Gaeilge de chuid an Rialtais in 2017. Tacaíodh léi trí chomhar leanúnach leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Gné nua den straitéis a comhaontaíodh leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta is ea na príomh-chomhpháirt i bplean gníomhaíochta cúig bliana a shainaithint ina bhféachtar le príomhbhearta a chomhdhlúthú i réimsí ar leith na straitéise.

1.13 An Beartas um Oideachas Gaeltachta 2017-2022

Cuireadh tús le cur i ngníomh Beartas um Oideachas Gaeltachta 2017-2022 de chuid na Roinne go luath in 2017 trí Aonad Oideachas Gaeltachta a bhunú sa Roinn. Tacaíonn foireann thiomnaithe cigirí bunscoile agus iarbhunscoile leis an Aonad Oideachas Gaeltachta ina chuid oibre d'fhonn cáilíocht an

oideachais trí Ghaeilge a threisiú agus úsáid na Gaeilge i bpobail scoile Ghaeltachta a mhéadú. Lena chois sin tá foireann cigirí ag tacú le bunscoileanna agus iarbhunscoileanna ar rogha leo páirt a ghlacadh sa Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta chun aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta trí chomhairle, tacaíocht agus aiseolas a chur ar fáil.

Cuireadh tús le cuairteanna comhairleacha na Cigireachta i mí Mheán Fómhair 2017 agus rinneadh iad in éineacht le seimineáir forbartha gairmiúla a chuir COGG agus seirbhísí tacaíochta náisiúnta eile ar fáil. Rinne an fhoireann chigireachta tuairim is 132 chuairt chomhairleacha in 2017.

1.14 An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)

Le linn 2017 méadaíodh líon foirne na síceolaithe a bhí ceadaithe ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais ó 173 (coibhéis lánaimseartha) go 184 (coibhéis lánaimseartha) go sonrach chun an tseirbhís do scoileanna DEIS a fheabhsú. Tar éis babhta earcaíochta chun folúntais reatha agus na poist nua a líonadh d'fhás líon foirne na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais sa bhliain sin ó 162 go 180 (coibhéis lánaimseartha). Líonfar na 4 phost eile in 2018. Is é seo an líon is airde síceolaithe atá fostaithe sa cháil seo ó cuireadh tús leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais in 1999. Rinneadh gealltanas sa Bhuiséad 2018 10 bpost a chur le líon foirne na Seirbhíse ó thús na bliana acadúla 2018/19.

1.15 Measúnú ar an gclár Iar-Ardteistiméireachta

Chun a chinntiú go bhfuil baint ag cúrsaí leis an margadh saothair agus go ndéanfaidh foghlaimeoirí dul chun cinn éifeachtach gealltar sa Straitéis um Bhreisoideachas agus Oiliúint 2014-19 go n-eagróidh SOLAS sceideal de chláir Bhreisoideachais agus Oiliúna agus go gcuirfidh sé ar siúl iad. Críochnaíodh an obair ar an chéad cheann díobh seo, is é sin, an measúnú ar an gClár Iar-Ardteistiméireachta, leis an an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Lena chois sin cuireadh tús le hobair ar an measúnú neamhspleách ar an gclár Ógtheagmháil. Tá sé i gceist í seo a chríochnú in 2018. Chomh maith leis seo tosaíodh ar chomh-mheasúnú ar an Scéim um Dheiseanna Gairmoiliúna (SDGO) agus Oiliúint Sainscileanna.

1.16 An Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna le Cuidiú Teicneolaíochta

Lean an Roinn uirthi ag obair le SOLAS ar fhorfheidhmiú na chéad Straitéise um Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta 2016-2019. Tógtar ar chumas agus ar dhea-chleachtas atá ann cheana féin i bhfoghlaim le cuidiú teicneolaíochta, d'fhonn feabhas a chur ar rochtain agus soláthar BOO a fheabhsú agus a nuáil. Ar an dul chun cinn a rinneadh in 2017 áirítear forbairt pleananna gníomhaíochta um fhoghlaim le cuidiú teicneolaíochta i ngach BOO chun tacú le bonneagar, oideolaíocht agus FGL. Lena chois sin cuireadh tús le hobair ar bhonneagar chun inneachar a roinnt agus a bhainistiú a fhorbairt d'fhonn roinnt agus forbairt acmhainní a éascú i measc múinteoirí.

1.17 TFC san Ardoideachas

In 2017 chuir Institiúidí Ardoideachais 3,800 áit i gcampaí samhraidh TFC ar fáil do scoláirí dara leibhéil mar aon le 1,000 áit le haghaidh fiontraíochta, cruthaitheachta agus nuálaíochta. I mí Feabhra 2018 fuair 41 thionscadal maoiniú €4.4 milliún tríd an gClár Discover de chuid Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun an tuiscint phoiblí ar STEM a fheabhsú agus chun tacú le tionscnaimh oideachais do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht.

GOAL 02

Sprioc 2 - Feabhas a chur ar dhul chun cinn foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais nó foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu

Tá na prionsabail um chuimsiú agus rochtain do chách i gcroílár ár gcur chuige chun ár gcóras oideachais agus oiliúna a chur chun cinn d'fhonn a chinntiú go dtacófar le páistí agus le daoine óga ó chúlraí éagsúla mar is cuí agus gur féidir leo leas a bhaint as an deis a n-acmhainneacht a uasmhéadú trí fhoghlaim. Tá réimse straitéisí ag an Roinn chun cabhrú agus tacú leo siúd ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta nó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus chun iad a spreagadh chun leas a bhaint as seirbhísí oideachais agus oiliúna d'ardchaighdeán.

Athbhreithniú ar an mBliain faoin Sprioc seo

- Ainmníodh ciste €16.2 milliún mar thacaíocht do thuismitheoirí aonair agus grúpaí eile faoi mhíbhuntáiste chun rochtain a dhéanamh ar an ardoideachas.
- Cuireadh amach glaoch ar thairiscintí faoi Snáithe 2 den gClár um Rochtain ar an Ardoideachas (PATH).
- Bronnadh maoiniú €10.4 milliún chun tacú le 11,800 scoláire faoi mhíchumas chun cabhrú leo rochtain a dhéanamh ar an ardoideachas in 2016/17.
- Bhain 16,019 mac léinn san iomlán leas as an gCiste Cúnaimh do Mhicléinn dar luach €8 milliún in 2016/2017.
- Fuair tuairim is 82,000 macléinn deontais ardoideachais dar luach iomlán €371 milliún faoi Thacaíocht Chomhchoiteann do Mhicléinn in Éirinn (SUSI).
- Bhí 30 tairbhí Scoláireachta agus 345 tairbhí Sparánachta agus caitheadh €1.2 milliún san iomlán ina leith in 2017.
- D'fhoilsigh SOLAS an tuarascáil Barriers to Further Education and Training with Particular Reference to Long Term Unemployed Persons and Other Vulnerable Individuals (Baic roimh Bhreisoideachas agus Oiliúint le hAird ar leith ar Dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus Daoine Leochaileacha eile).
- Seoladh Plean nua um Chomhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sholáthar (DEIS). Dá thoradh sin tugadh 79 scoil sa mbreis isteach sa chlár agus fuair 30 scoil breise uasghrádú ó Bhanda 2 go Banda 1. Tacaíonn DEIS le 902 scoil faoin am seo, is é sin, 704 bunscoil agus 198 iarbhunscoil. Déanann an Roinn infheistíocht €125 milliún san iomlán ann.
- Cuireadh 900 post sa mbreis ar fáil chun samhail nua leithdháiltí múinteora a chur i bheidhm i scoileanna príomhshrutha. Tá 805 cinn de na poist sin leithdháilte go dtí seo agus is é 13,306 an leithdháileadh iomlán faoi láthair dá thoradh.
- Sholáthraigh breis is 1,450 múinteoir oideachas do 7,739 leanbh a bhí ag freastal ar scoileanna speisialta ina raibh cóimheas scoláire múinteora íslithe idir 6:1 agus 11:1, ag brath ar an gcatagóiriú míchumais.
- Bhain 1,710 scoláire san iomlán úsáid as teagasc baile le linn na scoilbhliana 2016/17. Caitheadh maoiniú dar luach €14.6 milliúin air seo.
- Bhain 6114 dalta san iomlán leas as an soláthar Mí Iúil - (Teagasc Baile) in 2017. Caitheadh maoiniú €13.8 milliún air seo.
- Iompraíodh beagnach 12,000 leanbh ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta chuig scoileanna ar breis is 2,600 bealach. Caitheadh breis is €82.5 milliún air seo.
- Seoladh an Ciste Sármhaitheasa Scoile - DEIS. Bhí maoiniú €1.8 milliún leithdháilte air chun tacú le cláir nuálacha i scoileanna DEIS.
- Chuir an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta tionscnaimh tacaíochta ar siúl lena n-áirítear treoir, FGL agus oiliúint chun tacú le cur i ngníomh na samhla nua um Leithdháileadh do Riachtanais Oideachais Speisialta.
- Bhuaigh "Samhail nua chun Múinteoirí Oideachais Speisialta a Leithdháileadh ar Scoileanna" Gradaim 2017 um Bharr Feabhais agus Nuála na Státseirbhíse

Tá tuilleadh sonraí faoi na rudaí seo agus rudaí eile a baineadh amach faoin Sprioc seo leagtha amach anseo thíos.

2.1 Rochtain agus Cuimsiú i Suímh Luathóige

Tá ról ríthábhachtach ag an Roinn maidir le tacú le cáilíocht an tsoláthair oideachais in Ionaid Chúram agus Oideachas Luathóige. Oibríonn an Roinn leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun comhairle a chur uirthi maidir le cáilíochtaí an lucht saothair agus leis an earnáil ardoideachais agus breisoideachais d'fhonn a chinntiú go bhfaigheann cleachtóirí luathóige oideachas tosaigh agus oiliúint thosaigh ardcháilíochta chun tacú lena gcuid cleachtais ghairmiúil.

Tá an Roinn i gceannas ar chur i ngníomh na gcreatlaí náisiúnta cleachtais, Síolta (creatlach dearbhú cáilíochta) agus Aistear (an chreatlach churaclaim) tríd an Tionscnamh Náisiúnta Síolta Aistear a chur i ngníomh. Tá an tionscnamh seo, i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, Tús Níos Fearr (Seirbhís Speisialtóra Luathóige) agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ag forbairt FGL agus cláir mheantóireachta do chleachtóirí.

2.1.1 Tús Luath

Déanann an Roinn maoiniú díreach ar na ranganna réamhscoile Tús Luath a bunaíodh in 1994/95 agus riarann iad i 40 bunscoil agus i réamhscoil Sráid Rutland i gceantair ainmnithe faoi mhíbhuntáiste uirbeach ar fud na tíre. Is é atá i gceist leis an togra ná clár oideachais chun forbairt iomlán a chur chun cinn agus cúiteamh a dhéanamh ar iarmhairtí an mhíbhuntáiste shóisialta. Is féidir leis an gclár freastal ar 1,650 páiste.

Íoctar maoiniú caipitíochta €95.23 in aghaidh na bliana i dtaobh gach leanbh réamhscoile a bhaineann leas as Tús Luath. De bhreis air seo faigheann gach aonad iomlán agus gach leath-aonad maoiniú neamh-phá i dtaobh deontas tionscnaimh nua i gcomhair ábhar/trealaimh mar aon le deontas bliantúil chun rannpháirtíocht na dtuismitheoirí a chothú. In 2017 íocadh maoiniú neamh-phá dar luach €0.244m le hAonaid Tús Luath ón bhfo-cheann seo.

2.1.2 Tionscadal Réamhscoile Sráid Rutland

Clár réamhscoile dhá bhliana is ea an Tionscadal Réamhscoile Sráid Rutland. Bunaíodh in 1969 é i bpobal lár na cathrach i mBaile Átha Cliath. Freastalaíonn sé ar leanaí idir 3-5 bliana d'aois. Cé nach cuid de Thús Luath é baineadh úsáid as mar thionscadal píolótach do chuir chuige ar baineadh úsáid astu níos déanaí sa tionscadal Tús Luath. In 2017, fuair an tionscadal réamhscoile Sráid Rutland maoiniú €60 míle le haghaidh pá neamh-theagaisc - agus €62,580 le haghaidh costais reáchtála ón Roinn. Mar fhoireann na scoile fostaítear príomhoide riaracháin, seisear múinteoirí agus cúigear oibrí cúram leanaí chun freastal ar 95 leanbh.

2.2 Tacú le Cuimsiú agus Éagsúlacht

Tá ról tacaíochta ag an Roinn maidir le forbairt leanúnach an tSamhail Rochtana agus Ionchuimsithe de chuid Tús Níos Fearr (AIM) a sheol an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i mí Mheithimh 2016. Samhail tacaíochtaí í seo atá ceaptha lena chinntiú gur féidir le leanaí faoi mhíchumais rochtain a dhéanamh ar an gclár Cúram agus Oideachas Luathóige. Forbraíodh an tsamhail agus comhaontaíodh ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Sláinte í. Is léir ó fhigiúirí a bhí againn go dtí deireadh 2017 gur bhain 3,344 leanbh san iomlán a bhí rannpháirteach i gclár Cúram agus Oideachas Luathóige leas as an tSamhail Rochtana agus Ionchuimsithe; is é an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a mhaoiníonn gach gníomhaíocht faoin tSamhail ag an bpointe seo.

In 2017 lean an Roinn uirthi ag cur tacaíochtaí ar fáil don tsamhail Rochtana agus Ionchuimsithe trí bheith rannpháirteach san dá rud seo: foireann tionscadail maidir le forbairtí ar nós Acmhainní na

Samhla Rochtana agus Ionchuimsithe do Shúgradh Cuimsitheach (6000 pacáiste a sholáthrófar chuig seirbhísí Cúram agus Oideachas Luathóige go náisiúnta in 2018) agus sa ghrúpa oibre Oiliúna a tionóladh in 2017 chun cláir oiliúna breise a fhorbairt in 2018.

Tá cuibhreannas faoi stiúir Choláiste Muire gan Smál, i gcomhpháirtíocht le Luathóige Éireann agus Froebel, Ollscoil Mhaigh Nuad, ag seachadadh an chláir Ceannaireacht um Chuimsiú (LINC) http://lincprogramme.ie/ a bhuaigh gradam. Cuirtear ar fáil ar fud na tíre é do 900 macléinn in aghaidh na bliana thar ceithre bliana chun Comhordaitheoir Cuimsitheachta a oiliúint i gcomhair oibre i ngach suíomh luathóige. Ról fíor-thábhachtach é seo a aithníodh chun cabhrú le leanaí faoi mhíchumas ar réamhscoil. Íocann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige caipitíocht bhreise le seirbhísí a fhostaíonn Comhordaitheoir Cuimsitheachta. Bhain an dara díorma macléinn a gcuid céimeanna amach i mí Mheán Fómhair 2017.

2.3 Cothromas Rochtana ar Ardoideachas

2.3.1 An Clár Rochtana ar Ardoideachas (PATH)

Bhunaidh an Roinn an *Ciste don gClár Rochtana ar Ardoideachas (PATH)* chun tacú le cur i ngníomh an Phlean Rochtana Náisiúnta. Tá an ciste comhdhéanta de mhaoiniú tiomnaithe chun tacú le rochtain ar ardoideachas. Leithdháiltear é ar bhonn iomaíochta ar institiúidí ardoideachais chun tacú le réimsí tosaíochta ar leith. Mar thoradh ar €16.2 milliún a cuireadh ar fáil do PATH tríd an bpróiseas Buiséid d'éirigh linn trí shnáithe den gciste a fheidhmiú go céimneach.

PATH1 - fógraíodh in 2016 é. Tacaíonn sé leis an gcuspóir rochtain ar oideachas tosaigh múinteoirí a mhéadú do mhicléinn ó na spriocghrúpaí a aithníodh sa Phlean Náisiúnta Rochtana, cosúil le Tuismitheoirí Aonair agus Taistealaithe. D'iarr an Roinn tríd an tÚAO ar an sé lárionad sármhaitheasa teagaisc i gcomhpháirtíocht le luchtanna leasa áitiúla, dul san iomaíocht le haghaidh maoiniú PATH 1 trí thograí a chur isteach de réir na gcritéar ordaithe. Fuair gach ceann den sé lárionad Sármhaitheasa Teagaisc maoiniú le haghaidh tionscnamh

PATH 2 - Infheisteofar €6 milliún i sparánachtaí tríd an "gCiste Sparánachtaí 1916". Bronnfar na sparánachtaí seo ar 600 macléinn sna trí bhliana acadúla a atá aitheanta ag a nInstitiúid Ardoideachais mar na micléinn is mó atá faoi mhíbhuntáiste sóch-eacnamaíoch sna spriocghrúpaí.

PATH 3 - Is é atá beartaithe tacú le braislí réigiúnacha d'institiúidí ardoideachais chun 2,000 macléinn sa mbreis a mhealladh ó ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht faoi láthair san ardoideachas, Tuismitheoirí Aonair agus Taistealaithe san áireamh. Tá maoiniú €2.5 milliún in aghaidh na bliana ar fáil do Shnáithe PATH 3 i gcomhair na dtrí bliana seo chugainn.

2.3.2 Ciste do Mhicléinn faoi Mhíchumas

Is é is aidhm don gCiste do Mhicléinn faoi Mhíchumas, ciste atá á chomh-mhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus ag Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid de Chlár Ciste Shóisialta na hEorpa d'Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim 2014-2020 a chinntiú gur féidir le scoláirí faoi mhíchumas páirt a ghlacadh go hiomlán san oideachas, é sin nó ar an mbonn céanna lena gcomhghleacaithe. Rinneadh athbhreithniú ar an gCiste do Mhicléinn faoi Mhíchumas in 2017 agus tá cur i bhfeidhm na moltaí á phlé. €10.4 milliún nó mar sin ab ea an cabhair deontais don gCiste do Mhicléinn faoi Mhíchumas sa bhliain acadúil 2016/17 agus chuaigh sé seo chun tairbhe do 11,800 macléinn.

2.3.3 An Ciste Cúnaimh do Mhicléinn

Cuireadh €1 milliún sa mbreis leis an gCiste Cúnamh do Mhicléinn agus tuismitheoirí aonair in 2017 d'fhonn a chur ar chumas tuismitheoirí aonair agus spriocghrúpaí eile rannpháirtiú san ardoideachas ar bhonn páirtaimseartha. Cuireann an Ciste Cúnaimh do Mhicléinn, ciste atá á chomh-mhaoiniú ag

Rialtas na hÉireann agus ag Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid de Chlár Ciste Shóisialta na hEorpa d'Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim 2014-2020 cúnamh airgid ar fáil do mhicléinn lánaimseartha fhochéime nó do mhicléinn iarchéime a bhfuil gá acu leis an tacaíocht sin. Is é is aidhm don gCiste Cúnamh do Mhicléinn tacaíocht a thabhairt do mhicléinn a mbeadh a rannpháirtíocht san ardoideachas i mbaol murach é de dheasca deacrachtaí airgid go díreach. Caitheadh €8 milliún agus fuair 16,019 macléinn san iomlán maoiniú sa bhliain acadúil 2016/17.

2.3.4 Tuismitheoirí Aonair

Foilsíodh an tuarascáil ar *'An Independent Review to Identify the Supports and Barriers for Lone Parents in Accessing Higher Education and to Examine Measures to Increase Participation'* i mí Lúnasa 2017.

Bunaíodh grúpa tras-Ranna faoi chathaoirleacht na Roinne, chun freagairt do na moltaí a thugtar sa tuarascáil. Fógraíodh dhá bheart sa Bhuiséad 2017 a dhéanann difear do thuismitheoirí aonair:

- €1 milliún a bheith á chur ar fáil chun tacú le moltaí ón athbhreithniú ar thuismitheoirí aonair.
- €1 milliún a bheith á chur ar fáil do sparánachtaí a dhíreofar ar ghrúpaí ar leith, tuismitheoirí aonair san áireamh.

Tá Plean Sonraí um Chothromas Rochtana, arna choimisiúnú ag an ÚAO, á chríochnú faoi láthair.

2.4 Deontais do Mhic Léinn

Fuair Tacaíocht Chomhchoitinn do Mhicléinn in Éirinn (SUSI) 103,300 iarratas don bhliain acadúil 2017/18. Measadh tuairim is 82,000 díobh seo a bheith incháilithe i gcomhair tacaíocht deontais. Caitheadh tuairim is €371 milliún ar thacaíochtaí deontais do mhicléinn in 2017.

Foilseachán in 2017:

- *Scéim Deontais do Mhic Léinn 2017 (I.R. Uimh. 125 de 2017).*
- *Rialacháin Tacaíochta do Mhicléinn 2017 (I.R. Uimh. 126 de 2017).*
- *Rialacháin an Achta um Thacaíocht do Mhicléinn 2011 (Daoine forordaithe) 2017 (I.R. Uimh. 410 de 2017).*

2.5 Bord Achomhairc um Dheontais do Mhicléinn

In 2017 tháinig an Bord Achomhairc um Dheontais do Mhicléinn le chéile 28 uaire. D'éist an Bord le tuairim is 727 achomharc ó mhicléinn a raibh cinntí a rinne oifigigh achomhairc ina n-ábhar gearáin acu.

2.6 Scoláireachtaí agus Scéim Sparánachta

Bhí 30 tairbhí Scoláireachta agus 345 tairbhí Sparánachta sa bhliain acadúil 2016/17 agus caitheadh €1.2 milliún san iomlán sa bhliain airgeadais 2017.

2.7 Rochtain ar Bhreisoideachas agus Oiliúint do Ghrúpaí faoi Mhíbhuntáiste

Tá cuimsiú gníomhach ar na ceithre sprioc straitéiseacha atá mar bhonn agus taca faoin Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019 agus tá sé dírithe ar tacú le rannpháirtíocht gach duine i mbreisoideachas agus oiliúint chun gur féidir le gach saoránach páirt a ghlacadh sa tsochaí.

Críochnaíodh tionscadal taighde neamhspleách a shainaithníonn baic roimh rannpháirtiú i mBOO agus foilsíodh ar shuíomh gréasáin SOLAS é. Sa taighde cíoradh baic eistreacha agus baic intreacha atá roimh rannpháirtíocht. San áireamh bhí baic roimh rannpháirtíocht grúpaí ar leith a shainaithint atá eisiata ar chúiseanna sóch-eacnamaíochta, agus fad ón oideachas agus ón margadh saothair. Mar chuid den bpróiseas pleanála BOO bliantúil beidh ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO) sonraí faoi

thionscnaimh reatha agus thionscnaimh nua i dtaobh dul i ngleic le baic atá roimh theacht a fháil ar BOO a thabhairt do SOLAS.

2.8 DEIS 2017

Sa Phlean DEIS 2017 leagtar amach sraith Bearta, sonraí Clár Tacaíochta Scoile DEIS nuashonraithe a léiríonn na tacaíochtaí atá ar fáil san iomlán do scoileanna a ghlacann páirt i nDEIS d'fhonn feabhas a chur ar thorthaí oideachais na scoláirí siúd is mó atá i mbaol gan a lánacmhainneacht a bhaint amach de dheasca na gcúinsí sóch-eacnamaíoch ina bhfuil siad. Den chéad uair leagadh síos sainchuspóirí i bpríomhréimsí ar nós Litearthachta agus Uimhearthachta, Críochnú Scoile agus dul chun cinn chuig Breisoideachas agus Ardoideachas. Lena chois sin chuir an Plean samhail nua ar fáil atá bunaithe ar shonraí, chun leibhéil mhíbhuntáiste i scoileanna a mheas ionas scoileanna a aithint a bhfuil gá leo le tacaíochtaí breise. Tá córas leithdháilte deontais níos éifeachtaí á fhorbairt chun a chinntiú go n-oirfidh na hacmhainní don riachtanas oideachais aitheanta sna scoileanna agus go bhfaighidh iad siúd a bhfuil an riachtanas is mó acu tacaíochtaí breise chun tabhairt faoi na riachtanais a aithníodh.
Ar an iomlán tá dul chun cinn maith déanta faoi DEIS. Taispeánadh sa Tuarascáil Coinneála is déanaí a d'eisigh Aonad Staidrimh na Roinne gur tháinig méadú ar an ráta coinneála Ardteistiméireachta i gcás scoileanna DEIS ó 82.7% i gcomhair díorma scoláirí na bliana 2009 go 84.41% i gcomhair díorma na bliana 2010. Ón mbliain 2005 tá an ráta coinneála Ardteistiméireachta i scoileanna nach scoileanna DEIS iad idir 91.7% agus 92.9% agus tháinig méadú ar an ráta coinneála ó 78.4% go 84.4% i gcás scoileanna DEIS sa tréimhse céanna. Maidir le luathfhágáil scoile, d'fhéadfaimis a thabhairt faoi deara gurb é <10% an sprioc ceannlíne AE2020. Is é 8% an sprioc náisiúnta atá curtha ag Éirinn di féin, agus is é 10.6% an meánráta san AE faoi láthair (2017). Anseo in Éirinn, tháinig laghdú ó 10.8% in 2011 go 6.1% in 2017 ar an gcion de luathfhágálaithe scoile reatha (is é sin, daoine idir 18-24 bliana d'aois a bhfuil meánoideachas íseal ar a mhéid acu agus nach bhfuil i mbun breisoideachais ná breisoiliúna). Léiríonn sé seo go bhfuil dul chun cinn dearfach déanta a sháraíonn sprioc na hÉireann. Tá feabhas suntasach tagtha ar rátaí coinneála i scoileanna DEIS ó tugadh DEIS isteach. Léirigh measúnuithe ar bhunscoileanna DEIS méadú ar scóir litearthachta agus uimhearthachta i gcaitheamh ama. Lena chois sin is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil laghdú tagtha ar rátaí neamhláithreachta i scoileanna Banda Uirbigh 1 i gcaitheamh ama.

Tuarascáil leis an Lárionad Taighde Oideachais "Measúnú ar DEIS: Tuairiscítear i Monitoring achievement and attitudes among urban primary school pupils from 2007 to 2016 [1]"gur breathnaíodh méaduithe beaga ar na meánscóir sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic araon ó 2013 go 2016. Idir 2007 agus 2016 breathnaíodh méaduithe níos mó sa mhatamaitic ná mar a breathnaíodh sa léitheoireacht ag gach leibhéal gráid. I roinnt cásanna bhí gnóthachtáil i scoileanna Banda 2 in 2016 ag leibhéal na gcaighdeán náisiúnta atá socraithe do na tástálacha seo, nó níos airde den chéad uair. Ag an leibhéal iarbhunscoile d'éirigh an bhearna beagáinín níos cúinge idir scoileanna DEIS agus scoileanna eile i gcás gráid Teastais Shóisearaigh agus bhí treocht suas nach beag ann ó 2009 ar aghaidh i leibhéil ghnóthachtála ar an iomlán i mBéarla agus Matamaitic ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh.

2.9 Riachtanais Oideachais Speisialta

2.9.1 Ag freastal ar Scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta

Déanann an Roinn maoirseacht ar sholáthar réimse tacaíochtaí agus seirbhísí oideachais do pháistí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta i scoileanna príomhshrutha agus i scoileanna speisialta. Áirítear orthu múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, teicneolaíocht chúnta, trealamh speisialta, caipitíocht ardaithe agus socruithe iompair speisialta.

[1] http://www.erc.ie/wp-content/uploads/2017/06/DEIS-report-2017.pdf

Geallann an Roinn go gcinnteoidh sí go mbeidh rochtain ar oideachas ag gach páiste ag a bhfuil riachtanas oideachais speisialta atá oiriúnach dá chuid riachtanas. Ba é an rogha is fearr é dá gcuirfí an t-oideachas ar fáil i suímh chuimsitheacha i scoileanna príomhshrutha trí líonra na mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna. Mura féidir freastal ar pháistí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta i suímh phríomhshrutha, soláthraíonn an Roinn áiteanna i ranganna agus scoileanna speisialta.

Tá an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) freagrach, trína líonra d'Eagraithe Riachtanas Speisialta, as iarratais ó scoileanna ar thacaíochtaí do pháistí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu a phróiseáil.

2.9.2 Tacaíochtaí Dírithe arna soláthar do scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta i Scoileanna Príomhshrutha agus i Scoileanna Speisialta

Faoi dheireadh 2017 bhí 13,300 múinteoir riachtanas oideachais speisialta (coibhéis lánaimseartha) ag tabhairt tacaíocht múinteoireachta breise do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna príomhshrutha. De bhreis air seo cuireadh 900 post múinteoireachta breise ar fáil chun tacú le tús a chur leis an tsamhail leithdháilte nua. Is ionann sin agus méadú 13% le dhá bhliain anuas.

De bhreis air sin sholáthraigh níos mó ná 1,450 múinteoir oideachas do leanaí a bhí ag freastal ar 124 scoil speisialta ina raibh cóimheas scoláire múinteora íslithe idir 6:1 agus 11:1 de réir catagóiriú míchumais na ndaltaí a bhí ag freastal orthu.

Tugtar tacaíocht leis, do pháistí ag a bhfuil riachtanais chúraim speisialta, obair a dhéanann cúntóirí riachtanas speisialta (SNA). Bhí soláthar á dhéanamh do 13,990 bpost CRS (coibhéis lánaimseartha) faoi dheireadh 2017 chun cúram a thabhairt do pháistí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta i mbunscoileanna, iarbhunscoileanna agus scoileanna speisialta. I mBuiséad 2018 rinneadh soláthar do 130 phost CRS breise suas go mí Mheithimh 2018. Beidh 14,120 phost CRS san iomlán ar fáil i gcomhair a leithdháilte ansin.

Tugadh tuairim is 2,436 deontas do bhunscoileanna (1,966 do Bhunscoileanna agus scoileanna speisialta agus 470 deontas d'iarbhunscoileanna) chun saintrealamh a cheannach a chabhróidh le páistí ag a bhfuil riachtanais speisialta sa seomra ranga. Áirítear ar an trealamh a soláthraíodh córais réimse fuaime do pháistí a bhfuil lagú éisteachta orthu nó bogearraí agus áiseanna ríomhaire do pháistí ag a bhfuil míchumas cumarsáide.

2.9.3 An tSamhail nua chun múinteoirí oideachais speisialta a leithdháileadh ar scoileanna

Tugadh isteach samhail nua chun Acmhainní Múinteoireachta d'Oideachas Speisialta a leithdháileadh ar bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna príomhsrutha ó Mheán Fómhair 2017. Tá an tsamhail nua seo ceaptha le bheith níos cothroime níos fearr maidir le hacmhainní a leithdháileadh chun tacú le leanaí ag a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta agus cuireann sé aon leithdháileadh aonair aontaithe amháin ar fáil do gach scoil atá bunaithe ar phróifíl oideachais na scoile sin. Leis an leithdháileadh aonair seo is féidir le scoileanna tacaíocht teagaisc bhreise a chur ar fáil do gach scoláire a bhfuil gá aige/aici leis an tacaíocht sin ar scoil. Bainfidh na scoileanna úsáid as acmhainní de réir riachtanais foghlama gach scoláire ar leith. Lena chois sin laghdaíonn an tsamhail nua an t-ualach riaracháin ar scoileanna de réir mar a chuireann sé an próiseas nua in ionad an phróisis bhliantúil atá ann faoi láthair. Leis an tsamhail leithdháilte nua cinntítear go mbeidh níos mó cinnteachta ag scoileanna maidir leis na hacmhainní a bheidh ar fáil acu chun teagasc breise a thabhairt d'fhonn tacú le cuimsiú scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta, ar bhonn leanúnach. Cuirfidh sé ar chumas scoileanna leis, pleanáil agus tráthchlárú níos fearr a dhéanamh i gcomhair an tsoláthair seo. Mar thoradh ar an bpróiseas leithdháilte a bheith níos túisce cuirfear ar chumas scoileanna leis,

pleanáil roimh thús na scoilbhliana a dhéanamh. Beidh leibhéal níos airde neamhspleáchais ag scoileanna mar thoradh ar an tsamhail nua maidir leis an tslí ina ndéanann siad tacaíocht teagaisc bhreise a bhainistiú agus a úsáid mar beidh sé bunaithe ar riachtanais aonair scoláirí seachas a bheith bunaithe go mór mór ar fháthmheas míchumais.

Tá 900 post teagaisc breise curtha ar fáil mar thacaíocht chun an tsamhail leithdháilte nua seo a thabhairt isteach. Méadú 13% é seo le dhá bhliain anuas. Dá bharr sin is féidir 13,400 post a leithdháileadh sa scoilbhliain 2017/18. I gcomparáid leis seo níor leithdháileadh ach 11,800 post sa scoilbhliain 2015/16. Den 900 post a cuireadh ar fáil chun an tsamhail nua a chur i ngníomh tá 805 cheann leithdháilte go dtí seo. 13,306 post an leithdháileadh iomlán faoi láthair.

San áireamh leis an leithdháileadh breise iomlán seo tá 25 post múinteoireachta oideachais speisialta a tugadh ar iasacht don gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta chun seirbhísí tacaíochta na Comhairle a chur chun cinn d'fhonn tacaíocht oiliúna agus treoir a chur ar fáil do scoileanna maidir le cur i ngníomh na samhla nua.

Leithdháilfear na poist atá fágtha ar scoileanna le haghaidh achomharc, fáis dhéimeagrafaigh nó i gcás cúinsí eisceachtúla i scoileanna.

2.9.4 Scoileanna Speisialta

Sholáthraigh 1,450 múinteoir oideachas do 7,739 leanbh a bhí ag freastal ar scoileanna speisialta ina raibh cóimheas scoláire múinteora íslithe idir 6:1 agus 11:1 de réir catagóiriú míchumais.

2.9.5 Ranganna Speisialta

Tá 1,304 rang speisialta ar fáil i scoileanna príomhshrutha sa scoilbhliain 2017/18. Méadú breis is 137% é seo ar líon na ranganna speisialta a bhí ar fáil in 2011, is é sin, 548 rang., Áirítear air seo 131 rang speisialta luath-idirghabhála, 826 rang speisialta bunscoile agus 347 rang speisialta iarbhunscoile.

2.9.6 Scéim na gCúntóirí Riachtanais Speisialta

Tugtar tacaíocht leis, do leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta mar aon le riachtanais bhreise chúraim, obair a dhéanann cúntóirí riachtanas speisialta freisin. Bhí soláthar á dhéanamh do 13,990 bpost CRS (coibhéis lánaimseartha) faoi dheireadh 2017 chun cúram a thabhairt do leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta i mbunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta. I mBuiséad 2018 rinneadh soláthar do 130 post CRS breise suas go mí Mheithimh 2018. Beidh 14,120 post CRS san iomlán ar fáil i gcomhair a leithdháileadh ansin agus is ionann sin agus caiteachas €460 milliúin.

Ó 2011 ar aghaidh tá méadú tagtha ar líon na gCRS ó 10,575 go 14,120. Méadú 3,545 CRS nó 33.5% é seo lena n-áirítear 2,080 post nó 17.3% sa mbreis le dhá bhliain anuas amháin.

2.9.7 An Scéim Teicneolaíochta Cúnta

Sa bhliain 2017 rinneadh 1,966 íocaíocht le bunscoileanna agus 470 íocaíocht le hiarbhunscoileanna i leith costas teicneolaíochta cúnta. Caiteachas breis is €1.4 milliún a bhí i gceist. Cuirtear saghsanna difriúla trealaimh ar fáil faoin scéim teicneolaíochta cúnta agus áirítear air Tacaíochtaí Éisteolaíochta do leanaí ar a bhfuil lagú éisteachta; trealamh chun cabhrú le leanaí ar a bhfuil lagú radhairc agus le leanaí ar a bhfuil míchumais choirp nó míchumais chumarsáide tromchúiseacha más rud é go bhfuil míniú faighte go bhfuil an trealamh fíor-riachtanach dóibh chun teacht a fháil ar an gcuraclam.

2.9.8 Teanga Chomharthaíochta na hÉireann

Cabhraíonn Scéim Teanga Chomharthaíochta na hÉireann le leanaí bodhra / leanaí ar a bhfuil lagú éisteachta agus lena dteaghlaigh cumas teanga a fháil a luaithe is féidir.

D'fhonn a chinntiú gur féidir leis an leanbh cumarsáid a dhéanamh le baill a theaghlaigh agus chun cabhrú leis/léi líofacht teanga a bhaint amach agus é/í i mbun gníomhaíochta fónta le húsáideoirí cumasacha na teanga agus le daoine eile atá tábhachtach di/dó, is féidir le baill teaghlaigh an linbh, le tuismitheoirí agus dearthóireacha agus deirfiúracha páirt a ghlacadh sa teagasc Teanga Chomharthaíochta. Cuirtear an teagasc ar fáil i mbaile an linbh de ghnáth, faoin scéim seo. Íoctar deontas le tuismitheoirí chun teagascóir Teanga Chomharthaíochta a fhostú. Tugtar teagasc Teanga Chomharthaíochta ar feadh uair amháin in aghaidh na seachtaine go deireadh mí Mheithimh. Méadaítear sin suas go 7.5 uaire in mí Iúil agus mí Lúnasa.

Tugtar tacaíocht le teagasc teanga chomharthaíochta do 230 éigin leanbh agus a dteaghlaigh in aghaidh na bliana agus fostaítear tuairim is 72 teagascóir chun Teanga Chomharthaíochta a mhúineadh. Costas tuairim is €310,000 in aghaidh na bliana atá air.

2.9.9 Scéim Teagaisc Bhaile Oideachais Speisialta

Leis an Scéim Teagaisc Bhaile soláthraítear seirbhís oideachais chúiteach do pháistí nach féidir leo freastal ar scoil de dheasca cúiseanna éagsúla, mar shampla breoiteachta buaine. Lena chois sin soláthraítear leis an scéim seirbhís oideachais chúiteach do pháistí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta agus a bhfuil socrúchán oideachais á lorg acu. De bhreis air seo déantar soláthar do luath-idirghabháil do pháistí ar a bhfuil uathachas. Bhain 1,710 scoláire san iomlán úsáid as teagasc baile le linn na scoilbhliana 2016/17. Caitheadh deontais dar luach €14.6 milliúin air. Bhain 315 leanbh eile leas as teagasc baile faoi scéimeanna nach scéimeanna riachtanais speisialta iad, atá á riaradh ag Rannóg Tuismitheoirí Foghlaimeoirí & Bunachar Sonraí na Roinne.

2.9.10 Clár Oideachais Mhí Iúil

Leis an gClár Oideachais mhí Iúil soláthraítear ranganna speisialta chun freastal ar pháistí a bhfuil uathachas acu, chun seirbhísí oideachais a leathnú amach dóibh trí mhí Iúil. De bhreis air seo déanann an Roinn soláthar i gcomhair Clár mhí Iúil do scoláirí a bhfuil míchumas foghlama ginearálta dian nó tromchúiseach orthu. Mura féidir soláthar ar scoil a thabhairt d'fhéadfaí deontas a thabhairt i leith soláthar baile tríd an Scéim Teagaisc Bhaile. Tá líon na scoileanna a thairgeann an Clár Iúil ag dul i méad go seasmhach ó tugadh isteach é sa bhliain 2001. San iomlán bhí 219 scoil rannpháirteach sa chlár in 2017. Bhain 6114 dalta san iomlán leas as an soláthar Mí Iúil - (Teagasc Baile) in 2017. Caitheadh maoiniú €13.8 milliún air seo.

2.9.11 Lárionad Middletown don Uathachas

Tionscnamh atá á chómhaoiniú ag an Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann agus an Roinn seo is ea an Tionscadal Lárionad Middletown um Uathachas (www.middletownautism.com). Tá sé dírithe ar thacú le cur chun cinn sármhaitheasa i bhforbairt agus comhchuibhiú oideachais agus seirbhísí a ghabhann leis, do pháistí agus daoine óga ar a bhfuil mí-oird ar speictream an uathachais. De bhreis ar líon na n-úsáideoirí a bhain tairbhe as seirbhísí an Lárionaid a bheith a mhéadú ba í cuspóir thábhachtach atá le leathnú na seirbhísí ná an Lárionad a leabú tuilleadh mar chomhlacht bunriachtanach a sheachadann an réimse seirbhísí atá ar fáil chun tacú le páistí ar a bhfuil an t-uathachas ar fud an oileáin ar fad.

Mar thoradh ar leathnú seirbhísí an Lárionaid sa Deisceart tá ar chumas an Lárionaid tacaíocht dhíreach a chur ar fáil do pháistí ar bhonn trialach, is féidir tionscadail thaighde spriocdhírithe a thabhairt chun críche chun go mbeidh siad mar bhonn eolais ag forbairt beartais amach anseo agus is

féidir líon na n-áiteanna oiliúna a mhéadú a thairgtear do thuismitheoirí agus do ghairmithe araon, rud ina leagtar béim ar leith ar na príomhchéimeanna beatha atá ag páiste ar a bhfuil an t-uathachas.

2.9.12 Comhairliúchán ar an Oideachas do Dhaoine ag a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta (Acht EPSEN)

Gealltar sa Chlár le haghaidh Rialtas Comhpháirtíochta go rachfar i gcomhairle le luchtanna leasa maidir leis na slite is fearr chun codanna d'Acht EPSEN a chur chun cinn a tugadh isteach ar bhonn neamh-reachtúil.

Ar chomhairliúchán a rinneadh ar an tsamhail nua le linn 2016 agus 2017 áiríodh comhairliúchán ar dhul chun cinn i leith cur i ngníomh maidir le hEPSEN.

Ós rud é gur tugadh an tsamhail leithdháilte do Mhúinteoirí Acmhainne isteach le fíordhéanaí meastar go ndéanfar athbhreithniú cuimsitheach ar an tsamhail nua tar éis deis a bheith faighte aige neadú isteach agus sula ndéanfar tuilleadh oibre chun EPSEN a chur i ngníomh. San athbhreithniú scrúdófaí a fheabhas agus a fhreastalaíonn sí ar riachtanais leanaí ag a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta agus go mbeadh torthaí an athbhreithnithe seo agus an athbhreithnithe ar Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta a críochnaíodh le déanaí mar bhonn eolais ag cinneadh ar bith maidir le hacmhainneacht EPSEN san am atá le teacht.

2.9.13 Seirbhís Urlabhra agus Teanga In-scoile

Le Clár le haghaidh Rialtas Comhpháirtíochta gealltar go gcuirfear an tsamhail nua Teiripe Urlabhra agus Teanga In-Scoile ar bun. I mBuiséad 2018 cuireadh €2m sa mbreis ar fáil chun tionscadal taispeána le haghaidh seirbhísí Teiripe in-scoile a thabhairt isteach in 2018.

Sa tionscadal taispeána forbrófar samhail seachadta le haghaidh tacaíochta i leith teiripe urlabhra agus teanga agus teiripe shaothair in-scoile agus déanfar tástáil air, i gceantar sainithe réigiúnach thar réimse scoileanna, i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus comhlánófar seirbhísí teiripe atá ann cheana féin. Díreoidh an tsamhail thaispeána ar naisc níos mó a fhorbairt idir tacaíochtaí oideachais agus tacaíochtaí teiripe.

Déanfaidh sí soláthar do sheirbhísí teiripe in-scoile agus do thacaíocht, oiliúint agus treoir ghairmiúil d'fhoireann scoile agus do thuismitheoirí. Féachfaidh sé le cúnamh a thabhairt do scoileanna chun a gcumas a chur chun cinn tacú le leanaí ag a bhfuil riachtanais urlabhra agus teanga i scoileanna agus díriú ar fhadhbanna a aimsiú go luath agus ar luathidirghabháil ag an am céanna.

Bunaíodh grúpa oibre idir-ranna ina raibh ionadaithe ón Roinn seo, ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, ón Roinn Sláinte, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige d'fhonn an tsamhail phíolótach/thaispeána do Sheirbhísí Teiripe In-Scoile a fhorbairt.

2.9.14 Seirbhísí Tacaíochta na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)

Ghlac an tSeirbhís Tacaíochta nua de chuid na Seirbhíse Náisiúnta um Oideachas Speisialta an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta agus an tSeirbhís Mhúinteoirí Cuairte do leanaí atá bodhar/a bhfuil lagú éisteachta orthu agus do leanaí atá dall/a bhfuil lagú radhairc orthu faoina choimirce ón 20 Márta 2017.

Mar thoradh ar fhorbairt na Seirbhíse Tacaíochta nua laistigh den gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta is féidir le scoileanna tacaíocht níos fearr níos comhtháite a fháil amach anseo. Bunóidh sí an fhorbairt ar dhea-obair agus ar thacaíochtaí atá ann cheana féin agus atá á cur ar fáil faoi láthair ag

an tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompair agus an tSeirbhís Mhúinteoirí Cuairte do leanaí agus a dteaghlaigh, agus do mhúinteoirí agus do scoileanna.

Cuireann an tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta comhairle agus tacaíocht ar fáil do scoileanna faoi oideachas agus ionchuimsiú scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta sa mhéid go dtugann siad tacaíocht in-scoile, forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí agus tacaíocht do scoileanna faoi bhainistiú iompair dhúshlánaigh. Lena chois sin cuirfidh sí le hacmhainneacht ildhisciplíneach an chóras oideachais trí rochtain a chur ar fáil ar shaineolas i réimsí ar nós an uathachais, fadhbanna urlabhra agus teanga agus iompar dúshlánach.

2.9.15 Athbhreithniú cuimsitheach ar Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS)

Tar éis tuarascáil eatramhach a bheith déanta ar an athbhreithniú cuimsitheach ar CRS bhunaigh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta grúpa oibre faoi stiúir na Comhairle féin ina raibh luchtanna leasa lena mbaineann, chun cabhrú i dtaobh togra a fhorbairt do shamhail fheabhsaithe chun tacaíochtaí cúraim a chur ar fáil ionad go mbeidh torthaí níos fearr ag scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta agus ag a bhfuil riachtanais speisialta breise anuas orthu sin.

Tá tuarascáil an Ghrúpa Oibre tras-Ranna a bunaíodh chun moltaí a fhorbairt maidir leis an ngá le tacaíochtaí altranais i scoileanna do leanaí ag a bhfuil riachtanais leighis chasta á críochnú faoi láthair.

Cuirfear an tuarascáil iomlán ar an Athbhreithniú Cuimsitheach ar CRS a mbeidh an Tuarascáil ón nGrúpa Oibre a phléifidh samhail mhalartach le haghaidh leithdháileadh CRS agus ón nGrúpa Oibre ar Thacaíochtaí Altranais do scoláirí ag a bhfuil riachtanais leighis chasta faoi bhráid an Aire le haghaidh a breithnithe go luath in 2018.

2.9.16 Aonaid Ardtacaíochta, Aonaid Sainchúraim agus Ionaid Choinneála do Leanaí

D'fhoilsigh Cigireacht na Roinne tuarascáil ilchodach ar thorthaí meastóireachtaí a rinneadh thar tréimhse trí bliana i scoileanna agus i suímh a ghabhann le hAonaid Ardtacaíochta, Aonaid Shainchúraim agus Ionaid Coinneála do Leanaí in 2017. Geallann an Roinn clár cigireachta bliantúil a chur i gcrích sna suímh seo. Tá ocht gcinn de na suímh seo sa Stát. Sa tuarascáil chomhshuite dírítear aird ar an iliomad gnéithe deachleachtais i dteagasc agus i bhfoghlaim is léir sna scoileanna. Tá cleachtais mheasúnachta thosaigh agus measúnachta leanúnaí agus spriocanna maithe a chur ar na réimsí a aithnítear mar réimsí nach mór a fheabhsú. Dírítear aird sa tuarascáil leis, ar roinnt dúshlán atá roimh na scoileanna. Áirítear orthu seo an drochthionchar a imríonn socrúcháin ghairide foghlaimeoirí agus socrúcháin foghlaimeoirí a tharlaíonn go minic ar chumas na múinteoirí pleanáil mhaith a dhéanamh d'fhoghlaim a gcuid scoláirí. Chuir an Roinn leis an dréacht-Straitéis Oideachais do Bhaile an Oibricigh. Tá sé i gceist an straitéis seo a chríochnú go luath in 2018.

Foilseachán in 2017: Oideachas do Leanaí faoi Choinneáil agus faoi Chúram (Samhain 2017)

2.10 Tacaíochtaí Síceolaíochta

Sa bhliain acadúil 2016/17 síceolaithe na Roinne i mbun obair cháis ina n-áirítear measúnacht agus idirghabháil maidir le 8,249 scoláire. De bhreis air seo thug síceolaithe príobháideacha measúnacht do scoileanna le haghaidh 2,388 scoláire faoi phróiseas na Scéime um Measúnachtaí Síceolaíochta a Choimisiúnú. Meastar (eachtarshuite ó shuirbhé) go gcuireann síceolaithe na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais le obair i dtaobh 25,000 scoláire eile in aghaidh na bliana.

Le linn na tréimhse seo d'fhreastail síceolaithe na Seirbhíse ar 105 theagmhas criticiúil agus thug siad cabhair ina dtaobh.

Lena chois sin meastar gur cuireadh oiliúint (tacaíocht & forbairt) ar fáil do 21,600 múinteoir éigin i bpróisis ina gcabhraítear chun fadhbanna a réiteach, maidir le contanam tacaíochta, clárú litearthachta agus freagairtí scoile uile.

Cuireadh tús le 11 shíceolaí breise a cheapadh sa bhFómhar 2017. Bhíothas ag díriú go sonrach ar fheabhsú seirbhíse do scoileanna DEIS. Faoi dheireadh na bliana bhí 8 de na baill foirne seo socraithe.

2.11 Seirbhísí Iompair do Scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta

Tá d'aidhm ag an Roinn seirbhísí iompair scoile atá sábháilte éifeachtach a chur ar fáil do leanaí incháilithe ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais. Le linn na scoilbhliana 2016/17 iompraíodh beagnach 12,000 leanbh ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta chuig scoileanna ar bhreis is 2,600 bealach. Caitheadh breis is €82.5 milliún air seo in 2017.

2.12 An Ciste Sármhaitheasa Scoile

Seoladh an Ciste Sármhaitheasa Scoile - DEIS i mí na Samhna. Cuireadh maoiniú €1.8 milliún ar fáil do bhreis is 35 scoil DEIS i dtreo go n-aimseofaí réitigh nua nuálacha le déileáil le míbhuntáiste oideachais agus chun torthaí foghlama a fheabhsú thar tréimhse 3 bliana. An Ciste Sármhaitheasa Scoile – Tionscnamh digiteach a fógraíodh go déanach in 2017. Tacóidh sé le braislí scoileanna chun go mbeidh siad ag obair le chéile ar shlite fíor-spreagúla ar thionscadail a bhaineann le teagasc agus foghlaim le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha. Cuirfear sin i ngníomh in 2018.

Sprioc 3- Cabhrú leo siúd a thugann seirbhísí oideachais feabhas a chur orthu féin go leanúnach

Is é soláthar den scoth an rud is tábhachtaí chun go n-éireoidh leis an gcóras oideachais agus oiliúna. Aithnímid na róil ríthábhachtacha atá ag ceannairí, múinteoirí agus ag foireann tacaíochta agus féachaimid le hacmhainn an chórais a threisiú ina iomláine ar mhaithe le feabhas leanúnach agus chun seirbhísí oideachas agus oiliúna den chéad scoth a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí.

Athbhreithniú ar an mBliain faoin Sprioc seo

- Chuir an Grúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna Amach anseo tús le hobair ar fhorbairt plean lucht saothair d'oibrithe i réimse an tsoláthair Luathóige.
- Reáchtáladh Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) Aistear agus cóitseáil ar 400 cleachtóir Luathóige i 162 shuíomh.
- Rinneadh 708 cigireacht Oideachas Luathóige san iomlán ar fud na tíre i réimse ilghnéitheach seirbhísí Luathóige. Foilsíodh breis is 560 tuairisc chigireachta ar shuíomh gréasáin na ROS.
- Foilsíodh an tuarascáil dheiridh ón Grúpa Oibre Teicniúil ar sholáthar múinteoirí "Striking the Balance" le linn 2017.
- Cuireadh tús le Dioplóma Iarchéime nua i gCeannaireacht Scoile. 257 ábhar ceannaire scoile a bhí cláraithe sa chlár i dtosach.
- Rinne 347 Príomhoide teagmháil leis an tseirbhís chóitseála ghairme.
- Soláthraíodh méadú 23% ar líon na n-aonad FGL a bhí ann in 2016 le haghaidh múinteoirí iarbhunscoile.
- Foilsíodh Imlitir dar teideal "Ceannaireacht agus Bainistíocht i mBunscoileanna" in 2017. Leagtar amach ann an chreatlach le haghaidh samhail cheannaireachta níos solúbtha, níos dáilte, níos cuntasaí i mbunscoileanna.
- Foilsíodh Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí nua de réir tosach feidhme an Achta Tús Áite do Leanaí.
- Bunaíodh grúpa stiúrtha nua ina bhfuil an ROS, BOO, Boird Oideachais agus Oiliúna in Éirinn agus SOLAS chun cur i bhfeidhm na chéad Straitéise d'Fhorbairt Ghairmiúil um Bhreisoideachas agus Oiliúint (2017-2019) a stiúradh.
- Forbraíodh samhail oiliúna chun an clár frith-fhéinmharaithe Safe Talk a sheachadadh agus cuireadh i bhfeidhm go céimneach í trí líonra na nIonad Oideachais.
- Cuireadh tús le measúnú ar na Cláir Oiliúna Sainscileanna de chuid Ógtheagmhála agus SDOG d'fhonn éifeacht na scéimeanna seo a fheabhsú. Tá sé i gceist an measúnú a chríochnú in 2018.

Tá tuilleadh sonraí maidir leis seo agus faoi obair eile a rinneadh faoin Sprioc seo leagtha amach anseo thíos.

3.1 Cáilíocht in Oideachas Luathóige

Tá ról ríthábhachtach ag an Roinn maidir le cinntiú go dtacaíonn oideachas luathóige a thugtar i réamhscoileanna agus a maoinítear tríd an scéim Cúram agus Oideachas Luathóige (ECCE) i réamhscoileanna Tús Luath, le páistí ina gcuid foghlama tríd an gcreat curaclaim Aistear a chur i ngníomh. In 2017 lean an Roinn uirthi ag obair leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta chun an chuspóir seo a bhaint amach.

3.1.1 Síolta/Aistear

Tá an tionscnamh Náisiúnta Síolta/Aistear ar cuireadh tús leis in 2016, ag tacú le cur i ngníomh agus feidhmiú céimneach an dá chreata ar bhonn leathan, rud lena n-áirítear forbairt ábhair, acmhainní agus Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do chleachtóirí Luathbhlianta. Tá an Roinn ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ar an tionscnamh seo le beirt Chomhordaitheoirí náisiúnta i bpost a dhéanann maoirseacht ar obair meantóirí Síolta Aistear a tharraingítear ó eagraíochtaí éagsúla. Leanadh de chumas na Meantóirí Síolta Aistear a chothú trí thacaíochtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla cosúil le hoiliúint agus FGL. Leanadh ar aghaidh le FGL phíolótach Aistear agus cóitseáil do 400 cleachtóir i 162 shuíomh in 2017. Lena chois sin thacaigh na comhordaitheoirí le meantóirí oiliúint meantóireacht agus tacaíochtaí cóitseála a chur ar fáil do shuímh luathóige chun tacú maidir le Síolta agus Aistear a chur i ngníomh. Cuireadh le líon agus le cumas na mBailíochtóirí Síolta a dhéanfaidh bailíochtú ar shuímh a bhfuil an Clár Dearbhú Cáilíochta de chuid Síolta déanta acu.

In 2017 críochnaíodh athbhreithniú agus forbairt acmhainní lena n-áirítear lámhleabhar úsáideora Síolta, ábhair don gClár Dearbhú Cáilíochta, ceardlanna ardú feasachta Síolta, ábhair bhailíochtaithe chomh maith le nuashonrú agus forbairt leanúnach ar shuíomh gréasáin treoir chleachtais de chuid Aistear Síolta. Lena chois sin bunaíodh córas bainistiú faisnéise lárnach agus nós imeachta tuairiscithe d'eagraíochtaí a bhfuil baint acu leis an tionscnamh

I gcomhthéacs athbhreithnithe ar chláir oideachais agus oiliúna atá idir lámha rinneadh suirbhéanna go forleathan i measc cleachtóirí agus fostóirí agus foilsíodh athbhreithniú ar phróifílí róil ghairme in 2016. Ina dhiaidh sin bunaíodh Grúpa Oibre chun Dréacht-Chritéir le haghaidh Dámhachtain Ghairme agus Treoirlínte d'Oideachas Tosaigh Gairme in Oideachas agus Cúram Luathóige a fhorbairt. Chuir sé le chéile sraith dréacht-chritéar agus treoirlínte le haghaidh dámhachtainí gairme fochéime i gCúram agus Oideachas Luathóige. D'fhéach an Grúpa Comhairleach Luathóige ar na treoirlínte seo agus rinneadh suirbhé ar chleachtóirí earnála. Tá torthaí an tsuirbhé níos leithne seo á mheas faoi láthair. Lena chois sin tá an Roinn i dteagmháil le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann chun féachaint ar athbhreithniú ar tuilleadh cláir bhreisoideachas agus oiliúna.

Thionscain an Grúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna Amach anseo Réamh-mheastachán scileanna le haghaidh Plean Lucht Saothair don Earnáil Chúram Leanaí ar iarratas ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Bainfear úsáid as torthaí an Réamh-mheastachán Scileanna a fhorbrófar in 2018 chun eolas a sholáthar le haghaidh plean lucht saothair níos fairsinge don earnáil Luathóige agus Cúram Leanaí in Aois Scoile. Sa phlean seo iniúchfar an lucht saothair luathóige agus Cúram Leanaí in Aois Scoile atá ann faoi láthair, na conairí iontrála agus gairmréime, riachtanais oiliúna, acmhainn reatha, éileamh tuartha agus soláthar atá ar fáil.

Foilseachán in 2017: Review of Occupational role profiles in Early Years Education and Care in Ireland (Athbhreithniú ar phróifílí róil gairme in Oideachas agus Cúram Luathóige in Éirinn) - Aibreán 2017

Draft Professional Award Criteria and Guidelines for Initial Professional Education (Level 7 and Level 8) Degree Programmes in Early Childhood Education and Care (ECEC) in Ireland (Dréachtchritéir Ghradaim Ghairme agus Treoirlínte do na Cláir Chéime in Oideachas Tosaigh Gairme (Leibhéal 7 agus Leibhéal 8) in Oideachas agus Cúram Luathóige in Éirinn) – arna fhoilsiú le haghaidh comhairliúcháin i mí na Nollag 2017

3.2 Cigireachtaí Oideachas Luathóige

In 2017 lean an Roinn uirthi leis an gclár lena gcuirtear an Chigireacht Luathóige atá dírithe ar Oideachas i bhfeidhm. Tá samhail na Cigireachta Luathóige atá dírithe ar Oideachas bunaithe ar chreat cáilíochta a bhfuil prionsabail *Aistear: an Creat Curaclaim Luathóige* agus prionsabail *Síolta: an Creat Cáilíochta Náisiúnta d'Oideachas Luathóige* mar bhonn eolais acu, mar aon le taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le hoideachas agus cigireacht luathóige. Tá Cigireachtaí Luathóige atá dírithe ar Oideachas ceaptha chun tacú le forbairt gné an oideachais de sholáthar na seirbhísí luathóige atá ar chonradh don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun an Clár Réamhscoile i gCúram agus Oideachas Luathóige a sheachadadh. Lena chois sin táthar ag iarraidh eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí agus don bpobal i gcoitinne le cigireachtaí luathóige atá dírithe ar oideachas, faoi cháilíocht gné an oideachais den soláthar i suíomh luathóige.

Le linn 2017 rinneadh 708 Cigireacht Luathóige a bhí dírithe ar Oideachas ar fud na tíre i réimse ilghnéitheach seirbhísí Luathóige. Faoi dheireadh 2017 bhí breis is 560 tuairisc Chigireachta Luathóige atá dírithe ar oideachas foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne. I mí Bhealtaine 2017 roinneadh na heispéiris agus na torthaí tosaigh a fuarthas sa chéad bhliain de Chigireachtaí Luathóige le grúpaí de luchtanna leasa ón earnáil Luathóige. Bhí suirbhé comhairliúcháin a seoladh ag an seimineár ceaptha chun aiseolas a lorg ó sholáthraithe agus cleachtóirí seirbhísí Luathóige agus ó ghrúpaí eile ar suim leo é, ar ábharthacht agus tionchar Cigireachtaí Luathóige atá dírithe ar Oideachas.

Thacaigh torthaí an phróiseas comhairliúcháin seo go mór le Samhail na gCigireachtaí Luathóige atá dírithe ar oideachas agus baineadh de thátal as gur chóir go n-úsáidfí an tsamhail ar bhonn d'fhorbairt gníomhaíocht cigireachta amach anseo thar réimse ilghnéitheach na seirbhísí Luathóige in Éirinn. Roinneadh tuarascáil chomhshuite ar thorthaí cigireachta le grúpaí de luchtanna leasa ón earnáil Luathóige ag deireadh 2017. Sa tuarascáil tugadh léargas ar nádúr an chleachtas oideachais Luathóige thar ceithre phríomhghné an Chreat Cigireacht Oideachas Luathóige agus aithníodh láidreachtaí agus dúshláin faoi gach ceann díobh. Foilsíodh an tuarascáil sa chéad ráithe de 2018.

Lena chois sin rinneadh dul chun cinn i ráithe ceathair de 2017 maidir le húsáid a bhaint as an tSamhail Cigireacht Oideachas Luathóige i réimse ilghnéitheach de sheirbhísí Luathóige. Rinneadh triail de Mheasúnachtaí Seirbhíse Uile i seirbhísí Luathóige móra ina dtairgtear go leor seisiúin Chláir Chúraim agus Oideachais Luathóige. Leanfar den triail seo go luath in 2018 agus éascóidh sí comhairliúchán ar fhorbairt Treorach nua ar Chigireacht Oideachas Luathóige a bhfuiltear ag súil lena fhoilsiú in 2018.

Rinneadh roinnt cigireachtaí leantacha go déanach in 2017. Mar thoradh ar na cigireachtaí seo fuarthas tuiscint luachmhar bhreise ar thionchar na gCigireachtaí Oideachas Luathóige ar chleachtas oideachas luathóige i seirbhísí Luathóige. Meastar go dtosófar ar thuarascálacha ar na cigireachtaí leantacha seo a fhoilsiú go luath in 2018 agus go gcuirfidh siad le forbairt cumais chun feabhas a chur ar cháilíocht san earnáil Luathóige.

3.3 Soláthar Múinteoirí

Foilsíodh an tuarascáil dheiridh ón Grúpa Oibre Teicniúil ar sholáthar múinteoirí "Striking the Balance" le linn 2017. Bhí an tuarascáil dírithe ar fhorbairt samhail soláthar múinteoirí bunscoile agus tugadh breac-chuntas inti ar an obair atá ag teastáil chun samhail inbhuanaithe fadtéarmach soláthar múinteoirí iarbhunscoile a chur ar bun.

In 2017 thuairiscigh scoileanna agus comhlachtaí bainistíochta gur deacair leo múinteoirí ionadaíochta a earcú, go háirithe ag an leibhéal bunscoile, chomh maith le múinteoirí ábhar áirithe ag an leibhéal iarbhunscoile. Cuireadh roinnt bhearta ar bun d'fhonn dul i ngleic le roinnt fadhbanna soláthair agus

d'fhonn stór na múinteoirí atá ar fáil do scoileanna a mhéadú, go háirithe chun folúntais ghearrthéarmacha a líonadh.

Foilseachán in 2017: "Striking the Balance" anailís ar an líon múinteoirí atá ag teastáil

3.3.1 Oiriúnacht chun Múineadh

Tar éis cumhachtaí na Comhairle Múinteoireachta maidir le hOiriúnacht chun Múineadh a bheith tugtha isteach in 2016 reáchtáladh an chéad éisteacht maidir le hOiriúnacht chun Múineadh faoin reachtaíocht athbhreithnithe i mí na Samhna 2017.

3.4 Oideachas Múinteoirí

Contanam ó oideachas tosaigh múinteoirí chuig ionduchtú agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) is ea oideachas múinteoirí. Cuireann an Roinn cáilíocht an teagaisc agus na foghlama chun cinn trí cláir Oiliúna Múinteoirí, Forbairt Ghairmiúil Leanúnach agus tacaíochtaí ardcháilíochta do Phríomhoidí agus múinteoirí ina gcuid oibre a chur ar fáil. Cuirtear an obair seo chun cinn trí Chláir Oideachas Múinteoirí, Ionaid Oideachais agus Seirbhísí Tacaíochta do mhúinteoirí ag an leibhéal Bunscoile agus Iarbhunscoile.

In 2017, cuireadh 267,729 aonad d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach ar fáil do mhúinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile. Méadú 23% é seo i gcomparáid le 2016. Áiríodh leis seo tacaíocht le tabhairt isteach an Churaclam Teanga Bunscoile, sonraíochtaí ábhair nua faoin gCreat don tSraith Shóisearach agus don Ardteistiméireacht chomh maith le tacaíocht leanúnach do mhúinteoirí leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta, i ngach réimse ábhar agus i ngach clár. Lena chois sin cuireadh breis is 700 áit ar fáil ar chláir iarchéime i gcoláiste i gCeannaireacht, Riachtanais Oideachais Speisialta agus Matamaitic.

3.4.1 Iontráil chuig Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí

I mí Dheireadh Fómhair 2017 rinneadh athruithe ar na riachtanais íosta iontrála don oideachas múinteoirí tosaigh. Leis na hathruithe seo féachtar lena chinntiú go mbeidh ar chumas múinteoirí bunscoile a bheith chun tosaigh i réimsí foghlama suntasacha ríthábhachtacha: Béarla, Gaeilge agus Mata.

Fógraíodh athruithe ar riachtanais íosta iontrála chuig cláir oiliúna do mhúinteoirí bunscoile chun a chinntiú go mbeidh an cumas ag múinteoirí bunscoile a bheith chun tosaigh sna réimsí ríthábhachtacha seo: Mata, Béarla agus Gaeilge. Táthar ag iarraidh na scileanna cuí do theagasc agus d'fhoghlaim na 21ú haoise a thabhairt do mhúinteoirí chomh maith leis an bhfís iomlán an córas is fearr san Eoraip a dhéanamh de chóras oideachais agus oiliúna na hÉireann le linn na ndeich mbliain seo chugainn.

Is cuid de réimse leathan bearta é athbhreithniú ar chritéir iontrála d'oideachas tosaigh múinteoirí bunscoile atá á gcur i ngníomh nó á bhforbairt chun contanam oideachas múinteoirí a bhaint amach ina dtugtar na scoileanna cuí do mhúineadh agus foghlaim na 21ú haoise do mhúinteoirí agus an fhís iomlán an córas is fearr san Eoraip a dhéanamh de chóras oideachais agus oiliúna na hÉireann le linn na ndeich mbliain seo chugainn.

Agus na hathruithe á ndéanamh glacadh san áireamh an chomhairle a fuarthas ón gComhairle Mhúinteoireachta. Bhí taighde a rinne an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta mar bhonn eolais aici siúd. Tugadh aird leis, ar bheartas na Roinne "Ag tacú le hAistriú níos fearr ón Oideachas dara Leibhéil go dtí an tArdoideachas - Cur chun Feidhme agus na Chéad Chéimeanna Eile" (2015).

3.4.2 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

In 2017 chuir an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí tacaíocht forbartha gairme chuimsitheach do mhúinteoirí ar fáil i líon mór ábhar éagsúil. San iomlán chuir an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí 145,135 aonad FGL ar fáil in 2017. Áiríodh air seo FGL chun tacú leis an gCuraclam Teanga Bunscoile. Mar chuid den tacaíocht seo soláthraíodh seimineáir don bhfoireann uile mar aon le tacaíochtaí scoile sainoiriúnaithe. Tá sé siúd sa bhliain dheiridh de phróiseas forfheidhmithe a lean ar aghaidh ar feadh 3 bliana (do naíonáin go rang 2). Ar FGL nua a cuireadh ar fáil do bhunscoileanna áiríodh Bunscileanna Gluaiseachta - Litearthacht Choirp Céim 1. Cuireadh tús leis san Earrach 2017. Lena chois sin cuireadh Teagasc Foirne don seomra ranga cuimsitheach le haghaidh mata agus litearthachta i mbunscoileanna ar fáil.

Lean an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí uirthi ag cur i ngníomh an Chreata Forbartha Gairmiúla Leanúnaí a thacaíonn leis an gClár athbhreithnithe Bí Sábháilte agus le cur i ngníomh Tús Áite do Leanaí i scoileanna.

Tugadh isteach Polaitíocht agus Sochaí mar ábhar Ardteistiméireachta nua. Thosaigh scoláirí na chéad chéime in 2016 agus thosaigh an dara chéim in 2017.

In 2017 lean an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí uirthi ag soláthar cláir cheannaireachta do mhúinteoirí lena n-áirítear Misneach do phríomhoidí nua-cheaptha, Forbairt do phríomhoidí agus leas-phríomhoidí ag a bhfuil taithí agus Tánaiste do leas-phríomhoidí nua-cheaptha.

3.4.3 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach - Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí

Leanadh de bheith ag feidhmiú go céimneach clár forbartha gairmiúla cuimsithí chun tacú le múinteoirí na Sraithe Sóisearaí in 2017. San iomlán sholáthair an tSeirbhís Tacaíochta don tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí 37,468 aonad FGL. Áiríodh air seo seimineáir do cheannairí scoile, Forbairt Ghairmiúil Leanúnach scoile uile, seimineáir sainábhair, cuairteanna scoile agus braisle a thabhairt isteach atá bunaithe ar laethanta Forbartha Gairmiúla Leanúnaí scoile uile.

Shocraigh an tSeirbhís Tacaíochta don tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí tuairim is 101 lá braisle scoile. Sa tsamhail bhraisle i gcomhair soláthar Forbartha Gairmiúla Leanúnaí bhí roinnt scoileanna i gceantar geografach áirithe dúnta ar an lá céanna d'fhonn a chinntiú go mbeadh ar cumas múinteoirí uile gach scoile teacht le chéile chun freastal ar FGL faoin tSraith Shóisearach.

3.5 Ceannaireacht Scoile

3.5.1 Lárionad do Cheannaireacht Scoile

Nuair a bhí an próiseas soláthair críochnaithe in 2016 bunaíodh Dioplóma iarchéime nua le haghaidh Ceannaireacht Scoile i Meán Fómhair 2017 dóibh siúd atá le bheith ina gCeannairí. Chláraigh 257 múinteoir san iomlán sa Dioplóma Iarchéime le haghaidh Ceannaireacht Scoile in 2017. Cuireann cuibhreannas faoi cheannas Ollscoil Luimnigh an cúrsa ar fáil i gcomhar le Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Náisiúnta na hÉireann Gaillimh (ONÉG).

Tá 400 ceannaire scoile ag a bhfuil taithí earcaithe ag an Lárionad do Cheannaireacht Scoile agus tá oiliúint curtha aige orthu chun meantóireacht a dhéanamh ar phríomhoidí nua-cheaptha. Tá teacht ag gach príomhoide nua-cheaptha i mbunscoil nó iarbhunscoil ar mheantóir ag a bhfuil oiliúint ón Ionad um Cheannaireacht Scoile ó Mheán Fómhair 2017.

I mí Eanáir 2017 seoladh seirbhís chóitseála nua duine le duine do phríomhoidí scoile. Is féidir le príomhoidí leas a bhaint as oiread is 11.5 uair tacaíocht chóitseála faoi rún agus anaithnid ó chóitseálaithe gairmiúla cáilithe. Ceapadh sé chuideachta agus cuibhreannas cóitseála gairmiúla ar an

bpainéal. Tá tuairim is 40 cóitseálaí ar fáil do na príomhoidí. Bhain 347 bpríomhoide san iomlán leas as cóitseáil an Ionad um Cheannaireacht Scoile in 2017.

3.5.2 Poist Fhreagrachta

Le linn 2017 lean an Roinn ar aghaidh i bpléite le Boird Oideachais agus Oiliúna in Éirinn d'fhonn tionscadal a fhorbairt a spreagfaidh BOO glacadh le cur chuige níos solúbtha níos spriocdhírithe maidir le Príomhoidí agus Leas-phríomhoidí a chur isteach.

Foilseachán in 2017: Foilsíodh Ciorclán 0063/2017 "Ceannaireacht agus Bainistíocht i mBunscoileanna" ar an 14 Meán Fómhair 2017. Leagtar amach ann an chreatlach le haghaidh samhail cheannaireachta níos solúbtha, níos dáilte, níos cuntasaí i mbunscoileanna.

Tá an tionscnamh seo dírithe ar feabhas a chur ar sholúbthacht struchtúr na sealbhóirí poist agus tá d'aidhm aige bogadh i dtreo múnla níos solúbtha, dáilte a bhfuil níos mó cuntasacht ag baint leis, ina roinntear róil agus freagrachtaí agus ina cuirtear in oiriúint iad do chásanna agus do chomhthéacsanna ar leith.

3.6 Féinmharú a Chosc

D'fhorbair an Roinn samhail oiliúna chun SafeTalk, an clár um fhéinmharú a chosc a sheachadadh i gcomhair leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus leis an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a chosc. Cuireadh an oiliúint seo i bhfeidhm go céimneach i sé cinn d'Ionaid Oideachais i mí Dheireadh Fómhair/na Samhna 2017. Leanfar ar aghaidh leis an obair in 2018.

3.7 Curaclaim Ghaeilge -

Leanann an tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí (PDST) uirthi ag tacú le múinteoirí maidir le curaclaim Ghaeilge a sheachadadh ag an leibhéal Bunscoile agus Iarbhunscoile araon. Leagtar béim ar leith ar thacaíocht in-scoile agus soláthar ábhair tacaíochta ar líne. Cuirtear réimse imeachtaí forbartha gairmiúla leanúnaí ábhartha ar fáil atá bunaithe ar thosaíochtaí oideachais náisiúnta.

3.8 Cigireachtaí ar Cháilíocht

In 2017 rinneadh na samhailtí cigireachta go léir a thabhairt ar aon dul leis an gcreatlach cháilíochta a foilsíodh in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016.* Rinneadh athbhreithniú ar theimpléid tuairisce chun go léireoidís na réimsí agus na caighdeáin atá leagtha amach sa chreatlach cháilíochta.

3.8.1 Samhailtí nua Cigireachta

In 2917 críochnaíodh céim phíolótach dhá shamhla cigireachta - Measúnú Curaclaim (Bunoideachas) agus Measúnú Soláthair do Dhaltaí ag a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta (Bunoideachas). Rinneadh athbhreithniú ar na nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar scoileanna i dtaobh rialacha um Chosaint Leanaí a chomhlíonadh tar éis tosach feidhme codanna deiridh na reachtaíochta Tús Áite do Leanaí 2015 agus Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí a bheith foilsithe do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna in 2017.

3.8.2 Cigireacht ar chúrsaí Gaeilge i gColáistí Gaeilge

De réir an Mheamram Tuisceana idir an Roinn agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta rinne Cigireacht na Roinne measúnú ar cháilíocht an tsoláthair i sampla comhaontaithe de chúrsaí Gaeilge a bhí á gcur ar fáil ag Coláistí Gaeilge éagsúla le linn 2017. Bhí cumarsáid agus comhoibriú leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ar siúl go leanúnach maidir le haitheantas a thabhairt do na cúrsaí seo agus áiríodh air seo FGL a sholáthar do gach cigire. Dearbhaíonn cigireachtaí ar chúrsaí Gaeilge cáilíocht an oideachais a thugtar do na scoláirí agus thugtar comhairle agus tacaíocht do na múinteoirí, na príomhoidí agus do choistí bainistíochta na gcoláistí. Tháinig tuairisc a foilsíodh san dá theanga ar shuíomh gréasáin na Roinne ó gach cuairt chigireachta. Sa bhfíorbheagán cásanna inar thug

cigirí cleachtais a bhí ina n-ábhar imní dáiríre iad faoi deara cuireadh an scéal ar shúile na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta láithreach bonn.

Foilseachán in 2017: Cigireachtaí ar Chúrsaí i gColáistí Gaeilge

3.8.3 Féinmheastóireacht scoile san áireamh

Lean an Roinn uirthi ag tacú le scoileanna chun cleachtais féinmheastóireachta scoile (FMS) éifeachtacha a leabú. Bhí cigirí ag tabhairt faoi chuairteanna comhairleacha i gcónaí in iarbhunscoileanna agus rinne siad réimse ábhair tacaíochta FMS agus d'fhoilsigh siad iad, in 2017. Chuir an Roinn le réimse comhdhálacha, seimineáir agus ceardlanna in 2017 chun cúnamh a thabhairt i dtaobh Féinmheastóireacht Scoile a neadú atá bunaithe ar an ngné teagaisc agus foghlama den gcreatlach cháilíochta i scoileanna.

3.9 Forbairt Ghairmiúil le haghaidh Breisoideachais agus Oiliúna

Bunaíodh grúpa stiúrtha faoi chathaoirleacht na Roinne, a bhí comhdhéanta d'ionadaithe ó na BOO, BOO Éireann agus SOLAS chun a bheith i gceannas ar chur i bhfeidhm na chéad Straitéise d'Fhorbairt Ghairmiúil BOO (2017-2019). Rinneadh taighde agus obair forbartha i réimsí na Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta, na Ceannaireachta agus na Bainistíochta, an Dearbhú Cáilíochta, TFC agus Rannpháirtiú i bhFiontraíocht, chun a bheith mar bhonn eolais ag forbairt tionscnamh sna réimsí seo atáthar chun tús a chur leo in 2018.

3.10 SDOG/Sainoiliúint Scileanna agus Ógtheagmháil

In 2017 cuireadh tús le hobair ar mheasúnuithe neamhspleácha ar an gClár Ógtheagmháil agus le comh-mheasúnú ar Scéim na nDeiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG) agus an Sainoiliúint Scileanna. Tá sé i gceist an measúnú ar Ógtheagmháil a chríochnú in 2018. Tá sé siúd á dhéanamh ag an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

3.11 Cosaint Leanaí

D'fhoilsigh an Roinn na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna 2017 i mí na Nollag 2017 i ndiaidh comhairliúcháin leis na comhpháirtithe oideachais. Is é is cuspóir do na nósanna imeachta nua treoir shoiléir a thabhairt d'údaráis scoile agus d'fhoireann scoile maidir leis na hoibleagáidí reachtúla faoin Acht Tús Áite do Leanaí 2015 a chomhlíonadh agus maidir le cur i ngníomh leanúnach treoir bharrchleachtais sa suíomh scoile faoi mar atá leagtha amach sa Treoir Náisiúnta maidir le Tús Áite do Leanaí 2017 nuashonraithe, atá foilsithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Foilseachán in 2017: Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna

Sprioc 4 - Droichid níos láidre a thógáil idir oideachas agus an pobal i gcoitinne

Is sprioc ríthábhachtach de chuid straitéis na Roinne é droichid a thógáil idir soláthraithe oideachais agus oiliúna agus pobail shóisialta agus eacnamaíoch éagsúla chun a cuid gealltanas a chomhlíonadh go dtógfaidh sí córas oideachais den chéad scoth. Beidh naisc a dhéanfar idir pobail ar nós fostóirí, daoine dífhostaithe, tuismitheoirí, micléinn agus luchtanna leasa eile ina gcabhair dúinn dúshláin a chéile a thuiscint agus cuirfidh siad ar ár gcumas teacht ar réitigh nuálacha le chéile ar féidir iad a sheachadadh ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

Athbhreithniú faoin Sprioc seo

- Foilsíodh treoirlínte d'úsáid foirgnimh scoile lasmuigh d'uaireanta scoile agus leithdháileadh maoiniú €6.8 milliún chun tacú le seirbhísí cúram leanaí ó 2018 ar aghaidh.
- Foilsíodh an Bille Oideachais (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí.
- Foilsíodh próiseas Athchumraithe Scoileanna nua ar mhaithe le hÉagsúlacht in 2017.
- Seoladh an Chomhairle Scileanna Náisiúnta go foirmiúil i mí Aibreáin 2017 agus tá cur i ngníomh a plean oibre tosaithe aige.
- Cuireadh 6,471 áit ardoideachais saor in aisce ar 198 cúrsa ar fáil san iomlán faoi Lingchlár+ 2017 chun a bheith ar siúl le linn na bliana acadúla 2017/18.
- San iomlán tacaíodh le 5,877 rannpháirtí faoi Lingchlár+ agus Lingchlár+ 2017. Caitheadh €22 milliún san iomlán maidir le Lingchlár in 2017.
- Cuireadh tús le 7 gclár printíseachta nua i réimse ceirdeanna lena n-áirítear Próiseáil Polaiméire, Teicneoir Cuntasaíochta, Commis Chef agus Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta.
- San iomlán cláraíodh 4,843 phrintíseach nua faoi dheireadh 2017. Is ionann sin agus méadú beagnach 27% i gcomparáid le 2016.
- Fógraíodh 9 gComhpháirtíocht Oideachas Ceoil mar chuid de Chéim 2 den gclár Music Generation in 2017.
- Seoladh an clár Óige Chruthaitheach in 2017. Tá de chuspóir aige a chinntiú go mbeidh teacht ag gach leanbh ar theagasc, eispéireas agus rannpháirtíocht i gceol, dráma, ealaín agus códú faoi 2022.
- Reáchtáladh an tríú fóram náisiúnta um Oideachas le haghaidh Forbartha Inbhuanaithe chun cabhrú leis an Roinn a hathbhreithniú lárthéarma ar an Straitéis Náisiúnta um Oideachas le haghaidh Forbartha Inbhuanaithe in Éirinn a ullmhú.
- D'fhaomh an Rialtas Scéim Ghinearálta an Bhille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Leasú).

Tá tuilleadh sonraí faoi na rudaí seo agus rudaí eile a baineadh amach faoin Sprioc seo leagtha amach anseo thíos.

4.1 Úsáid Foirgnimh Scoile

Foilsíodh treoirlínte maidir le húsáid foirgnimh scoile lasmuigh de uaireanta scoile chun treoir a chur ar fáil do scoileanna maidir lena gcuid socruithe reatha i dtaobh úsáid foirgnimh scoile lasmuigh d'uaireanta scoile nó do na scoileanna siúd atá ag cuimhneamh ar na socruithe sin a chur i bhfeidhm.

Sa Phlean Gníomhaíochta le haghaidh Cúram Leanaí in Aois Scoile tugadh gealltanas, i measc rudaí eile, go mbainfeadh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Roinn an oiread úsáide is féidir as scoileanna agus áiseanna pobail atá ann cheana féin agus ag a bhfuil timpeallachtaí oiriúnacha do Chúram Leanaí in Aois Scoile má tá éileamh ann agus más féidir le pátrún/iontaobhaí na scoile é a éascú. Chuaigh an Roinn i dteagmháil leis na luchtanna leasa oideachais agus leis na húinéirí

réadmhaoin scoile lena mbaineann agus d'eisigh treoirlínte cuí in 2017 do scoileanna i dtaobh úsáid foirgnimh scoile lasmuigh de ghnáthuaireanta a éascú.

Foilseachán in 2017: Treoirlínte ar úsáid Foirgnimh Scoile taobh amuigh d'Uaireanta Scoile

4.2 Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí

I mí na Nollag 2016 d'fhoilsigh an tAire Scéim Ghinearálta Bille Oideachais (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí). Cuireadh an Bille faoi bhráid Choiste an Oireachtais um Oideachas agus Scileanna chun go ndéanfaí grinnscrúdú réamh-reachtúil air. I mí na Samhna 2017 d'fhoilsigh an Coiste tuairisc ar an ngrinnscrúdú réamh-reachtúil. I mí Eanáir 2018 d'fhaomh an Rialtas dréachtú foirmiúil an Bhille i gcomhar le hOifig an Abhcóide Pharlaimintigh. Tá an Roinn i dteagmháil le hOifig an Abhcóide Pharlaimintigh i gcónaí maidir le dréachtú an Bhille. Lena chois sin rinne an Roinn teagmháil bhreise le hOifig Fear an Phobail do Leanaí agus le hOifig Fear an Phobail agus lena Ranna líne ar leith i dtaobh an Bhille.

Foilseachán in 2017: Scéim Ghinearálta Bille (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí) Oideachais

4.3 Pátrúnacht Scoile

Tugadh na socruithe seo a leanas isteach in 2011: Nuair a chinntítear go bhfuil gá le scoil nua chun freastal ar éilimh dhéimeagrafacha i gceantar cuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna próiseas pátrúnachta ar leith ar siúl chun cinneadh a dhéanamh ar cé a oibreoidh an scoil. Is féidir le gach pátrún agus gach pátrún ionchasach iarratas a dhéanamh ar phátrúnacht na scoile nua faoin bpróiseas seo agus is é an leibhéal tosaíochta a léiríonn na tuismitheoirí i leith gach pátrúin mar aon leis an tosaíocht i dtaobh soláthair trí Ghaeilge nó soláthar trí Bhéarla is mó a shocraíonn an cinneadh maidir le toradh an phróisis.

In 2017 bunaíodh 3 bhunscoil nua (tá éiteas il-sainchreidmheach agus is Gaelscoil ceann amháin díobh) agus 4 iarbhunscoil nua (ceann amháin ag a bhfuil éiteas sainchreidmheach agus 3 cinn ag a bhfuil éiteas il-sainchreidmheach [Aonad Gaeilge ag ceann díobh seo], faoin bpróiseas pátrúnachta. Léiríonn na torthaí seo tosaíochtaí na dtuismitheoirí sna ceantair inar bunaíodh na scoileanna.

I mi Eanáir 2017 d'fhógair an tAire pleananna nua a bhí dírithe ar níos mó scoileanna il-sainchreidmheacha agus neamh-shainchreidmheacha a chur ar fáil ar fud na tíre de réir na roghanna a dhéanann teaghlaigh agus de réir an ghealltanais a rinneadh i gClár an Rialtais. Tacaíonn an próiseas Athchumrú Scoile ar mhaithe le hÉagsúlacht seo le haistrithe scoileanna atá ann cheana féin chuig pátrúin il-sainchreidmheacha/neamh-shainchreidmheacha i gcásanna ina bhfuil éileamh ó thuismitheoirí ann. D'oscail Two-Mile School i gCill Áirne, Co. Chiarraí i mí Mheán Fómhair 2017 faoin bhforáil "early movers" den bpróiseas Athchumrú Scoileanna mar Scoil Náisiúnta Phobail il-sainchreidmheach. D'aistrigh an scoil ó Phátrúnacht Easpag Chiarraí chuig Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí.

4.4 Ligean Isteach i Scoileanna

Tháinig an Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2016 tríd an tríú céim (Céim an Choiste) den bpróiseas reachtach in mí Mheithimh 2017. Léiríonn an Bille an gealltanas i gClár an Rialtais go bhfoilseoidh sé reachtaíocht nua um ligean isteach i scoileanna agus tugann sé aghaidh ar shaincheisteanna lena n-áirítear foilsiú beartas rollaithe i scoileanna, deireadh le liostaí feithimh, struchtúir rollaithe bhliantúla a thabhairt isteach agus trédhearcacht agus cothroime i ligean isteach do dhaltaí agus a dtuismitheoirí.

Áirítear iad seo a leanas ar phríomhthréithe an Bhille: Cuireann sé

- d'oibleagáid ar gach scoil daltaí a ligean isteach má tá áiteanna ar fáil (80% de scoileanna);
- cuireann sé cosc ar liostaí feithimh agus mar sin cuireann sé deireadh leis an leithcheal i gcoinne tuismitheoirí a bhogann isteach i gceantar nua;
- éilíonn sé ar gach scoil a cuid beartais um ligean isteach a fhoilsiú. Beidh sonraí ar fáil iontu siúd faoi na socruithe do scoláirí a d'iarr a dtuismitheoirí go bhfreastalódh a leanaí ar an scoil gan freastal ar theagasc creidimh;
- ina bhfuil foráil a chuireann cosc ar tháillí nó ar íocaíocht nó ranníocaíochtaí a lorg ar iarratas ar ligean isteach i scoil nó ar rollú nó rollú leanúnach scoláire i scoil; agus
- a chuireann aghaidh ar chásanna mura féidir le leanbh ag a bhfuil riachtanais speisialta nó eile, áit scoile a aimsiú, trí soláthar a dhéanamh don gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta nó do Tusla, an Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh, áit scoile a shocrú don leanbh, de réir mar is cuí.

4.5 Forbairt Scileanna

4.5.1 Straitéis Náisiúnta Scileanna

Is é cuspóir na Straitéise Náisiúnta Scileanna creat d'fhorbairt scileanna a sholáthar a chabhróidh chun fás na hÉireann a chur ar aghaidh thar an deich mbliana seo chugainn ó thaobh eacnamaíochta agus sochaí de. Tríd an bhfís, na cuspóirí, bearta agus táscairí a míníodh, tacóidh an Straitéis le forbairt lucht saothair a bhfuil oideachas maith air, atá dea-oilte agus atá so-oiriúnaithe. Mar seo cruthaítear buíon daoine cumasacha i ngach aoisghrúpa ar fud na hÉireann. Tá cur i ngníomh leanúnach na Straitéise cuimsithe sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas ina dtugtar ráiteas lárnach faoin gclár oibre níos leithne um athchóiriú thar oideachas agus oiliúint.

4.5.2 Comhairle Náisiúnta Scileanna

Seoladh an Chomhairle Náisiúnta Scileanna in 2017. Tá an Chomhairle faoi chathaoirleacht an Aire Oideachais agus Scileanna agus tá oifigigh ardleibhéil ó eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha araon inti. Tá sásra ag an gComhairle Náisiúnta Scileanna chun éilimh a chur in iúl thar réimse iomlán na riachtanas a aithnítear trí thaighde agus anailís a dhéantar faoina treoir. Déanann an Chomhairle maoirseacht ar thaighde, cuireann comhairle ar fáil maidir le tosaíocht a thabhairt do riachtanais scileanna aitheanta agus ar shlite chun soláthar maidir le riachtanais aitheanta a dhaingniú. Tá ról ríthábhachtach ag an gComhairle maidir leis na freagraí a thugann sholáthraithe oideachais agus oiliúna ar na tosaíochtaí sin a chur chun cinn agus tuairisciú orthu. Comhlacht comhairleach neamh-reachtúil is ea an Chomhairle, faoi chúram na Roinne.

4.5.3 Fóraim Réigiúnacha Scileanna

D'fhonn naisc níos láidre idir fostóirí agus an earnáil oideachais agus oiliúna a chothú tá líonra naoi bhFóram Réigiúnacha Scileanna curtha ar bun ag an Roinn agus tá naonúr bainisteoirí ar Fhóraim Scileanna Réigiúnacha ceaptha aici. Cuireann gach fóram faisnéis iontaofa ar an margadh saothair ar fáil a bhíonn mar bhonn eolais ag forbairt chlár. Ag an am céanna spreagann siad níos mó comhar idir soláthraithe oideachais agus oiliúna agus an tionscal. In 2017 bhí teagmháil ag Fóraim Réigiúnacha Scileanna le breis is 700 cuideachta. Is ionann sin agus 100,000 fostaí, nach mór. Ar na príomhthostaíochtaí a thagann chun cinn don tionscal ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach araon tá uas-sciliú an lucht saothair reatha ag gach leibhéil.

4.5.4 An Uirlis Iniúchóireachta do Scileanna le haghaidh Fáis

Seoladh an Tionscnamh *Scileanna le haghaidh Fáis* in 2017 agus tá sé ceaptha chun cur le cáilíocht agus le méid na sonraí atá ar fáil faoi riachtanais scileanna i bhfiontair ar leith. Tríd an tionscnamh éascaítear níos mó teagmhála idir fiontar, soláthraithe oideachais agus oiliúna agus baill le lena mbaineann sna Fóraim Réigiúnacha Scileanna. Bailíonn bainisteoirí na bhFóram Réigiúnach Scileanna

sonraí ag leibhéal na cuideachta aonair trí uirlis a úsáid atá déanta ag an ROS i gcomhar leis an Aonad Taighde ar an Margadh Saothair i SOLAS agus le Bainisteoirí Fóraim Réigiúnacha Scileanna. Leis an uirlis seo is féidir sonraí gráinneacha ar scileanna a bhailiú agus a phróiseáil. Sampla is ea an tionscnamh den acmhainneacht atá i gcomhoibriú idir gníomhaireachtaí, agus ar na príomhchomhpháirtithe sa tionscadal áirítear an Roinn Oideachais agus Scileanna, SOLAS, an tÚAO, Ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta ar leith agus Fiontar Éireann. Mar chuid den tionscadal *Scileanna le haghaidh Fáis* cuireann Fiontar Éireann ceardlanna sainoiriúnaithe ar fáil do chuideachtaí cliaint. Go dtí deireadh 2018 bhí 57 gcuideachta le 10,000 fostaí, nach mór, rannpháirteach i gceardlanna Fiontar Éireann.

4.5.5 Lingchlár+

Comhlánaíonn Lingchlár+, ina gcuimsítear an clár tiontaithe um scileanna TFC, an croíchóras oideachais agus oiliúna a gheobhann maoiniú ón Stát. Tá sé á chómhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid den gClár CSE um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim 2014-202 agus cuirtear deiseanna uas-sciliú agus athsciliú ardoideachais ar fáil i réimsí ina bhfuil riachtanais scileanna aitheanta. I mí Mheithimh 2017 seoladh 6,471 áit ar 198 gcúrsa faoi Lingchlár+ 2017 a bhí le reáchtáil sa bhliain acadúil 2017/18. Tá socrúchán oibre ag 90% de chúrsaí Lingchláir+ (ach amháin cúrsaí atá bunaithe ar fhiontraíocht. Faoi Lingchlár+ 2017 fairsingíodh na critéir incháilitheachta chun mná/fir tí a ghlacadh san áireamh mar aon leo siúd i mbun fostaíochta nó féinfhostaíochta ar mian leo cur lena gcuid scileanna, scileanna nua a fhoghlaim nó cros-oiliúint a dhéanamh san earnáil Bhith-chógasaíochta /Teicneolaíocht Leighis agus leo siúd i mbun fostaíochta nó féinfhostaíochta san earnáil TFC ar mian seo cur lena gcuid scileanna ó cháilíocht leibhéal 7 go leibhéal 8. Fuarthas freagra dearfach ar an méadú. Tháinig beagnach 50% d'iarrthóirí uathu siúd atá fostaithe agus 7% ón díorma atá "ag filleadh".

Faoi Lingchlár+ 2017 cuireadh 54% de chúrsaí a faomhadh i gcomhair maoinithe ar fáil trí 'sholáthar solúbtha'; rud a chiallaíonn meascán d'fhoghlaim chumaisc, cianfhoghlaim agus ríomhfhoghlaim. Freagra ar dhoiciméad an Ghlaoigh ar Thairiscintí ón mbliain 2017 is ea an toradh seo. Sonraíodh sa doiciméad gur chóir do sholáthraithe ardoideachais tairiscintí a chur isteach atá "solúbtha agus nuálach sa soláthar a mholtar."

Tacaíodh le 5,877 rannpháirtí san iomlán le linn 2017 ar chúrsaí Lingchláir faoi Lingchlár+ 2016 agus Lingchlár+ 2017 araon. Caitheadh €22m san iomlán maidir le Lingchlár in 2017.

4.5.6 Printíseachtaí

Leanadh den obair ar thionscnamh an Rialtais an tsamhail phrintíseachta a leathnú amach i réimsí nua in 2017. Lasmuigh den dara ionghabháil ar an dá phrintíseacht nua a thosaigh in 2016 cuireadh tús le seacht gclár printíseachta eile in 2017 i gcaitheamh na bliana. Bhíodar siúd ar fáil i ngairmeacha ar ar áiríodh Próiseáil Polaiméire, Teicneoir Cuntasaíochta, Commis Chef agus Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta. Forbraíodh dhá chlár TFC breise (Innealtóir Líonra agus Forbróir Bogearraí) in 2017 agus beidh an chéad ionghabháil printíseach go luath in 2018.

Le linn 2017 cuireadh amach glaoch eile ar thograí printíseachta. Tugadh cuireadh do chuibhreannais d'fhiontair, comhlachtaí gairmiúla agus soláthraithe oideachais agus oiliúna tograí a chur isteach le haghaidh cláir phrintíseachta a fhorbrófar chun freastal ar riachtanais scileanna ina n-earnáil. Mar thoradh ar an dara glaoch faomhadh 26 chlár nua eile ionas go bhforbrófaí iad ina bprintíseachtaí náisiúnta. Cuimsítear réimse leathan scileanna agus earnálacha sna cláir seo. Áirítear orthu foirgniú, innealtóireacht, gairneoireacht agus talmhaíocht.

Bhí méadú ag teacht ar chlárúcháin i gcónaí ar fud na bprintíseachtaí ceirde a bhí ann cheana féin agus na printíseachtaí nua araon. Bhí 4,843 phrintíseach nua cláraithe faoi dheireadh 2017. Is ionann sin agus méadú 27% nach mór i gcomparáid le 3,821 phrintíseach in 2016.

4.5.7 Fóram Náisiúnta Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna

Reáchtáladh an Fóram Náisiúnta Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna i mí Aibreáin. Ghlac foghlaimeoirí ó bhaill ar fud na tíre páirt ó réimse leathan cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna lena n-áirítear Cúrsaí Oiliúna, oideachas pobail, Ógtheagmháil agus an Tionscnamh Ag Filleadh ar Oideachas.

Sa bhFóram bíonn deis ag foghlaimeoirí a gcuid tuairimí a roinnt ag an leibhéal náisiúnta agus is féidir leo cabhrú chun tionchar a imirt ar bheartas. Úsáidtear an t-aiseolas uathu a thiomsaítear i dtuairisc bheartais atá bunaithe ar cháilíocht, mar bhonn eolais do chinntí a ghlacfar amach anseo maidir le soláthar cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna. Foilseofar tuairisc an Fhóraim in 2018 ar shuíomh gréasáin AONTAS.

4.6 Óige Chruthaitheach

Seoladh 'Óige Chruthaitheach - Plean chun Cumas Cruthaitheach gach Linbh agus Duine Óig a Chumasú' i mí na Nollag 2017. Leagtar amach ann roinnt bearta chun ceann de phríomhspriocanna an Chláir Éire Chruthaitheach a sheachadadh, is é sin: 'a chinntiú go mbíonn rochtain phraiticiúil ar theagasc, eispéireas agus rannpháirtiú i gceol, dráma, ealaín agus códú ag gach leanbh in Éirinn faoi 2022'.

Mar chuid den bplean leathnófar Music Generation chun clúdach náisiúnta a chur ar fáil faoi 2022. I láthair na huaire tá rochtain ag 41,000 leanbh agus duine óg ar Music Generation. Tiocfaidh méadú suntasach ar an líon seo mar thoradh ar naoi gcinn de Chomhpháirtíochtaí Ceoil a fógraíodh in 2017.

4.7 Oideachas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe

Reáchtáladh an tríú fóram náisiúnta um Oideachas le haghaidh Forbartha Inbhuanaithe i mí na Samhna 2017 chun cabhrú leis an Roinn a hathbhreithniú lárthéarma ar an Straitéis Náisiúnta um Oideachas le haghaidh Forbartha Inbhuanaithe in Éirinn, 2014-2020, a ullmhú.

4.8 Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta

Lean an Grúpa Ardleibhéil um Oideachas Idirnáisiúnta faoi chathaoirleacht na Roinne dá chuid oibre chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i ngníomh na mbearta straitéiseacha sa Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta 2016-2020. Tháinig an grúpa agus a chuid foghrúpaí le chéile 18 n-uaire le linn 2017 chun bearta ar leith a chur ar aghaidh agus chun rannpháirtíocht chuimsitheach earnála a chinntiú.

Tugadh isteach 'fanacht siar' 24 mhíosa do mhicléinn idirnáisiúnta ag an leibhéal Máistreachta agus níos airde go luath in 2017. Is cabhair shuntasach é seo dár gcuid institiúidí ardoideachais maidir lena gcuid iarrachtaí margaíochta agus cuir-ar-aghaidh ó thaobh earcaíochta idirnáisiúnta de, go háirithe i gcomhthéacs Brexit.

Cuireadh teagmháil le Rialtais i margaí idirnáisiúnta chun cinn le linn 2017 chun an timpeallacht is fearr a chruthú le haghaidh comhoibrithe agus comhpháirtíochtaí don earnáil. Áiríodh air seo cuairteanna ar cheithre mhargadh nua ar a laghad chun tacú le níos mó comhar.

Tá an branda Oideachas in Éirinn ag dul i dtreise i gcónaí. Tá feabhsuithe déanta ar ardáin mheáin shóisialta, ar theagmháil le hiar-mhicléinn, ar straitéisí brandála agus ar fhorbairt ghairmiúil don bhfoireann atá ag obair i réimse na margaíochta agus an chuir-ar-aghaidh.

Níl aon fhigiúirí deiridh ar líon na macléinn idirnáisiúnta i dtaobh 2017 ar fáil fós tuigtear go bhfuil dul chun cinn déanta i leith spriocanna na mblianta 2018 agus 2020. Maidir le líon na macléinn atá i mbun Oiliúint Béarla, tá toradh na bliana 2017 ag sárú sprioc na bliana 2018 cheana féin agus tá dul chun cinn suntasach i dtreo sprioc na bliana 2020 breactha síos cheana féin.

4.9 Erasmus+

Is é Erasmus+ an Clár de chuid an AE d'Oideachas, Oiliúint agus Spórt i gcomhair 2014-2020. Faoin gClár seo chur an Coimisiún Eorpach maoiniú €24,771,546, nach mór, ar fáil do thairbhí, tionscnóirí togra agus comhpháirtithe in Éirinn in 2017. Méadú tuairim is 11% é seo i gcomparáid le 2016. Tugtar maoiniú i gcomhair soghluaisteachta, comhpháirtíochtaí idir eagraíochtaí agus obair bheartais.

Maoiniú ón gCoimisiún Eorpach d'Erasmus+ (2014-2020)				
Catagóir	**2014 (€)**	**2015 (€)**	**2016 (€)**	**2017 (€)**
Erasmus+ scoileanna	1,307,671	2,863,261	2,600,299	3,496,583
Erasmus+ oideachas agus oiliúint ghairme:	4,278,442	3,904,761	4,012,928	4,229,305
Erasmus+ oideachas aosach	1,644,297	931,820	922,225	910,517
Erasmus+ óige	2,898,321	3,036,979	3,117,912	4,949,204
Erasmus+ AO	7,705,791	9,430,206	9,341,690	11,185,937
Iomlán	**17,834,522**	**20,167,027**	**19,994,964**	**24,771,546**

4.10 Aitheantas ar Réamhfhoghlaim

Go déanach in 2016 bhuail an Roinn le roinnt luchtanna leasa éagsúla ó earnálacha ardoideachais agus breisoideachais agus oiliúna, ionadaithe foghlaimeoirí, Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, Ionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas, d'fhonn féachaint ar an tslí is éifeachtaí chun dul chun cinn náisiúnta in Aitheantas ar Réamhfhoghlaim a threorú.

Bunóidh an Roinn Grúpa Oibre chun straitéis náisiúnta ar Aitheantas Réamhfhoghlama a fhorbairt agus chun déileáil le saincheisteanna na n-earnálacha ar leith.

4.11 Liosta eatramhach de Sholáthraithe Incháilithe

Is é atá sa liosta eatramhach de Sholáthraithe Incháilithe liosta teoranta de chláir oideachais a mheastar a bheith ag tabhairt údair do chead a thabhairt do mhicléinn fanacht agus obair in Éirinn. Athleasú tábhachtach is ea é ar an gcóras inimirce do mhicléinn um oideachas idirnáisiúnta a d'fhógair an Rialtas i mí Bhealtaine 2015. Foilsíodh an chéad leagan iomlán den liosta in 2016 agus táthar á thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta. Mar chuid de phróiseas an Liosta eatramhach de Sholáthraithe Incháilithe tá soláthraithe faoi réir cigireachtaí, corrsheiceála agus monatóireacht géilliúlachta eile gan choinne. Beart eatramhach is ea an Liosta eatramhach de Sholáthraithe Incháilithe le linn a bheith ag feitheamh ar Chomhartha Oideachais Idirnáisiúnta (International Education Mark) um sholáthar oideachais d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta. Tabharfaidh sé seo creat cáilíochta iomlán san am atá romhainn. Beidh na leasuithe dlí atá riachtanach chun tabhairt isteach an Chomhartha Oideachais Idirnáisiúnta a éascú sa Bhille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Leasú). I mí Bhealtaine 2017 fuarthas faomhadh ón Rialtas do Scéim Ghinearálta an Bhille agus tá an Scéim foilsithe. Tá obair dréachtaithe ar an mBille idir lámha.

4.12 An Bille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Leasú)

Tugadh Faomhadh ón Rialtas don Scéim Ghinearálta (Ceannteidil an Bhille) don mBille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Leasú) 2017.

Tá an bille díolmhaithe ag an gComhchoiste Oireachtais um Oideachas agus Scileanna ó ghrinnscrúdú réamh-reachtúil agus tá an Bille le hOifig na Comhairle Parlaiminte le haghaidh a dhréachtaithe.

Foilseachán in 2017:

- Scéim Ghinearálta don mBille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Leasú)
- 15 Bealtaine 2017 - Fógraíonn an tAire Bruton Cumhachtaí nua don Rialaitheoir Ardoideachais agus Breisoideachais.

Sprioc 5 - Feabhas a chur ar sheirbhísí náisiúnta pleanála agus tacaíochta

Glacann an Roinn cur chuige i leith an chórais uile maidir le feabhsuithe thar an gcóras oideachais a stiúradh agus a threorú d'fhonn torthaí níos fearr a sheachadadh d'fhoghlaimeoirí. Is straitéis thábhachtach chun ár gcuspóirí uaillmhianacha a bhaint amach é a chinntiú go ndéantar monatóireacht agus tuairisciú go leanúnach ar ár spriocanna, agus a chinntiú go bhfuil na struchtúir agus na próisis chuí ar siúl i réimsí forbairt agus anailís beartais straitéisigh, faireacháin agus rialachais, bainistiú tionscadail agus cuntasachta. Bainfear tairbhe as deiseanna sásraí soláthar seirbhíse ilchineálacha a chruthú agus a chur chun úsáide, sásraí ar nós nuálacha teicneolaíochta, modhanna soláthar seirbhíse roinnte agus straitéisí faisnéise agus cumarsáide ardcháilíochta. Is mar seo go príomha a éireoidh linn tacú le seachadadh ár gcuspóirí roinnte.

Athbhreithniú ar an mBliain faoin Sprioc seo

- Leanadh de bheith ag cur chun cinn na dtionscadal Seirbhísí Roinnte.
- Cuireadh Lárionad Sármhaitheasa Seirbhísí Roinnte Dlí ar bun chun tacú leis an earnáil BOO.
- Foilsíodh Straitéis Sonraí Roinne nua.
- Cuireadh tionscnamh píolótach straitéiseach i gcrích d'fhonn cur le cumas pleanála straitéisí, rud as a dtáinig gur comhaontaíodh comhpháirteanna samhail maoinithe nua don earnáil BOO.
- Rinneadh athbhreithniú neamhspleách ar an tsamhail reatha leithdháilte chun ardoideachas a mhaoiniú.
- Fógraíodh roinnt athchóirithe ar an gCiste Náisiúnta Oiliúna mar fhreagairt ar an bpróiseas comhairliúcháin faoin Sásra d'Infheistiú Fostóra/Státchiste.
- Caitheadh €530.8 milliún san iomlán ar bhonneagar scoileanna.
- San earnáil bhunscoile críochnaíodh 29 scoil nua agus 6 mhéadú mhóra nó tograí athchóirithe.
- San earnáil iarbhunscoile críochnaíodh 4 scoil nua agus 7 méadú mhóra nó tograí athchóirithe.
- Ba é 22 milliún an caiteachas caipitil ar bhonneagar ardoideachais in 2017.
- Cuireadh áis réamhchlárúcháin don mBunachar Sonraí Bunscoile i bhfeidhm in 2017 agus bainfidh scoileanna úsáid as chun sonraí a gcuid daltaí a chur isteach don mbliain acadúil 2018/2019.
- Críochnaíodh an obair forbartha ar an áis réamhchlárúcháin don mBunachar Sonraí Bunscoile ionas gur féidir le scoileanna measúnachtaí daltaí i mBéarla, gearrchúrsaí eile agus Aonaid Fhoghlama Tosaíochta a thaifeadadh agus Dámhachtainí Gnóthachtála Próifíl na Sraithe Sóisearaí a íoslódáil.
- Chuir an Roinn tús le cur i bhfeidhm ríomhAighneachtaí agus aistriú an suíomh gréasáin chuig Néal mar chuid dá Straitéis TFC 2015-2019.
- Le linn na scoilbhliana 2016/17 bhain breis is 115,000 scoláire (lena n-áirítear 12,000 leanaí, nach mór, ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta) úsáid as iompar scoile chuig bunscoileanna agus iarbhunscoileanna ar fud na tíre. Bhí costas iomlán beagnach €190 milliún air.
- Críochnaíodh athbhreithniú ar Bhord Achomhairc Iompair Scoile de réir na ngealltanas i gClár an Rialtais.
- Faomhadh leithdháileadh breise €2 milliún ó CSE don gClár Oibriúcháin d'Infhostaitheacht, Ionchuimsiú agus Foghlaim de chuid CSF 2014-2020.
- Fuarthas méadú 5.8% sa leithdháileadh buiséid d'oideachas agus oiliúint i mBuiséad 2018. Dá réir sin is é €10.085 billiún an Buiséad le haghaidh 2018 le leithdháileadh caipitil €745 milliúin.

Tá tuilleadh sonraí maidir leis seo agus faoi obair eile a rinneadh faoin Sprioc seo leagtha amach anseo thíos.

5.1 Plean Gníomhaíochta don Oideachas (2016-2019)

In 2017 lean an Roinn uirthi ag tacú le bainistiú agus cur i ngníomh an chlár oibre d'athchóiriú thar an Earnáil Oideachais agus Oiliúna. Faoi chreatlach an Phlean Ghníomhaíochta don Oideachas 2016-2019 cuireadh plean bliantúil nuashonraithe le chéile. Sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2017 leagtar amach na bearta tosaíochta ardleibhéil don earnáil don bhliain. Meastar dul chun cinn i gcoinne spriocanna trí thuarascálacha ar dhul chun cinn a fhoilsítear gach ráithe agus trí athbhreithniú ag deireadh na bliana (a foilsíodh go luath i mí Feabhra 2018 mar aon leis an Tuarascáil ar Dhul chun Cinn ar Ráithe 4). Leis seo, cinntíodh go ndearnadh monatóireacht rialta ar fud na bliana ar dhul chun cinn i gcoinne na spriocanna agus cuspóirí sonraithe. Ar an iomlán baineadh amach 86% de bhearta a bhí curtha mar sprioc, é sin, nó baineadh amach den chuid is mó iad. Tá na foilseacháin seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne https://www.education.ie/ga/.

Foilseachán in 2017:

- Plean Gníomhaíochta don Oideachas - Athbhreithniú ag Deireadh na Bliana i dtaobh 2016
- Plean Gníomhaíochta don Oideachas - Plean bliantúil 2017
- Plean Gníomhaíochta don Oideachas - Tuarascáil ar dhul chun cinn Ráithe 1
- Plean Gníomhaíochta don Oideachas - Tuarascáil ar dhul chun cinn Ráithe 2
- Plean Gníomhaíochta don Oideachas - Tuarascáil ar dhul chun cinn Ráithe 3

5.2 Clár Athchóirithe na hEarnála Poiblí

Sa bhliain 2017 lean an Roinn uirthi ag cur chun cinn úsáid struchtúr agus próiseas cuí chun a chinntiú go ndéanann an Bord Bainistíochta maoirseacht agus rialachas ar fhorbairt agus ar chur i ngníomh gealltanais na Roinne faoin gclár oibre um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus d''fhonn struchtúir Bainistithe Togra agus Bainistithe Chláir agus modheolaíochtaí a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.

Lena chois sin d'oibrigh an Roinn as láimh a chéile leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe d'fhonn tacú le forbairt Ár Seirbhís Phoiblí 2020. Seoladh an chreatlach seo i mí na Nollag 2017 agus tacaíonn sí le forbairt agus nuáil leanúnach thar an earnáil d'fhonn seirbhís phoiblí níos treise a thógáil agus d'fhonn seirbhísí cáilíochta níos fearr a sholáthar.

In 2017 freisin, mar chuid den gClár GAOL a bhaineann leis an Lárionad Seirbhísí Éifeachtacha, lean an Roinn den obair ar an tionscadal "Building Collaborative Working Practices" in 2017. Is é cuspóir an tionscadal oibriú, bainistiú agus rialachas cleachtais oibre chomhoibreacha sa Roinn a threisiú. Forbraíodh sraith doiciméad chun: comhoibriú a threisiú i gcomhthéacs na bpróiseas forbairt bheartais, athbhreithniú beartais agus cur i bhfeidhm beartais; treoir dea-chleachtais a fhorbairt le haghaidh comhoibrithe; prótacail a fhorbairt le haghaidh cur chuige chomhsheasmhaigh i leith maoirseachta agus rialachas oibre comhoibrithí. Tá comhordú á dhéanamh ag an Roinn ar an tionscadal seo le tacaíocht ón Lárionad Seirbhísí Éifeachtacha.

5.2.1 Cur i ngníomh Seirbhísí Roinnte

In 2017 lean an Roinn de bheith ag bainistiú clár oibre an athchóirithe agus á chur i ngníomh thar an earnáil Oideachais agus Oiliúna tríd an bPlean Seirbhísí Roinnte 2017-2020 don Earnáil Oideachais agus Oiliúna a fhorbairt agus a chur i ngníomh. Lean an Roinn uirthi ag tacú le cur i ngníomh modhanna oibre nua tríd na tionscadail Seirbhísí Roinnte a chur ar aghaidh faoin bPlean. Tionscadail Sheirbhísí Roinnte: Párolla agus airgeadas BOO, bhí an tionscadal Párolla Ardoideachais agus uasghrádaithe á chur chun cinn i gcónaí in 2017.

Rinneadh dul chun cinn in 2017 ar an chéad chéim den tionscadal Seirbhís Roinnte Párolla Ardoideachais mar an tionscadal EduCampus MIS Refresh. Tá Céim a hAon den tionscadal á chríochnú.

Ceapadh Bainisteoirí agus Foirne tionscadail freisin don Tionscadal Seirbhísí Roinnte Ardoideachais, don Tionscadal Taifid Sonraí Fostaithe Scoile agus don Tionscadal Seirbhísí Roinnte Párolla.

D'fhoilsigh an Tionscadal Seirbhísí Roinnte Párolla BOO Glaoch ar Thairiscintí maidir le córas párolla a sheachadtar mar sheirbhís bhainistithe agus tá an tionscadal seo tugtha aige chuig an gcéim ag a mbronntar an conradh 2017. In 2017 d'fhorbair an Tionscadal Seirbhísí Roinnte Airgeadais BOO an dearadh mionsonraithe, na riachtanais fheidhmiúla agus na sonraí teicniúla i gcomhair réiteach airgeadais comhtháite.

De bhreis air seo cuireadh an tionscadal Samhailtí Malartacha Seachadadh Seirbhíse, an clár Píolótach d'Íocaíochtaí Scoile, chun cinn in 2017. Tá an próiseas soláthair le haghaidh comhaontú creata le soláthraithe a thabharfadh seirbhísí do scoileanna le críochnú. Beidh seirbhísí ó na soláthraithe seo ar fáil do scoileanna in 2018.

Lena chois sin d'oibrigh an Roinn chun maoiniú, comhtháthú agus rialachas na dtacaíochtaí a thugann an Roinn i leith soláthar earnála a chur ar aghaidh mar chuid de na Seirbhísí Roinnte a bhí á dtairiscint aici in 2017 agus leanfar den obair seo in 2018. Cuireadh forbairt struchtúir rialachais idir an Roinn agus an Oifig um Sholáthar Rialtais chun cinn le linn 2017, leis.

Agus í ag buntacú leis na tionscnaimh seo lean an Roinn uirthi ag cur Plean na Roinne do Sheirbhísí Roinnte 2017-2020 agus forbairt an rialachais do Sheirbhísí Roinnte chun cinn in 2017. Ag an am céanna bhí treo straitéiseach na Roinne don am atá le teacht á shocrú aici.

5.2.2 Bord Cláir BOO/SOLAS

In 2017 lean Bord na gClár BOO/SOLAS na Roinne air ag tacú go gníomhach le cur i ngníomh an clár athchóirithe foriomláin d'earnáil na mBOO/SOLAS. Is é Ardrúnaí na Roinne cathaoirleach Bord na gClár agus ar na baill áirítear baill d'fhoireann shinsearach bainistíochta na Roinne mar aon le hArdrúnaí na mBord Oideachais agus Oiliúna in Éirinn, POF SOLAS agus Príomhfheidhmeannaigh dhá Bhord Oideachais agus Oiliúna. Cabhraíonn Oifig um Bhainistiú Tionscadail (PMO) le Bord na gClár. Tacaíonn sé sin le cur i ngníomh spriocanna straitéiseacha fadtéarmacha agus le gnóthaí oibriúcháin díreacha a gcaitheann na Boird Oideachais agus Oiliúna agus SOLAS aghaidh a thabhairt orthu mar thoradh ar an gclár oibre um athrú.

Le linn 2017 rinne Bord na gClár maoirseacht ar roinnt tionscnamh um athchóiriú earnála a tugadh chun críche d'fhonn cobhsú bonneagar na mBOO a thabhairt i gcrích mar ullmhúchán chun Seirbhísí Roinnte a chur i ngníomh. Ar na tionscnaimh seo áirítear: Lárionad Sármhaitheasa Seirbhísí Dlí i mBoird Oideachais agus Oiliúna in Éirinn a chur ar bun chun tacú leis an earnáil BOO, struchtúir rialachais a bhunú d'fhonn cur i ngníomh na straitéise comhaontaithe TFC na mBOO a éascú, gach ionad oiliúna BOO a nascadh le Líonraí an Rialtais agus a bheith ag leanúint ar aghaidh leis an athbhreithniú ar dhearbhú cáilíochta thar earnáil Bhreisoideachais agus Oiliúna na mBOO.

Críochnaíodh an struchtúr eagraíochta nua don earnáil BOO, Céim I leis, agus ceapadh na bainisteoirí sinsearacha a bhí le ceapadh fós. Tá struchtúr gach BOO eagraithe timpeall ar trí thaca na laethanta seo - Scoileanna, Breisoideachas agus Oiliúna agus Tacú & Forbairt Eagraíochta. Tuairiscíonn siad don bPríomhfheidhmeannach. Tá 52 bhainisteoirí breise ann faoin am seo thar na BOO chun tacú leis an struchtúr nua.

Lena chois sin tionscnaíodh céim II den dearadh eagraíochta BOO. Chuige seo bailíodh sonraí faoin eagraíocht BOO agus faoi struchtúir mar atá siad faoi láthair laistíos de leibhéal Stiúrthóra ar fud 2017.

D'fhoilsigh an Tionscadal Seirbhísí Roinnte Párolla BOO Glaoch ar Thairiscintí maidir le córas párolla a sheachadtar mar sheirbhís bhainistithe agus tá an tionscadal seo tugtha aige chuig an gcéim ag a mbronntar an conradh 2017. In 2017 d'fhorbair an Tionscadal Seirbhísí Roinnte Airgeadais BOO an dearadh mionsonraithe, na riachtanais fheidhmiúla agus na sonraí teicniúla i gcomhair réiteach airgeadais comhtháite.

Foilseachán in 2017: Plean Seirbhísí Comhroinnte don Earnáil Oideachais agus Oiliúna 2017-2020

5.3 An Straitéis Sonraí

Foilsíodh Straitéis Sonraí nua de chuid na Roinne go luath in 2017. Bhí ceithre phríomhchuspóir aici. Tá siad dírithe ar cumas agus acmhainn sonraí inmheánach a chothú, rialachas agus bainistiú sonraí a threisiú, comhar maidir le sonraí a fheabhsú agus an oiread úsáide is féidir agus an luach is mó is féidir a bhaint as sonraí. Is é an tAonad Tacaíochta Rialachas Sonraí atá i gceannas ar chur i bhfeidhm Plean Ghníomhaíochta na straitéise. Tugann an tAonad treoir agus tacaíocht maidir le gníomhaíochtaí corparáideacha i gcúrsaí sonraí. Lena chois sin déanann sé comhordú ar rannpháirtíocht na Roinne ar fud mórthionscnaimh sonraí an rialtais láir.

5.4 An Chreatlach Bhreisoideachais agus Oiliúna

Rinneadh dul chun cinn nach beag i gcaitheamh na bliana maidir le creatlach a chur ar bun le haghaidh pleanála feabhsaithe agus le haghaidh maoiniú Breisoideachais agus Oiliúna atá bunaithe ar an tsamhail 'ionchuir - aschuir'. Cuireadh tionscnamh píolótach straitéiseach i gcrích d'fhonn cur le cumas pleanála straitéisí, rud as a dtáinig gur comhaontaíodh comhpháirteanna samhail maoinithe nua. Beidh siad seo mar bhonn eolais ag an bpróiseas pleanála bliantúil ó 2018 ar aghaidh. Beidh comhphlé straitéiseach mar chuid de, rud as a leanfaidh go ndéanfar comhaontuithe feidhmíochta idir SOLAS agus gach BOO.

5.5 Maoiniú Ardoideachais

Foilsíodh Tuairisc an Ghrúpa Saineolaithe ar Mhaoiniú Amach anseo (Tuairisc Cassells) in 2016. Mínítear na dúshláin maidir le maoiniú san earnáil ardoideachais go soiléir sa tuairisc agus leagtar amach roinnt cur chuige beartais a d'fhéadfaí a mheas. Faoi mar a gealladh i gClár an Rialtais cuireadh tuairisc Cassells ar aghaidh chuig Comhchoiste an Oireachtais um Oideachas agus Scileanna chun go bpléifí í ansin. Bíonn teagmháil ag an Roinn leis an gcoiste i gcónaí d'fhonn cur chuige comhaontaithe agus comhaontú polaitiúil a bhaint amach.

Fad's atáthar ag feitheamh le cinneadh ó Chomhchoiste an Oireachtais um Oideachas ar Thuairisc Cassells tá tuilleadh athchóirithe ar mhaoiniú ardoideachais déanta.

Sa tuairisc ar athbhreithniú ar an tsamhail maoinithe moltar nasc níos mó idir an ardoideachas agus riachtanais scileanna náisiúnta. Lena chois sin moltar trédhearcacht maidir le leibhéal na hinfheistíochta chun freastal ar riachtanais scileanna a mhéadú. De bhreis air seo éascóidh an tuairisc dul chun cinn níos mó i dtaobh taighde, nuáil agus feidhmíocht thar an earnáil ardoideachais.

Mar thoradh ar phróiseas comhairliúcháin le grúpaí fostóirí cuireadh méadú 0.1% ar thobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna mar chuid de bhearta Buiséid 2018 agus tá 0.1% eile beartaithe in 2019 agus 2020 má dhéantar an t-athchóiriú comhaontaithe ar an gCiste Náisiúnta Oiliúna. Is príomhghné straitéiseach é an méadú ar mhaoiniú ón gCiste Náisiúnta Oiliúna den mhéadú ar mhaoiniú don ardoideachas agus breisoideachas ar an iomlán agus chun soláthar a dhéanamh do bhearnaí scileanna.

Rinneadh athbhreithniú neamhspleách in 2017 ar an tsamhail reatha leithdháilte chun ardoideachas a mhaoiniú. Tugann an t-athbhreithniú plean oibre d'aistriú chuig múnla athchóirithe cistiúcháin atá níos trédhearcaí agus atá comhsheasmhach ar fud institiúidí ardoideachais, a dhreasaíonn bearta i

bpríomhréimsí straitéiseacha ar nós taighde agus soláthar STEM agus a thacaíonn le cuntasacht fheabhsaithe. Ag an am céanna léiríonn sé meas ar neamhspleáchas institiúide. Ó 2018 - 2021 tabharfaidh grúpa um chur i ngníomh bonn eolais do chur i ngníomh céimneach moltaí na tuairisce seo.

5.6 Ciste Náisiúnta Oiliúna

Mar fhreagairt ar cheisteanna a d'ardaigh fostóirí i bpróiseas comhairliúcháin faoin Sásra d'Infheistiú Fostóra-Státchiste fógraíodh roinnt athchóirithe ar an gCiste Náisiúnta Oiliúna in 2017 mar chuid de Bhuiséad 2018. Cuireadh tús leis an chéad athchóiriú, is é sin, athbhreithniú cuimsitheach neamhspleách ar an gCiste Oiliúna Náisiúnta, in 2017. Tá téarmaí tagartha fairsinge ag an athbhreithniú seo atá ceaptha chun níos mó trédhearcacht a chur ar an gCiste agus chun é a chur ar aon dul le riachtanais fostóirí. Beidh an t-athbhreithniú críochnaithe in 2018.

5.7 Párolla agus Pinsin

Tugann an Roinn seirbhísí párolla agus pinsin do mhúinteoirí agus foireann scoile i ngach scoil (ach amháin earnáil na mBOO) trí íocaíochtaí a eisiúint do bhreis is 110,000 duine i gceann gach coicíse.

In 2017 phróiseáil an Roinn iarratais ar scoir do bhreis is 1,000 múinteoir agus foireann neamhtheagaisc. Mar thoradh ar samhaltóir pinsin a bheith ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne is féidir le baill scéim phinsin meastachán ar shochair phinsin a fháil. Ag an am céanna bíonn an tAonad Pinsin ag eisiúint ráiteas mar chuid den bpróiseas scoir. Lena chois sin rinne sé soláthar do bhreis is 1,100 aistriú pinsin, do bhreis is 500 meastachán seirbhíse barúlach, rinne próiseáil ar breis is 900 ceist maidir le dlí teaghlaigh agus ar tuairim is 100 iarratas ar bhlianta gairme breise d'fhostaithe san earnáil tríú leibhéil.

Chríochnaigh an Roinn Céim I de Thionscadal Digitithe chun gach comhad párolla agus pinsin a scanadh ar líne le linn 2017 agus tá tús curtha le Céim II. Tá sé i gceist é sin a chríochnú le linn 2018. Críochnaíodh tuairim is 20,000 comhad faoi dheireadh 2017.

5.8 Clár Tógála 2017

Tá d'aidhm ag an Roinn bonneagar cuí a sholáthar do thimpeallachtaí foghlama chun go mbeidh teacht ag gach foghlaimeoir ar thimpeallacht foghlama nua-aimseartha. Tá an Roinn ag díriú go háirithe ar cóiríocht a sholáthar chun freastal ar an éileamh ar áiteanna scoile i gceantair ina bhfuil fás faoi líon na scoláirí ar an rolla.

In 2017 caitheadh €530.8 milliún san iomlán ar bhonneagar scoileanna. Ar thorthaí na hinfheistíochta seo áirítear 46 tionscadal mórscála a críochnaíodh; 35 díobh san earnáil bhunscoile agus 11 cheann san earnáil iarbhunscoile. Soláthraíodh 13,254 áit scoile bhuana san iomlán. Ba áiteanna buana breise 9,204 díobh seo. Cuireadh ar fáil iad i 29 mBunscoil nua. Cuireadh 864 áit bhuana ar fáil ar áiteanna buana breise 672 áit díobh. Cuireadh ar fáil iad i 6 bhunscoil atá ann cheana féin. San earnáil iarbhunscoile críochnaíodh 4 scoil nua agus 7 méadú mhóra nó tograí athchóirithe in 2017. Leis na tograí seo soláthraíodh 4,675 áit scoile bhuana san iomlán. Áiteanna buana breise ab ea 3,325 díobh. Le linn 2017 chuir an Roinn tús le hathbhreithnithe ar 120 tionscadal i scoileanna a raibh maoiniú tarmligthe faighte acu agus a raibh a gcuid tionscadal críochnaithe acu faoi dheireadh 2016 d'fhonn a dhearbhú gur críochnaíodh na hoibreacha de réir treoirlínte na Roinne. Tá roinnt creatlaí chun comhairleoirí a cheapadh i bhfeidhm do thograí níos mó atá casta agus práinneach.

5.8.1 An Scéim um Chóiríocht Bhreise

In 2017, críochnaíodh 163 thogra faoin Scéim um Chóiríocht Bhreise agus an Tionscnamh um Ionadú Foirgneamh Réamhdhéanta. Cuirtear 4,658 áit scoile buan ar fáil fúithi.

5.8.2 Oibreacha Samhraidh agus Scéim na nOibreacha Éigeandála

Le linn 2017 fógraíodh 438 tionscadal san iomlán faoin Scéim Oibreacha Samhraidh agus measadh 328 iarratas a bheith incháilithe faoin Scéim Oibreacha Éigeandála.

5.8.3 Ceannach Réadmhaoine

San iomlán críochnaíodh 10 n-idirbheart réadmhaoine in 2017. Bhí gá leo siúd chun cóiríocht bhuan a éascú do scoileanna agus chun socruithe rochtana a éascú nó síneadh le láithreacha atá ann cheana féin.

5.8.4 Modheolaíochtaí Éagsúla a úsáid chun Tograí móra a Fhoirgniú

I bplean cúig bliana na Roinne *tá* modhanna malartacha chun tograí a sheachadadh, an próiseas comhpháirtíochta poiblí príobháidí san áireamh. Shroich líon na scoileanna i mbun oibríochta a cuireadh ar fáil trí shocruithe Comhpháirtíochta Poiblí-Príobháidí 27 gceann faoi 2017. Leanadh de bheart breise scoileanna Comhpháirtíochta Poiblí-Príobháidí a thógáil. Cuirfear 5 scoil agus 1 choláiste Breisoideachais ar fáil mar seo. Tá gníomhaireachtaí cosúil le hOifig na nOibreacha Poiblí, na Boird Oideachais agus Oiliúna, an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, roinnt Údarás Áitiúil agus Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin ag cabhrú i gcónaí chun 48 tionscadal móra scoile a sheachadadh.

5.8.5 Meamram Tuisceana le hÚdaráis Áitiúla

Le linn 2017 lean Oifigigh de chuid na Roinne orthu ag obair le hoifigigh ar fud earnáil na n-údarás áitiúil chun ceannach láithreacha a chur ar aghaidh i gceantair ábhartha faoin Meamram Tuisceana idir an Roinn agus Comhghrúpa na mBainisteoirí Contae agus Cathrach. Tugann na hidirghníomhaíochtaí a thagann chun cinn mar thoradh ar an Meamram Tuisceana a chur i bhfeidhm cinnteacht níos fearr don Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le torthaí pleanála a bhaineann leis na láithreacha. Lena chois sin baineann an Roinn leas as saineolas gairmiúil chun cúnamh a thabhairt maidir le roghanna láithreach ionchasacha a shainaithint agus a mheas.

5.8.6 Eolas faoin Suíomh Gréasáin

Foilsítear liostaí tionscadal atá faofa i gcomhair a seachadta ar shuíomh gréasáin na Roinne gach mí. Má tá tionscadail mhóra i gceist cuirtear an t-eolas is deireanaí ar dhul chun cinn ar fáil de réir céimeanna éagsúla an phróisis seachadta. Má tá tionscadail bheaga tharmligthe i gceist foilsítear eolas fúthu go seachtainiúil. Liostáiltear ainm na scoile, an cineál tionscadail agus dátaí a bhfaofa.

5.8.7 Tionscadail Chaipitil Ardoideachais

Ba é €22 milliún an caiteachas caipitil ar bhonneagar ardoideachais in 2017. Baineadh úsáid as maoiniú chun roinnt príomhthograí a chur ar aghaidh. Áirítear orthu Leabharlann Glucksman a thógáil ag Ollscoil Luimnigh, comhdhlúthú Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ag Gráinseach Ghormáin agus feabhsuithe bonneagair i roinnt Institiúidí Teicneolaíochta. Lena chois sin íocadh deontas tarmligthe €5.9 milliún le 14 Institiúid Teicneolaíochta do mhionoibreacha agus trealamh, uasghrádú TFC san áireamh. Cuireadh athbhreithniú ar riachtanais chaipitil in institiúidí ardoideachais chun cinn in 2017; beidh sé seo mar bhonn eolais ag paraiméadair an chláir Chomhpháirtíochta Poiblí-Príobháidí don ardoideachas atá le teacht.

5.8.8 Éifeachtacht Fuinnimh i Scoileanna

Tá an Roinn ar tús cadhnaíochta i gcónaí i ndearadh maidir le héifeachtacht fuinnimh inbhuanaithe i bhfoirgnimh scoile. Cuireann Doiciméid um Threoir Theicniúil de chuid na Roinne an tagarmharc do dhearadh inbhuanaithe i bhfoirgnimh scoile. Dírítear go soiléir ar éifeachtacht fuinnimh le tacaíocht ó

chlár taighde fuinnimh láidir a bhfuil naoi dtionscadal taighde is daichead ag céimeanna éagsúla idir lámha aige.

Ar na tionscadail seo áirítear taighde agus monatóireacht maidir leis an chéad ghlúin eile de dhearthaí scoile fuinnimh ísil lena n-áirítear Tograí Tógála Gar do Ráta Fuinnimh Nialasach. Tá ar chumas gach scoile atá tógtha de réir na nDoiciméad Treorach Teicniúla Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF) A3 a bhaint amach ar a laghad.

Tairgeann an clár **Fuinneamh san Oideachas** ar comhpháirtíocht le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann é, ceardlanna oiliúna i mBainistiú Fuinnimh agus Seirbhís Chomhairlithe, Meantóireachta agus Measúnachta do scoileanna. Mar chuid den gclár táirgeann an tairseach ar líne www.energyineducation.ie comhairle barr-chleachtais agus staidéir cháis. Go dtí seo tá beagnach 671 scoil ag glacadh páirte sa chláir ag leibhéil éagsúla. Is féidir le scoileanna a bhíonn rannpháirteach sa Chlár Fuinneamh san Oideachas teacht ar chomhairle iontaofa phraiticiúil agus éiríonn leo fuinneamh a shábháil trí bhearta costais ísil nó bearta nach bhfuil aon chostas orthu.

I mbliana thosaigh an Roinn agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ar scéim phíolótach iarfheistithe do scoileanna ar mhaithe le héifeachtacht ó thaobh fuinnimh de. Díreoidh an clár píolótach ar feadh trí bliana ar bhearta iarfheistithe idir mheánach agus dhomhain, chun éifeachtacht ó thaobh fuinnimh de i scoileanna a fheabhsú. Tá roinnt dúshlán éagsúil le sárú, aoiseanna foirgnimh, aircitíopaí agus riachtanais maidir le hiarfheistiú san áireamh. Meastar na bearta uasghrádaithe i dtaobh éifeachtacht ó thaobh fuinnimh de a dhéantar sa scéim phíolótach a bheith ag leibhéal meánach nó ag leibhéal domhain agus áirítear orthu uasghráduithe idir ailtireachta, leictreach agus meicniúil. Mar thoradh díreach fuair deich scoil a bhí rannpháirteach sa scéim phíolótach i mbliana méadú compoird sa scoil chomh maith le laghdú 36% ar an meán ar bhillí fuinnimh. Is é toradh fadtéarma na scéime píolótaí clár a chruthú inar féidir le tuilleadh scoileanna uasghrádú éifeachtachta ó thaobh fuinnimh de a fháil a bheidh bunaithe ar roinnt gnáthroghanna iarfheistithe a bhfuil triail agus tástáil déanta orthu sa scéim phíolótach, agus is féidir leo cabhrú chun samhail chruinn inscálaithe a chruthú d'iarfheistithe éifeachtachta ó thaobh fuinnimh de do scoileanna ar fud na hÉireann.

Foilseachán in 2017: Foilsíodh Treoirlínte ar úsáid Foirgnimh Scoile taobh amuigh d'Uaireanta Scoile i mí Dheireadh Fómhair 2017

5.9 Forbairtí TFC sa ROS

5.9.1 Bunachar Sonraí Bunscoile Ar Líne

Cuireadh feabhsú ar an mBunachar Sonraí Bunscoile Ar Líne i bhfeidhm i mí Mheithimh 2017 chun réamhrollú a éascú.

5.9.2 Bunachar Sonraí Iarbhunscoile Ar Líne

Feabhsaíodh an Bunachar Sonraí Iarbhunscoile ar Líne i ndá chéim le linn 2017 - sa chéad chéim chun taifeadadh gearrchúrsaí a dhéanann scoláirí na Sraithe Sóisearaí a éascú agus sa dara chéim chun taifeadadh measúnachtaí áitiúla le haghaidh Béarla, Gearrchúrsaí agus Aonaid Foghlama Tosaíochta a éascú.

5.9.3 Próifílí Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí a Ghiniúint

Cuireadh na feidhmchláir seo a leanas ar fáil ó mhí na Nollag 2017 chun a chur ar chumas scoileanna Próifílí Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí a ghiniúint do scoláirí faoi Chlár nua na Sraithe Sóisearaí:

- JCAD (Junior Cycle Awards Database/ Bunachar Sonraí Gradam na Sraithe Sóisearaí) do scoláirí a fhreastalaíonn ar Scoileanna Speisialta, Ionaid Ógtheagmhála srl, chun taifeadadh

measúnachtaí áitiúla le haghaidh Béarla, Gearrchúrsaí agus Aonaid Foghlama Tosaíochta a éascú.

- JCAG (Junior Cycle Awards Generator/ Gineadóir Gradaim na Sraithe Sóisearaí) chun mionsonraí maidir le gach scoláire a chomhthiomsú faoi Ghearrchúrsaí/ Aonaid Foghlama Tosaíochta a dhéantar mar aon le measúnachtaí orthu, torthaí scrúduithe ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit, lógó na scoile srl, chun an gradam a líonadh.
- Bogearra do scoileanna chun gradaim líonta a íoslódáil do gach scoláire, le réimse is féidir a chur in eagar chun Réimsí Foghlama eile a iontráil.

5.9.4 ríomhAighneachtaí

Cuireadh ríomhAighneachtaí atá forbartha ag Oifig Príomhoifigigh Fhaisnéise an Rialtais faoin snáithe Build-to-Share de Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí i bhfeidhm ag an Roinn i mí Dheireadh Fómhair 2017.

5.10 Iompar Scoile

Le linn na scoilbhliana 2016/17 iompraíodh thart faoi 115,000 leanbh lena n-áirítear tuairim is 12,000 leanbh ag a bhfuil riachtanais speisialta, i mbreis is 4,700 feithicil go laethúil chuig bunscoileanna agus iarbhunscoileanna ar fud na tíre. Taistealaíodh breis is 115 milliún ciliméadar in aghaidh na bliana agus bhí costas iomlán €190 milliún air, nach mór in 2017.

Foilsíodh athbhreithniú ar Bhord Achomharc um Iompar Scoile i mí Iúil. De réir moltaí na tuairisce tá próiseas achomhairc nua á fhorbairt atá níos simplí agus níos éasca don úsáideoir, chun achomhairc a bhainistiú agus feabhas a chur ar chumarsáid.

Foilseachán in 2017: Review of the School Transport Appeals Board (Athbhreithniú ar Bhord Achomhairc Iompar Scoile)

5.11 Brexit

Chuir an Roinn go gníomhach le pleanáil Rialtais le haghaidh Brexit agus ghlac sí páirt i ngach grúpa oibre agus coiste oibre tras-Ranna. Reáchtáladh níos mó comhairliúchán le luchtanna leasa inar pléadh réimse na scoileanna agus faoi riachtanais scileanna an gheilleagair. Cuireadh tacaíocht ar fáil leis, maidir le Comhphlé Sibhialta faoi Brexit. Leanann an Roinn de bheith i dteagmháil le comhpháirtithe AE eile agus leis an R.A. d'fhonn a chinntiú go mbainfear an toradh is fearr amach don earnáil oideachais.

5.12 An Ciste Eorpach um Dhomhandú

Cuireadh na tuarascálacha deiridh ar Chláir an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú, Lufthansa Technik Airmotive Ireland (LTAI) agus PWA International (PWAI) isteach chuig an gCoimisiún Eorpach i mí Mhárta 2017 agus i mí na Nollag 2017 faoi seach. Tá na tuarascálacha ar fáil ag www.egf.ie. Tugadh tacaíocht faoi na cláir seo do 339 iar-oibrí na gcuideachtaí chomh maith le 268 duine óga nach raibh i bhfostaíocht ná in oideachas ná faoi oiliúint trí mheascán nuálach de thacaíochtaí. Áiríodh orthu tacaíochtaí príomhshrutha agus tacaíochtaí sainoiriúnaithe, i réimsí na treorach, na hoiliúna, an mheánoideachais agus an oideachas tríú leibhéil. Lena chois sin tugadh tacaíochtaí fiontair.

Ba é €2.983 milliún an caiteachas deiridh a bhí incháilithe faoin gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú. Caitheadh ar LTAI é agus ba ionann é agus 72% den leithdháileadh faofa den gClár. Maidir leis an gClár PWAI, caitheadh an leithdháileadh iomlán, is é sin, €0.737 air. Íocann an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú 60% den gcaiteachas cláir faofa.

5.13 Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus Clár Oibriúcháin

I ndiaidh an athbhreithnithe lárthéarma ar an gCreat Airgeadais Inbhliantúil faomhadh leithdháileadh CSE breise €2 milliún don gClár Oibriúcháin CSE um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim 2014-2020. Dá thoradh sin ba é €1.157 billiún an leithdháileadh Cláir iomlán sa tréimhse. D'fhaomh Coimisiún na hEorpa an Clár Oibriúcháin um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim athbhreithnithe a chuir an Roinn isteach. Cuimsíonn an leithdháileadh cláir €545 milliún ó CSE, ranníocaíocht chomhoiriúnach ón Státchiste agus €68 milliún faoin Tionscnamh Fostaíochta don Óige.

Thug Coiste Monatóireachta an Chlár Oibriúcháin um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim faomhadh chun roinnt gníomhaíochtaí breise a ghlacadh isteach faoi ais Fostaíochta don Óige den gClár Oibriúcháin um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim in 2017. Áirítear orthu Ionaid Oiliúna Phobail, an Scéim Tacaíochta um Fhostaíocht do na Fórsaí Cosanta agus an Scéim Tacaíochta nua um Fhostaíocht don Óige de chuid na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Cuirfear tús leo seo níos déanaí in 2018. Tháinig na gníomhaíochtaí seo in ionad roinnt gníomhaíochtaí a tarraingíodh siar ón gClár Oibriúcháin um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim in 2017, JobBridge agus TÚS san áireamh.

Le linn 2017 cuireadh obair forbartha ar chóras TF eCohesion chun cinn chun riachtanais rialúcháin de chuid AE a chomhlíonadh. Mar thoradh ar an córas a thabhairt chun críche agus na húdaráis lena mbaineann a ainmniú beidh ar chumas na hÉireann tús a chur le hiarratais ar íocaíocht eatramhach a chur isteach chuig an gCoimisiún Eorpach in 2018.

Bhí comhdháil ar siúl i mí na Samhna 2017 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath chun 60 bliana de CSE a bheith ar an bhfód a cheiliúradh. Tháinig luchtanna leasa, lucht déanta beartais agus comhpháirtithe sóisialta de chuid CSE le chéile chuige seo agus fuair rannpháirtithe aonair deis a gcuid eispéireas le gníomhaíochtaí a ndearna CSE cómhaoiniú orthu a roinnt.

Cuireadh an Tuairisc Dheiridh maidir leis an gClár Oibriúcháin um Infheistíocht Caipitil Dhaonna 2007-2013 isteach chuig an gCoimisiún Eorpach i mí Mhárta 2017. Ba é €18.8 milliún an íocaíocht dheireanach a fuarthas i mí na Nollag 2017. Leis seo baineadh amach an ranníocaíocht iomlán ó CSE, is é sin, €375.4 milliún nó 50% den leithdháileadh Cláir iomlán, is é sin, €750 milliún.

Foilseachán in 2017: Achoimre Saoránaigh ar Thuarascáil Bhliantúil 2016 ar an gClár Oibriúcháin um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim www.esf.ie.

5.14 Caiteachas na Roinne

Fuarthas méadú 5.8% ar an leithdháileadh buiséid d'oideachas agus oiliúint i mBuiséad 2018. Dá thoradh sin is ionann buiséad na Roinne agus €10.085 billiún. Is é seo an buiséad is airde riamh le leithdháileadh caipitil €745 milliún.

Déanfaidh an Buiséad soláthar do bhreis is 2,300 post breise i scoileanna faoi dheireadh 2018. Daingníodh maoiniú mar chuid den mbuiséad chun soláthar a dhéanamh d'fhás déimeagrafach sa phobal, chun feabhas a chur ar sholáthar foirne i mbunscoileanna, chun soláthar comhairliú treorach a threisiú tuilleadh, chun soláthar a dhéanamh do phoist bhreise sa tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, chun líon na laethanta atá saor ón obair do phríomhoidí teagaisc a mhéadú agus chun cur i ngníomh an Phlean DEIS 2017 a chur chun cinn tuilleadh, plean chun comhionannas deiseanna a scoileanna a thabhairt i gcásanna ina n-aithnítear riachtanais mar thoradh ar mhíbhuntáiste oideachais.

Cuireadh maoiniú ar fáil chun tacú le réimse tionscnaimh bheartais a mbaineann tábhacht straitéiseach agus tábhacht ó thaobh eacnamaíochta de leo. Áirítear orthu teangacha iasachta,

beartas STEM agus foghlaim dhigiteach. Leithdháileadh maoiniú ón Státchiste agus ó acmhainní a bhí ag an Roinn cheana féin chun athchóiriú na Sraithe Sóisearaí agus athchóiriú curaclaim a chur chun cinn i réimsí teangacha bunscoile agus sa tSraith Shinsearach, i bPolaitíocht & Sochaí, Eolaíocht Talmhaíochta, Mata Feidhmeach, Corpoideachas, Eolaíocht Ríomhaire agus Eolaíocht.

Déantar soláthar sa Bhuiséad do phacáiste Ardoideachais agus Breisoidachais agus Oiliúna dar luach €64.5 milliún. Táthar ag tógáil ar an infheistíocht €36.5 milliún ón Státchiste a rinneadh an bhliain seo caite.

Mar thoradh ar Athbhreithniú Caipitil leithdháileadh maoiniú caipitil breise €663 milliún ar an earnáil oideachais agus oiliúna thar an tréimhse 2018-2021 chomh maith. Cuirfear leathchuid den maoiniú breise seo (€332 milliún) ar fáil don earnáil scoile. Tá sé i gceist, le linn na tréimhse 2018-2021, breis is 350 togra mórscála atá fógartha a chur ar aghaidh chuig an bpointe ag a lorgaítear tairiscintí agus chuig foirgniú faoi Chlár Foirgníochta 6 Bliana de chuid na Roinne. Is iad scoileanna nua, méaduithe mórscála agus oibreacha móra athchóirithe atá sna tograí seo. Úsáidfear €331 milliún thar an tréimhse 2018-2021 chun chur go mór le hinfheistiú caipitil in ardoideachas agus i mbreisoideachas, taighde san áireamh. Ina theannta sin, mar a leagadh amach ag 5.8.7 thuas, éascóidh clár Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí infheistíocht i 11 fhoirgneamh nua in earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta. Cuirfear béim ar STEM sa réimse seo, TFC, innealtóireacht agus na heolaíochtaí beatha san áireamh.

5.15 Iniúchadh Inmheánach / Rialú Airgeadais Chiste Shóisialta na hEorpa

Le linn 2017 cónascadh an Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí agus an tÚdarás Iniúchóireachta de chuid Ciste Shóisialta na hEorpa agus rinneadh an hAonad Iniúchóireachta Inmheánach agus AE díobh. Tá an Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí ag an Roinn freagrach as cinnteacht a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le leordhóthanacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht próisis na Roinne chun riosca a bhainistiú, na gcóras rialaithe inmheánach agus na bpróiseas rialachais.

Cinntíonn Údarás Iniúchóireachta CSE go gcomhlíonann Éire riachtanais rialála an Aontais Eorpaigh i ndáil le hiniúchadh ar CSE, cuireann sé deachleachtas i mbainistiú, rialú agus iniúchadh ar CSE in Éirinn chun cinn agus cinntíonn sé go ndéantar iniúchtaí de réir caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta d'fhonn tuairiscí ardcháilíochta atá cothrom cóir a chur ar fáil.

Ullmhaítear cláir iniúchóireachta bliantúla faoi choimirce an Choiste Iniúchóireachta agus tuairiscíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Údarás Iniúchóireachta CSE araon faoi sheoladh na gclár agus faoi chríochnú na dtuairiscí iniúchóireachta. Críochnaíodh deich dtuairisc san iomlán in 2017 agus déanann an dá réimse rianú, ar bhonn ráithiúil, ar an dul chun cinn ar chur i ngníomh na moltaí a eascraíonn ó thuairiscí iniúchóireachta. Ag deireadh na bliana bhí moltaí tuairisc iniúchóireachta CSE curtha i bhfeidhm ina n-iomláine.

Níor díríodh aird Ceann an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí ná an Aonad Iniúchóireachta AE ná ceann an Choiste Iniúchóireachta ar aon Nochtadh inmheánach Faoi Chosaint in 2017.

5.16 Dul i ngleic le Drochúsáid san Am atá Thart

I mí na Nollag 2016 d'fhoilsigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairisc speisialta (Uimh. 96) ar Chostas an Fhiosrúcháin ar Dhrochúsáid Leanaí agus Cúiteamh. Rinneadh an cinneadh go gcuirfeadh an Stát scéim chúitimh reachtúil ar bun beag beann ar cé acu an ndéanfaí nó nach ndéanfaí ranníocaíochtaí ó fhoinsí eile, leis. Lorgaíodh ranníocaíochtaí ó chuallachtaí reiligiúnacha faoi a) an Comhaontú Slánaíochta ón mbliain 2002 atá ina cheangal de réir an dlí agus b) tairiscintí deonacha na bliana 2009.

Is é €480.6 milliún iomlán na dtairiscintí a rinne na cuallachtaí faoin dá bhabhta ach faoi dheireadh 2017 bhí ranníocaíochtaí dar luach iomlán €224 milliún faighte. Sa tábla thíos tugtar achoimre ar na ranníocaíochtaí seo.

Achoimre ar thairiscintí bunaidh mar aon le méideanna fíoraithe

	Arna thairiscint (€m)	**Arna fhíorú (€m)**	**Le fíorú (€m)**	**Céatadán den tairiscint a baineadh amach / atá le baint amach fós**
Comhaontú Slánaíochta 2002	128	123.14	4.86	96%/4%
2009 Tairiscintí deonacha (*)	352.61	101.22	251.39	29%/71%
	480.61	**224.36**	**256.25**	**47%/53%**

* Níl luachanna roinnt réadmhaoineanna áirithe atá aistrithe ina n-iomláine chuig an Stát ar fáil go fóill.

Lean an Roinn uirthi pleananna gníomhaíochta leathbhliantúla a chur isteach chuig Comhairle na hEorpa ina sonraítear bearta ar leith agus bearta ginearálta a ghlactar chun breithiúnais na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine i gcás Louise O'Keefe a chur i bhfeidhm. Taispeánann na pleananna leathbhliantúla an feabhsú forchéimnitheach ar bhearta cosanta leanaí a dhéanann an Stát.

Tá dréachtú an Bhille um Thaifid a choinneáil beagnach críochnaithe. Príomhghné den mbille is ea go gcuirfí taifid an Bhoird Shásaimh d'Institiúidí Cónaithe, an Choiste Athbhreithnithe d'Institiúidí Cónaithe agus an Choimisiúin um Fhiosrú a dhéanamh ar Drochúsáid Leanaí i dtaisce sa Chartlann Náisiúnta, áit go gcoinneofar iad faoi shéala go ceann 75 bliana nuair a dhíscaoiltí na hinstitiúidí seo.

Aguisín A – Príomhtháscairí dul chun cinn agus ratha an Phlean Ghníomhaíochta don Oideachas 2017

Príomhtháscairí dul chun cinn agus ratha le haghaidh Sprioc 1 in 2017 mar a foilsíodh sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2017 - Athbhreithniú Deireadh na Bliana

Litearthacht	
Léirítear i dtuarascáil PIRLS 2016 a foilsíodh sa bhliain 2017 go bhfuil daltaí Rang 4 na hÉireann i measc na ndaltaí is fearr san Eoraip agus i dtíortha OECD ó thaobh scileanna léitheoireachta de. Tá ardú 15 pointe tagtha ar scór gnóthachtála foriomlán daltaí Éireannacha sa léitheoireacht ón timthriall deiridh de staidéar PIRLS thiar sa bhliain 2011. Tháinig ardú ar an gcéatadán daltaí Éireannacha a bhfuil ardscileanna léitheoireachta acu ó 16% sa bhliain 2011 go 21% sa bhliain 2016, figiúr atá i bhfad níos airde ná an meánleibhéal idirnáisiúnta in PIRLS. Ghnóthaigh daltaí Éireannacha thar barr freisin sa mheasúnú léitheoireachta nua ar líne in ePIRLS. Ní raibh ach tír amháin eile ann a ghnóthaigh ní b'fhearr ná Éire sa tástáil sin (Singeapór). Tá na torthaí seo ag teacht le roinnt tuarascálacha móra eile le déanaí, lena n-áirítear na Measúnuithe Náisiúnta ar Bhéarla, Léitheoireacht agus Matamaitic 2014 agus PISA 2015.	
SPRIOC	**TOMHAS IS DÉANAÍ**
Cion na ndaltaí ag feidhmiú ag leibhéal 5 nó níos airde don léitheoireacht in PISA a ardú go 12% faoin mbliain 2020 ó bhunús de 11.4% sa bhliain 2012.	Is é 10.7% an tomhas do PISA 2015.
Cion na ndaltaí ag feidhmiú faoi bhun leibhéal 2 don léitheoireacht a dhaingniú ag 8.5% faoin mbliain 2020 ó bhunús 9.6% sa bhliain 2012.	Is é 10.2% an tomhas do PISA 2015.
Uimhearthacht	
SPRIOC	**TOMHAS IS DÉANAÍ**
An céatadán de dhaltaí ag tógáil matamaitice ag an ard-leibhéal ag deireadh na Sraithe Sóisearaí a mhéadú chuig 60% faoin mbliain 2020.	B'é 55% an tomhas ag deireadh na bliana 2016 agus 57% ag deireadh na bliana 2017.
An céatadán dhaltaí ag tógáil matamaitice ag an ard-leibhéal ag deireadh na Sraithe Sinsearaí a mhéadú chuig 30% faoin mbliain 2020 ó bhunús 22% sa bhliain 2012.	Léirítear 28% sa tomhas sa bhliain 2016, agus 30% don bhliain 2017.
Cion na ndaltaí ag feidhmiú ag Leibhéal 5 nó níos airde don mhatamaitic i PISA a mhéadú chuig	Is é 9.8% an tomhas do PISA 2015.

13% faoin mbliain 2020. B'é 10.7% an tomhas sa bhliain 2012.	
Cion na ndaltaí ag feidhmiú faoi bhun leibhéal 2 don mhatamaitic i PISA a laghdú chuig 10.5% faoin mbliain 2020. B'é 16.9% an tomhas sa bhliain 2012.	Is é 15% an tomhas do PISA 2015.
Eolaíocht	
SPRIOC	**TOMHAS IS DÉANAÍ**
Cion na ndaltaí ag feidhmiú ag leibhéal 5 nó níos airde don eolaíocht i PISA a mhéadú chuig 10% faoin mbliain 2020 ó bhunús 10.8% sa bhliain 2012. Cion na ndaltaí ag feidhmiú ag leibhéal 2 nó níos ísle don eolaíocht i PISA a laghdú chuig faoi bhun 10% faoin mbliain 2020 ó bhunús 11.1% sa bhliain 2012.	Is é 7.1% an tomhas do PISA 2015. Is é 15.3% an tomhas do PISA 2015.
Coinneáil	
Tá Éire faoi láthair sa dara háit i measc an AE28 do chéatadán na ndaoine idir aois 20-24 le hoideachas meánscoile uachtarach ar a laghad ag 94%. Léirítear i rátaí coinneála scoile na hÉireann go bhfuil rátaí críochnaithe scolaíochta na hArdteistiméireachta agus an Teastais Shóisearaigh in Éirinn i measc na rátaí is airde san Eoraip. Is ionann líon foriomlán na luathfháglaithe ón oideachas agus oiliúin agus 6.3%, tá sé seo thíos faoi bhreis agus 40% ó 10.8% sa bhliain 2011, ag feabhsú rangú na hÉireann sa tomhas sin faoi 7 n-áit go dtí an 7ú háit san Eoraip. (AE-28).	
Gnóthachtáil	
Tá céatadán na ndaoine idir 20-24 bliana d'aois in Éirinn gurb é an leibhéal meánscoile uachtarach an leibhéal is airde oideachais atá acu ná ar an dara líon is airde san Eoraip ag 94%.	
SPRIOC	**TOMHAS IS DÉANAÍ**
Gnóthachtáil threasach i measc na ndaoine idir aois 30-34 a mhéadú chuig 60% faoin mbliain 2020.	Tomhas sa bhliain 2016: 52.9% (Creat Feidhmíochta Córais).

Treisiú aistrithe	
Tugadh córas grádaithe nua agus scéim pointí comónta nua isteach don Ardteistiméireacht B'ionann agus 964 é líon na dtairiscintí CAO ag leibhéal 8 sa bhliain 2017 (529 bealach iontrála á dtairiscint ag Ollscoileanna, 412 ag Institiúidí Teicneolaíochta agus 23 ag Coláistí). Is laghdú é sin ó 1,036 thiar sa bhliain 2014. Is é ceann de na spriocanna atá ag an gclár aistrithe ná líon na mbealaí iontrála a laghdú. Scóráladh 80,345 iarrthóir don CAO sa bhliain 2017 ach úsáid a bhaint as an Scála Pointí Comónta nua.	
SPRIOC	**TOMHAS IS DÉANAÍ**
An líon iarrthóirí ag dul ar aghaidh go dtí an tArdoideachas agus Traenáili seilbh cáilíochtí Breisoideachais (léirítear i gcéatadán na n-iarrthóirí nua san AO gurb í cáilíocht BO an bunús d'iontráil) a mhéadú go dtí 10% faoin mbliain 2019. B'é 6.6% an tomhas sa bhliain 2012.	Tomhas sa bhliain 2015: 6.4%
Folláine	
Méadaíodh líon na Síceolaithe SNSO agus méadaíodh leithdháileadh ama do scoileanna DEIS chun a chinntiú go mbíonn rochtain ag foghlaimeoirí le riachtanais chasta foghlama agus mothúchánacha ag teacht chun cinn ar thacaíocht ó shíceolaí oideachasúil. Cuireadh tús le soláthar an Chláir Folláine do gach dalta sa chéad bhliain den tSraith Shóisearach i mí Mheán Fómhair 2017.	
SPRIOC	**TOMHAS IS DÉANAÍ**
Síneadh leis an gclár múinteoireachta na mBlianta Dochreidte i mbunscoileanna DEIS. Méadú ar an rochtain ó c.20,000 foghlaimeoir i 130 scoil go dtí 104,000 foghlaimeoir i 646 scoil (2019). Síneadh leis an gclár Cairde i scoileanna DEIS. Méadú ar an rochtain ó c.25,000 foghlaimeoir i 275 scoil go dtí 172,000 foghlaimeoir i 831 scoil DEIS, le 8,600 múinteoir rannpháirteach (2019).	Nollaig 2017: Chríochnaigh 1,100 múinteoir an oilúint, le 463 múinteoir tar éis an chéad 3 mhodúl den clár 6-mhodúl sin a chur i gcrích. (Tionchar féideartha ar 31,260 páiste). Nollaig 2017: Tá an clár críochnaithe ag 1,193 múinteoir (le tionchar féideartha ar 23,860 dalta).

Príomhtháscairí dul chun cinn agus ratha le haghaidh Sprioc 2 in 2017 mar a foilsíodh sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2017 - Athbhreithniú Deireadh na Bliana

Coinneáil (DEIS)	
Léirítear san anailís feabhsúcháin suntasacha iontacha i rátaí coinneála i scoileanna sa scéim DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh sna Scoileanna). Tá an bhearna sna rátaí coinneála chuig an Ardteistiméireacht ag laghdú go fóill idir scoileanna DEIS agus neamh-DEIS, ag titim faoi leath ó 16.8% don chohórt 2001 go 8.5% don chohórt 2010.	
SPRIOC	**TOMHAS IS DÉANAÍ**
Rátaí coinneála 90% a ghnóthú i scoileanna DEIS dara leibhéal faoin mbliain 2025.	Ba é 83% an tomhas ba dhéanaí ar an gcohórt 2014/15 (bliain iontrála 2009).
Litearthacht (DEIS)	
SPRIOC	**TOMHAS IS DÉANAÍ**
Céatadán na ndaltaí rang a 6 i mbunscoileanna DEIS banda 1 ag scóráil ag leibhéal 1 nó níos ísle do litearthacht léitheoireachta i Measúnachtaí Náisiúnta don Bhéarla, Léitheoireacht agus Matamaitic a laghdú chuig 40% faoin mbliain 2020.	B'é 63.5% an tomhas sa bhliain 2009 agus 47.3% sa bhliain 2014.
Cion na ndaltaí 15 bliana d'aois in iar-bhunscoileanna DEIS ag feidhmiú ag Leibhéal 5 nó níos airde don litearthacht léitheoireacht in PISA a mhéadú chuig 10% faoin mbliain 2020.	B'é 4.8% an tomhas sa bhliain 2012 agus 7% sa bhliain 2015.
Cion na ndaltaí 15 bliana d'aois in iar-bhunscoileanna DEIS ag feidhmiú ag Leibhéal 1 nó níos ísle don litearthacht léitheoireachta in PISA a laghdú chuig 12% faoin mbliain 2020.	B'é 25.4% an tomhas sa bhliain 2012 agus 16% sa bhliain 2015.
Céatadán na ndaltaí rang a 6 i mbunscoileanna DEIS banda 1 ag leibhéal 3 nó níos airde á scóráil acu do litearthacht léitheoireachta i Measúnachtaí Náisiúnta don Bhéarla, Léitheoireacht agus Matamaitic a mhéadú chuig 27% faoin mbliain 2020.	B'é 11.9% an tomhas sa bhliain 2009 agus 21.3% sa bhliain 2014.

Uimhearthacht (DEIS)	
SPRIOC	**TOMHAS IS DÉANAÍ**
Céatadán na ndaltaí rang a 6 i mbunscoileanna DEIS banda 1 ag leibhéal 3 nó níos airde á scóráil acu don mhatamaitic i Measúnachtaí Náisiúnta don Bhéarla, Léitheoireacht agus Matamaitic a mhéadú chuig 27% faoin mbliain 2020.	B'é 12.9% an tomhas sa bhliain 2009 agus 18.7% sa bhliain 2014.
Céatadán na ndaltaí rang a 6 i mbunscoileanna DEIS banda 1 ag leibhéal 1 nó níos ísle á scóráil acu don mhatamaitic i Measúnachtaí Náisiúnta a laghdú chuig 42% faoin mbliain 2020.	B'é 66.4% an tomhas sa bhliain 2009 agus 47% sa bhliain 2014.
Cion na ndaltaí 15 bliana d'aois in iar-bhunscoileanna DEIS ag feidhmiú ag Leibhéal 5 nó níos airde don mhatamaitic in PISA a mhéadú chuig 10% faoin mbliain 2020.	B'é 5.2% an tomhas sa bhliain 2012 agus 6% sa bhliain 2015.
Cion na ndaltaí 15 bliana d'aois in iar-bhunscoileanna DEIS ag feidhmiú ag Leibhéal 1 nó níos ísle don mhatamaitic in PISA a laghdú chuig 16% faoin mbliain 2020.	B'é 37.3% an tomhas sa bhliain 2012 agus 22% sa bhliain 2015.
Rátaí Tinrimh (DEIS)	
Tá céatadán meánach na laethanta scoile caillte i scoileanna DEIS tar éis feabhsú beagáinín nó fanacht mar an gcéanna idir 2012/13 agus 2014/2015 (athrú de phointe céatadánach amháin). I gcomparáid le scoileanna neamh-DEIS is idir 1% agus 3% í an difríocht.	

Rochtain ar Ardoideachas	
Léirítear sna sonraí is déanaí atá ar fáil ón UAO go bhfuil feabhas ag teacht ar rochtain ar an tríú-leibhéal do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste. B'amhlaidh go sonrach a tháinig méadú ar líon agus sciar de dhaltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste ó 22% go 26%, agus de dhaltaí le míchumas ó 7% go 11% idir 2012/13 agus 2014/15. (Ó 9,147 go 11,189 agus ó 2,561 go 3,343 faoi seach).	
SPRIOC	**TOMHAS IS DÉANAÍ**
An rannpháirtíocht san Ardoideachas de dhaoine ón ngrúpa oibrithe neamhláimhe (cohórt d'aois 18-20) a ardú go dtí 30% faoin mbliain 2019.	Léirítear sa tomhas is déanaí sa bhliain 2012 an ráta seo ag 23%.
An rannpháirtíocht san Ardoideachas de dhaoine ón ngrúpa oibrithe láimhe leathoilte/neamhoilte (an grúpa oibrithe talmhaíochta ina measc, cohórt d'aois 18-20) a ardú go dtí 35% faoin mbliain 2019.	Léirítear sa tomhas is déanaí sa bhliain 2012 an ráta seo ag 26%.
An rannpháirtíocht san Ardoideachas de mhic léinn aibí (líon na n-iontrálaithe aibí lán-aimseartha agus páirtaimseartha/solúbtha mar chéatadán d'iontrálaithe nua ar fad) a ardú go dtí 24% faoin mbliain 2019.	B'é 19% an tomhas sa bhliain 2012, 15% sa bhliain 2015, 16% sa bhliain 2016.
An rannpháirtíocht san Ardoideachas de daoine le míchumas (céatadán d'iontrálaithe nua ar fad san Ardoideachas) a ardú go dtí 8% faoin mbliain 2019.	B'é 6.4% an tomhas sa bhliain 2012 agus 7.8% sa bhliain 2015 agus 10.3% sa bhliain 2016.
An líon daoine den Lucht Siúil san Ardoideachas (iontrálaithe nua fochéime lánaimseartha agus páirtaimseartha) a ardú go dtí 80 faoin mbliain 2019.	B'é 35 mac léinn an tomhas sa bhliain 2012 agus 36 mac léinn sa bhliain 2015.

Príomhtháscairí dul chun cinn agus ratha le haghaidh Sprioc 3 in 2017 mar a foilsíodh sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2017 - Athbhreithniú Deireadh na Bliana

Cigireachtaí	
SPRIOC	**TOMHAS IS DÉANAÍ**
Líon na gCigireachtaí dírithe ar na Luathbhlianta a mhéadú go 600 sa bhliain 2017 ón mbunús de 22 sa bhliain 2015. Rinneadh 491 acu faoi dheireadh na bliana 2016.	Rinneadh 1,191 cigireacht faoi dheireadh na bliana 2017 - 491 sa bhliain 2016 agus 700 sa bhliain 2017.
1,000 tuairisc cigireachta Luathbhlianta a fhoilsiú sa bhliain 2017 ón mbunús de 200 sa bhliain 2016.	1,003 tuairisc cigireachta a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Roinne.
Timpeall 1500 cigireacht bunscoile agus iar-bhunscoile a stiúradh.	4,519 cigireacht a dhéanamh ar scoileanna aitheanta, ionaid d'oideachas agus suíomhanna eile faoi dheireadh na bliana 2017.
Tacú le scoileanna i gcur i bhfeidhm an phróisis Féin-Mheastóireachta Scoile.	Réimse ábharthachta a sholáthar do scoileanna agus 202 cuairt tugtha ar 10 mbunscoil agus 192 iar-bhunscoil: níor leanadh le cuairteanna ar bhunscoileanna de bharr Treorach INTO i gcoinne rannpháirtíochta.
Ceannaireacht	
SPRIOC	**TOMHAS IS DÉANAÍ**
Oiliúint ghairmiúil a sholáthar do 400 Príomhoide sa bhliain 2017.	Bhí 347 Príomhoide rannpháirteach sa tseirbhís sa bhliain 2017.
183,000 aonad Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (FGL) a thairiscint sa bhliain 2017. Ba é 129,702 an tomhas sa bhliain 2012 agus 206,217 sa bhliain 2016.	225,000 meastachán) aonad FGL a sholáthar i rith na bliana 2017.
	257 múinteoir a chlárú ar Dhioplóma nua Iarchéime i gceannaireacht scoile (leibhéal 9) Meán Fómhair 2017
Rolladh amach cláir mheantóireachta do gach Príomhoide scoile nuacheaptha.	Beidh rochtain ag gach Príomhoide scoile nuacheaptha ar mheantóir ó mhí Mhéan Fómhair 2017 ar aghaidh.
Cnuasú don nuálaíocht agus sármhaitheas	

Táthar tar éis Cnuasaigh Scoile don Chiste Sármhaitheasa Scoileanna, Cnuasaigh IAO faoi straitéis ardoideachais, agus Cnuasaigh BOO d'fhorbairt Printíseachta a thionscnamh.

Príomhtháscairí dul chun cinn agus ratha le haghaidh Sprioc 4 in 2017 mar a foilsíodh sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2017 - Athbhreithniú Deireadh na Bliana

Rogha Scoile	
SPRIOC	**TOMHAS IS DÉANAÍ**
Líon na scoileanna il-/neamh-shainchreidmheach a mhéadú go 400 faoin mbliain 2030.	Is ionann an líon scoileanna il-/neamh-shainchreidmheach atá ann faoi dheireadh na bliana 2017 agus 151.
Nuálaíocht, fiontraíocht agus taighde a láidriú	
SPRIOC	**TOMHAS IS DÉANAÍ**
Taighde a leathnú trí chlár nua iomaíoch Taighde beag beann ar Theorainneacha. Sprioc chun 24 gradam a dheonú sa bhliain 2017. Rollú iarchéime taighde a mhéadú go 475 ionad deonaithe faoin mbliain 2020 ó 282 sa bhliain 2012. Léirítear sa tomhas 275 ionad deonaithe sa bhliain 2016. An líon ionad iardhochtúireachta maoinithe (cláir chomhpháirtíochta fiontraíochta) a mhéadú go dtí 32 faoin mbliain 2020 Léirítear sa tomhas 12 ionad comhpháirtíochta fostóra deonaithe sa bhliain 2016.	Níor críochnaíodh an próiseas measúnaithe don chlár seo sa bhliain 2017. Deonófar dámhachtainí sa bhliain 2018. Meastar go raibh 271 dámhachtain sa bhliain 2017. Léirítear sa tomhas 13 dámhachtain comhpháirtíochta fostóra sa bhliain 2017.
Aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna	
SPRIOC	**TOMHAS IS DÉANAÍ**
An líon ionad Springboard+ a mhéadú faoi 30% faoin mbliain 2021 sna hollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta araon. Ó bhunús 4836 ionad sa bhliain 2011/2012. Sprioc chun 4,476 ionad Springboard+ a chur ar fáil sa bhliain 2017/2018. Scileanna TFC a mhéadú trí sholáthar ionad ar chúrsaí tiontuithe scileanna TFC, mar chuid de Springboard+. 1,995 ionad a thairiscint sa bhliain 2017/2018. Ba é 1,133 an tomhas do 2015/2016 agus 1,650 sa bhliain 2016/17.	Cuireann Springboard+ 2017 6,471 ionad ar fáil ar 208 cúrsa thar an mbliain acadúil 2017/18 1040 cúrsa tiontuithe TFC tairgthe sa bhliain 2017/2018

Líon deiseanna BOO arna dtairiscint a mhéadú go 320,000 sa bhliain 2017 ó bhunús 263,276 sa bhliain 2012. An líon d'uas-sciliú laistigh den fhostaíocht, trí Skillnets+ a mhéadú chuig breis agus 43,000 sa bhliain 2017 ó bhunús de 37,293 sa bhliain 2012. Ba é 44,413 an tomhas sa bhliain 2016.	Bhí 338,427 tairbhí sa BOO ann sa bhliain 2016. Beidh an líon tairbhithe sa bhliain 2017 ar fáil i mí Aibreáin 2018. Ba é 48,900 an tomhas sa bhliain 2017.
Printíseachtaí	
SPRIOC	**TOMHAS IS DÉANAÍ**
13 Printíseacht nua a fhorbairt sa bhliain 2017. 800 clárúchán nua ar chláir nua printíseachtaí a mhealladh sa bhliain 2017. An líon clárúchán nua ar phrintíseachtaí ceirde a mhéadú go 4,147 sa bhliain 2017 ó bhunús 1430 sa bhliain 2012. 9,000 clárúchán príntíseachta bliantúil nua a dhúbailt faoin mbliain 2020) le 78 printíseacht ar leithligh ann.	Cuireadh tús le 3 phrintíseacht nua sa bhliain 2017 Ba é 82 clárúchán nua an tomhas sa bhliain 2016 agus 32 ceann sa bhliain 2017. Taifeadadh 3,742 clárúchán nua sa bhliain 2016 agus 2,200 sa bhliain 2017. Breis agus 4,500 sa bhliain 2017
Oiliúnachtaí	
SPRIOC	**TOMHAS IS DÉANAÍ**
Breis rogha a thairiscint trí 2 oiliúnacht nua a fhorbairt sa bhliain 2017, ionas go mbeidh líon iomlán 28 oiliúnacht ann. 200 clárúchán a mhealladh ar oiliúnachtaí nua/athsheolta 2,400 clárúchán ar oiliúnachtaí reatha.	Forbraíodh 4 oiliúnacht nua sa bhliain 2017, agus 30 san iomlán ann dá bharr. Léiríodh 234 clárúchán faoi lárphointe na bliana 2017. Sa bhliain 2017 bhí 2,718 clárúchán iomlán ar oiliúnachtaí nua/athsheolta (234) agus reatha (2,484).

Foghlaim fadsaoil	
SPRIOC	**TOMHAS IS DÉANAÍ**
Líon na n-iontrálaithe AO (iomlán) ag déanamh staidéir ar bhonn solúbtha a mhéadú go 22% faoin mbliain 2019 agus 25% faoin mbliain 2021. Léirítear 19% sa tomhas don bhliain 2015/2016	Léirítear 20% sa tomhas don bhliain 2016/2017.
Líon na n-iontrálaithe AO ag déanamh staidéir ar bhonn solúbtha a mhéadú faoi 25% faoin mbliain 2021	Is foghlaimeoirí solúbtha iad 20% nó 45,018 de na clárúcháin iomlána sa bhliain 2016/17.
Idirnáisiúnta	
SPRIOC	**TOMHAS IS DÉANAÍ**
Líon na mac léinn idirnáisiúnta a mhéadú go 44,000 mac léinn faoin mbliain 2020.	Léiríodh 33,018 mac léinn sa tomhas sa bhliain 2014/2015.
Earnáil na múinteoireachta Béarla a mhéadú go 132,500 mac léinn faoin mbliain 2020.	Léiríodh 106,000 mac léinn sa tomhas sa bhliain 2014/2015.
An luach aschur d'idirnáisiúnú a mhéadú go €1.15bn in aghaidh na bliana faoin mbliain 2020	B'ionann an bhonnlíne don Straitéis Idirnáisiúnta Oideachais agus €819m sa bhliain 2014/15
Mic léinn idirnáisiúnta mar 15% de líon na mac léinn iomlán lánaimseartha faoin mbliain 2020.	B'amhlaidh sa bhliain 2016/17 ar mhic léinn idirnáisiúnta iad 11.6% d'iomlán na mac léinn lánaimseartha in institiúidí ardoideachais maoinithe ag an UOA
Láidriú caidreamh le fostóirí	
SPRIOC	**TOMHAS IS DÉANAÍ**
Rátaí sástachta fostóra maidir le comhpháirtíocht idir IOA agus lucht fiontair a mhéadú faoi 25% mar atá rianaithe sa Suirbhé Náisiúnta Fostóra	Comhlachtaí <50 fostaí: Rátáil 55% acu go raibh comhpháirtíocht go maith/han-mhaith Comhlachtaí idir 51 - 250 fostaí: Rátáil 60% acu go raibh comhpháirtíocht go maith/han-mhaith Comhlachtaí >251+ fostaí: Rátáil 75% acu go raibh comhpháirtíocht go maith/han-mhaith
Rannpháirtíocht in Erasmus+ in Ardoideachas agus socrúcháin staidéir agus oibre eile thar lear	3,135 sa bhliain 2016

chun 4,400 a ghnóthú faoin mbliain 2022 i gcomhréir le Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta.	
Taighde	
SPRIOC	**TOMHAS IS DÉANAÍ**
Méadú faoi 500 clárúchán nua taighde iarchéime i ndisciplíní bainteach le fiontraíocht agus riachtanais eile náisiúnta faoin mbliain 2020.	Léirítear 2,235 sa tomhas sa bhliain 2014/2015

Príomhtháscairí dul chun cinn agus ratha le haghaidh Sprioc 5 in 2017 mar a foilsíodh sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2017 - Athbhreithniú Deireadh na Bliana

Iompar Scoile	
Ag obair le Bus Éireann, iompraíodh thart ar 114,000 páiste ar bhonn laethúil sa bhliain 2017, 10,000 páiste le riachtanais speisialta oideachais ina measc, ag cur seirbhísí iompair scoile sábháilte, éifeachtach agus cost-éifeachtach ar fáil do pháistí incháilithe.	
SPRIOC	**TOMHAS IS DÉANAÍ**
Iompar scoile sábháilte, éifeachtach agus costéifeachtach chur ar fáil ar breis agus 6,000 bealach sa bhliain 2017	Rith iompar scoile 6,400 bealach sa bhliain 2017.
Clár Tógála Scoile	
Críochnaíodh líon iomlán de 46 tionscadal ar scála mór sa bhliain 2017. I measc na dtionscadal sin bhí 35 foirgneamh scoile nua agus 11 síneadh ar scála mór. Chuir na tionscadail sin breis agus 13,200 ionad scoile sa bhreis ar fáil chomh maith le beagnach 5,600 ionad scoile athsholáthair. Cuideoidh na hionaid scoile breise a cuireadh ar fáil sa bhliain 2017 leis an riachtanas ar tugadh achoimre orthu sa phlean - Cur le Téarnamh: Infheistíocht Bhonneagair agus Chaipitil 2016-2021 a shásamh.	
SPRIOC	**TOMHAS IS DÉANAÍ**
Éileamh déimeagrafach a shásamh trí sholáthar 14,000 ionad buan bunscoile sa bhreis agus 4,000 ionad athsholáthair bunscoile sa bhliain 2017.	Cuireadh 13,834 ionad buan scoile sa bhreis (9,876 tionscadal ar scála mór, 3,958 ionad cóiríochta sa bhreis) ar fáil i mbunscoileanna sa bhliain 2017.
Éileamh déimeagrafach a shásamh trí sholáthar 4,500 ionad buan iar-bhunscoile sa bhreis agus 1,000 ionad athsholáthair iar-bhunscoile sa bhliain 2017.	Cuireadh 4,468 ionad buan iar-bhunscoile sa bhreis (3,325 tionscadal ar scála mór, 1,143 scéim cóiríochta sa bhreis agus 1,350 ionad athsholáthair) ar fáil in iar-bhunscoileanna sa bhliain 2017.
130 tionscadal sínidh/athchóirithe do bhunscoileanna a chríochnú.	Críochnaíodh 134 tionscadal sínidh/athchóirithe i mbunscoileanna sa bhliain 2017 (6 shíneadh ar scála mór, 128 tionscadal cóiríochta sa bhreis).
35 tionscadal sínidh/athchóirithe d'iar-bhunscoileanna a chríochnú.	Críochnaíodh 36 tionscadal sínidh/athchóirithe in iar-bhunscoileanna sa bhliain 2017 (5 shíneadh ar scála mór, 31 tionscadal cóiríochta sa bhreis).

29 bunscoil nua/athsholáthair a thógáil. 6 iar-bhunscoil nua/athsholáthair a thógáil.	Críochnaíodh 29 bunscoil nua/athsholáthair sa bhliain 2017. Críochnaíodh 6 iar-bhunscoil nua/athsholáthair sa bhliain 2017.
Cuireadh seirbhísí párolla agus pinsean ar fáil do mhúinteoirí agus baill foirne scoile i ngach scoil (seachas an earnáil BOO), ag dáileadh íocaíochtaí le 109,000 duine gach coicís i rith na bliana 2017.	
Pátrúnacht	
Bunaíodh 7 scoil nua sa bhliain 2017, 3 bhunscoil nua il-sainchreidmheacha agus ceithre iar-bhunscoil nua. D'fhógair scoil amháin go deonach go raibh sí á haistriú lena hathoscailt í faoi phátrúnacht an BOO mar phobalscoil náisiúnta ó mhí Mheán Fómhair 2017.	

Aguisín B – Cairt na hEagraíochta – Nollaig 2017



Aguisín C - Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne

Comhlachtaí Neamhthráchtála faoina Coimirce

- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
- An Foras Taighde ar Oideachas
- An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CMCM)
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit
- An Chomhairle Mhúinteoireachta
- An Coimisiún um Mí-úsáid Leanaí a Fhiosrú (CICA)
- An Bord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe (RIRB)
- An Coiste um Athbhreithniú ar Institiúidí Cónaithe (RIRC)
- Baill Chiste Reachtúil na nInstitiúidí Cónaithe (RISF) Caranua
- An Chomhairle Náisiúnta d'Oideachas Speisialta (NCSE)
- Comhairle Taighde na hÉireann
- An tÚdarás um Ardoideachas
- Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)
- Léargas - An Biúró Malartuithe
- Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin
- An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS)
- Skillnets Ltd

Gheofar tuilleadh faisnéise ar ár ngníomhaireachtaí lena n-áirítear sonraí teagmhála agus sonraí broid ar ár suíomh gréasáin https://www.education.ie/ga/ tríd an nasc seo a leanas: Gníomhaireachtaí

Aguisín D - Naisc Dhíreacha chuig ár Suíomh Gréasáin https://www.education.ie/ga/

Faisnéis Staidrimh	https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Staitisticí/Staitisticí.html
Tuairiscí ón gCigireacht	https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuairiscí-Cigireachta-Foilseacháin/
Reachtaíocht Oideachais	https://www.education.ie/ga/An-Córas-Oideachais/Reachtaíocht/Reachtaíocht-Oideachais.html
Gach Foilseachán	https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuairiscí-Cigireachta-Foilseacháin/
Ciorcláin agus Foirmeacha	https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/
Oideachas Speisialta	https://www.education.ie/ga/An-Córas-Oideachais/Oideachas-Speisialta/
Dearadh Scoileanna	http://www.education.ie/en/School-Design/
Preas agus Imeachtaí	https://www.education.ie/ga/Preas-agus-Imeachtaí/
Seirbhísí agus Faisnéis do Thuismitheoirí	https://www.education.ie/ga/Tuismitheoirí/
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais Nasc chuig	NEPS Link
Seirbhísí agus Oideachas d'Fhoireann Oideachais	https://www.education.ie/ga/Foireann-Oideachais/
Seirbhísí agus Faisnéis d'Fhoghlaimeoirí	https://www.education.ie/ga/Foghlaimeoirí/